

DRÉACHT-TOGRAÍ ÓN GCOMHDHÁIL AR THODHCHAÍ NA HEORPA



1. <a href="#">‘An t-athrú aeráide agus an comhshaol’</a> .....	2
2. <a href="#">‘Sláinte’</a> .....	7
3. <a href="#">‘Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist’</a> .....	11
4. <a href="#">‘AE sa domhan’</a> .....	19
5. <a href="#">‘Luachanna agus cearta, an smacht reachta, an tslándáil’</a> .....	26
6. <a href="#">‘Claochlú Digiteach’</a> .....	31
7. <a href="#">‘Daonlathas Eorpach’</a> .....	37
8. <a href="#">‘Imirce’</a> .....	44
9. <a href="#">‘Oideachas, cultúr, an óige agus spórt’</a> .....	47

## ‘An t-athrú aeráide agus an comhshaol’

### 1. Togra: talmhaíocht, táirgeadh bia, bithéagsúlacht agus éiceachórais, truailliú

**CUSPÓIR: Táirgeadh bia atá sábháilte, inbhuanaithe, cóir, freagrach ó thaobh na haeráide de, agus ar phraghas réasúnta, agus urraim á tabhairt do phrionsabail na hinbhuanaitheachta, don chomhshaol, do chosaint na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras, agus slándáil bia á háirithiú:**

Bearta:

1. Coincheap an gheilleagair ghlais agus ghoirm a thabhairt chun tosaigh, trí thalmhaíocht agus iascach éifeachtach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus don aeráid a chur chun cinn san Aontas agus ar fud an domhain, lena n-áirítear an fheirmeoireacht orgánach chomh maith le cineálacha eile feirmeoireachta nuálaí agus inbhuanaithe, amhail feirmeoireacht ingearach, lena bhféadfar níos mó bia a tháirgeadh a bhfuil níos lú ionchuir ag baint leis agus astaíochtaí agus tionchar ar an gcomhshaol á laghdú agus ag an am céanna go mbeidh táirgiúlacht agus slándáil bia á ráthú fós (Painéal 3 – moladh 1, 2 agus 10; Painéal 2 - moladh 4)
2. Fóirdheontais a atreorú agus dreasachtaí a neartú i dtreo na feirmeoireachta orgánaí agus na talmhaíochta inbhuanaithe a chomhlíonann caighdeáin shoiléire chomhshaoil agus a chabhraíonn le spriocanna domhanda aeráide a bhaint amach (Painéal 3 – Moltaí 1, 12)
3. Prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chur i bhfeidhm sa talmhaíocht agus bearta i gcoinne cur amú bia a chur chun cinn (Díospóireacht Mheithle, Ardán Digiteach Ilteangach)
4. Laghdú suntasach a dhéanamh ar úsáid lotnaidicídí agus leasachán ceimiceach, i gcomhréir leis na spriocanna atá ann cheana, agus slándáil bia á háirithiú ag an am céanna, agus tacaíocht do thaighde chun roghanna malartacha atá níos inbhuanaithe agus níos nádúrtha a fhorbairt (Painéal 3 - Moladh 10, Díospóireacht Mheithle)
5. Deimhniú d’aistrithe carbóin a thabhairt isteach, bunaithe ar chuntasaíocht láidir, sholadach agus thrédhearcach charbóin (Plé Iomlánach)
6. Tuilleadh taighde agus nuálaíochtaí, lena n-áirítear réitigh theicneolaíocha don táirgeadh inbhuanaithe, do fhritsheasmhacht plandaí agus don fheirmeoireacht bheacht, agus tuilleadh cumarsáide, córas comhairleach, agus tuilleadh oiliúna d’fheirmeoirí (Painéal 3-10, Moladh 10, Díospóireacht Mheithle, Plé Iomlánach)
7. Deireadh a chur le dumpáil shóisialta agus feabhas a chur ar aistriú cóir agus glas chuig poist níos fearr, lena mbaineann sábháilteacht, sláinte agus dálaí oibre ar ardchaighdeán, in earnáil na talmhaíochta (Díospóireacht Mheithle)
8. Aghaidh a thabhairt ar ghnéithe amhail úsáid phlaistigh i scannáin talmhaíochta agus ar bhealaí chun tomhaltas uisce sa talmhaíocht a laghdú (MDP (Ardán Digiteach Ilteangach))
9. Pórú réasúnaithe agus táirgeadh feola ag díriú ar leas agus inbhuanaitheacht ainmhithe, ag baint úsáid as bearta amhail lipéadú soiléir, caighdeáin arda agus noirm choiteanna d’fheirmeoireacht agus iompar ainmhithe, ag neartú an naisc idir pórú agus beathú (Painéal 3 - moladh 16 agus 30)

## 2. Togra: talmhaíocht, táirgeadh bia, bithéagsúlacht agus éiceachórais, truailliú

**CUSPÓIR: Bithéagsúlacht, an tírdhreach agus na haigéin a chosaint agus a athbhunú, agus truailliú a dhíothú**

Bearta:

1. Limistéir faoi chosaint a chruthú, a athbhunú, a bhainistiú níos fearr agus síneadh a chur leo – chun an bithéagsúlacht a chaomhnú (Moladh FR, Painéal 3 - moladh 11)
2. Córas comhéignithe agus luaíochta a bheith i bhfeidhm acu chun dul i ngleic le truailliú agus an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as á chur i bhfeidhm, ar cheart é a leabú i mbearta cánachais, mar aon le feacht agus dreasachtaí a mhéadú (Painéal 3 - moladh 32, moladh FR, Plé Iomlánach)
3. Feabhas a chur ar ról na mbardas i bpleanáil uirbeach agus i dtógáil foirgneamh nua a thacaíonn le bonneagar gormghlas, chun séalú talún agus spásanna glasa éigeantacha i dtógáil nua a sheachaint agus a stopadh, chun bithéagsúlacht agus foraoisí uirbeacha a chur chun cinn (Painéal 3 - moladh 5, Painéal 1 - moladh 18, moladh FR)
4. Feithidí a chosaint, go háirithe feithidí dúchasacha agus feithidí pailnitheacha, lena n-áirítear trí chosaint ar speicis ionracha agus tríd an rialáil atá ann cheana a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr (Painéal 1 - moladh 18)
5. Tacú le hathfhoraoisí agus le foraoisí, lena n-áirítear foraoisí a chailtear le tine, forfheidhmiú bainistithe fhreagraigh foraoise agus tacú le húsáid níos fearr a bhaint as adhmaid a chuirtear in ionad ábhair eile. Spriocanna náisiúnta ceangailteacha a leagan síos ar fud Bhallstáit AE maidir le crainn dhúchasacha agus flora áitiúla a athfhoraoisí, agus cásanna agus sainiúlachtaí náisiúnta éagsúla á gcur san áireamh (Painéal 3 – moladh 14, Painéal 1 – moladh 18)
6. An cosc ar phlaisteach aon úsáide a fhorfheidhmiú agus a leathnú (MDP)
7. Foinsí uisce a chosaint agus truailliú abhann agus aigéin a chomhrac, lena n-áirítear trí thaighde a dhéanamh ar thruailliú micreaphlaistigh agus comhrac a dhéanamh ina choinne, agus loingseoireacht atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn trí leas a bhaint as na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil agus trí thaighde agus cistiú ón Aontas a bhunú le haghaidh breoslaí agus teicneolaíochtaí muirí malartacha (Ardán Digiteach Ilteangach, Díospóireacht Mheithle)
8. Teorainn a chur le truailliú solais (Díospóireacht Mheithle)

## 3. Togra: an t-athrú aeráide, fuinneamh, iompar

**CUSPÓIR: Slándáil fuinnimh na hEorpa a fheabhsú, agus neamhspleáchas fuinnimh an Aontais a bhaint amach agus, ag an am céanna, aistriú cothrom a áirithiú, agus fuinneamh leordhóthanach, inacmhainne, inbhuanaithe a chur ar fáil do mhuintir na hEorpa. Dul i ngleic leis an athrú aeráide, agus ról á imirt ag an Aontas ar an leibhéal domhanda maidir le beartas fuinnimh inbhuanaithe, agus na spriocanna domhanda maidir leis an aeráid á n-urramú aige:**

Bearta:

1. An t-aistriú glas a bhaint amach agus, nuair is féidir, dlús a chur leis, go háirithe trí níos mó infheistíochtaí a dhéanamh san fhuinneamh in-athnuaite, d'fhonn spleáchas ar fhuinneamh seachtrach a laghdú, agus ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach san aistriú glas á aithint freisin (Díospóireacht Mheithle)
2. Na himpleachtaí geopholaitiúla agus slándála, lena n-áirítear cearta an duine, gné éiceolaíoch agus an dea-rialachas agus an smacht reachta, atá ag soláthróirí fuinnimh tríú tíortha uile a mheas sna beartais fuinnimh (Díospóireacht Mheithle)
3. Spleáchas ar allmhairí ola agus gáis a laghdú trí thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh, tacaíocht d'iompar poiblí ar phraghas réasúnta, gréasán iarnróid agus lasta ardluais, soláthar fuinnimh ghlain agus inathnuaite a mhéadú (Painéal 4 – moladh 2, Painéal 1 – moladh 10, moltaí FR, DE)
4. Feabhas a chur ar cháilíocht agus ar idirnasacht, cothabháil a áirithiú, agus an bonneagar leictreach agus na heangacha leictreacha a chlaochlú d'fhonn feabhas a chur ar an tsábháilteacht agus chun an t-aistriú chuig foinsí fuinnimh in-athnuaite a chumasú (Painéal 1 – moladh 10, (Díospóireacht Mheithle)
5. Infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh, amhail úsáid éifeachtúil hidrigine glaise, go háirithe in earnálacha atá deacair a leictriú (Painéal 3- moladh 31, Díospóireacht Mheithle)
6. Infheistíocht a dhéanamh i dtaiscéaladh foinsí nua fuinnimh agus stórála atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus, go dtí go dtiocfar ar réiteach inláimhsithe, infheistíocht bhreise a dhéanamh sna réitigh is fearr is féidir faoi láthair maidir le fuinneamh a tháirgeadh agus a stóráil (Painéal 3 - moltaí 9 agus 31)
7. Scagairí CO<sub>2</sub> a dhéanamh éigeantach do ghléasraí cumhachta breoslaí iontaise, agus cúnamh airgeadais a chur ar fáil do Bhallstáit nach bhfuil acmhainní airgeadais acu chun scagairí CO<sub>2</sub> a chur chun feidhme.(Painéal 3 – moladh 29)
8. Aistriú cothrom a áirithiú, lena dtugtar cosaint d'oibrithe agus do phoist, trí mhaoiniú leormhaith don aistriú agus do thuilleadh taighde, trí athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras cánach le cánachas níos cothroime agus bearta frithchánach calaoise, agus trí chur chuige rialachais chuimsithigh a áirithiú i gceapadh beartais ar gach leibhéal (e.g. bearta uailmhianacha chun sciliú/uas-sciliú, cosaint shóisialta láidir chun an tseirbhís phoiblí a choinneáil i lámha an phobail, rialacha sláinte agus sábháilteachta ceirde a chosaint) (Plé Iomlánach, Díospóireacht Mheithle, Ardán Digiteach Ilteangach)
9. Pacáiste infheistíochta a thabhairt isteach le haghaidh teicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí atá neamhdhíobhálach don aeráid, ar cheart é a mhaoiniú trí tharaifí allmhairiúcháin a bhaineann leis an aeráid agus trí thobhaigh ar choigeartú carbóin a bhaineann leis an aeráid (moladh DE)
10. Tar éis idirthréimhse, níor cheart breoslaí iontaise a fhóirdheonú a thuilleadh agus níor cheart aon mhaoiniú a bheith ann don bhonneagar gáis traidisiúnta (Díospóireacht Mheithle)
11. Ceannaireacht an Aontais a mhéadú agus ról agus freagracht níos láidre a ghlacadh chun gníomhaíocht uailmhianach ar son na haeráide a chur chun cinn, aistriú cóir, agus tacaíocht chun aghaidh a thabhairt ar an gcaillteanas agus ar an damáiste, sa chreat idirnáisiúnta leis na Náisiúin Aontaithe sa chroílár (moladh NL, Díospóireacht Mheithle)

#### 4. Togra: an t-athrú aeráide, fuinneamh, iompar

**CUSPÓIR: Bonneagar d'ardchaighdeán, nua-aimseartha, glas agus sábháilte a chur ar fáil, nascacht a áirithiú, lena n-áirítear réigiúin tuaithe agus oileánacha, go háirithe trí iompar poiblí inacmhainne:**

Bearta:

1. Tacú le hiompar poiblí agus gréasán iompair phoiblí Eorpach a fhorbairt, go háirithe i réigiúin tuaithe agus oileánacha, atá éifeachtúil, iontaofa agus inacmhainne, le dreasachtaí breise d'úsáid iompair phoiblí (Painéal 3 - moladh 36, Painéal 4 - moladh 2)
2. Infheistíocht a dhéanamh i dtraenacha ardluais agus i dtraenacha oíche, agus caighdeán aonair teicneolaíochta atá neamhdhíobhálach d'iarnród a shocrú san Eoraip, chun rogha inchreidte a chur ar fáil agus chun an deis a éascú eitiltí gearra a ionadú agus a dhíspreagadh (Díospóireacht Mheithle, Ardán Digiteach Ilteangach)
3. Ceannach feithiclí leictreacha a chur chun cinn, agus aird á tabhairt ar inacmhainneacht do theaghlaigh, agus úsáid (roinnte) feithiclí leictreacha a chomhlíonann dea-chaighdeán saoil na gcadhraí a chur chun cinn, chomh maith le hinfeistíochtaí sa bhonneagar athluchtaithe is gá, agus infheistíochtaí i bhforbairt teicneolaíochtaí neamhthruaillithe eile a chur chun cinn do na feithiclí sin ar deacair leictreú a bhaint amach ina leith (Painéal 3 - moladh 38).
4. Nascacht idirlín ardluais agus líonra mhóibíligh a fhorbairt i réigiúin tuaithe agus oileáin (Painéal 3 - moladh 36)
5. Bonneagar iompair atá ann cheana a fheabhsú ó thaobh na héiceolaíochta de (Painéal 3 - moladh 37)
6. Cláir forbartha uirbí do chathracha 'níos glaise' a éileamh, agus criosanna tiomanta saor ó charranna i gcathracha, gan dochar a dhéanamh do limistéir thráchtála. (Painéal 3 - moladh 6)
7. Bonneagar don rothaíocht a fheabhsú, agus breis ceart agus cosaint dlí fheabhsaithe a thabhairt do rothaithe agus do choisithe lena n-áirítear i gcás tionóiscí le mótarfeithiclí, sábháilteacht ar bhóithre a ráthú agus oiliúint a chur ar fáil maidir le rialacha maidir le trácht ar bhóithre (Painéal 3 - moladh 4).
8. Rialáil a dhéanamh ar mhianadóireacht criptea-airgeadra, atá ag baint úsáide as méid ollmhór leictreachais (MDP)

#### 5. Togra: tomhaltas inbhuanaithe, pacáistíocht agus táirgeadh

**CUSPÓIR: Úsáid agus bainistiú ábhar a fheabhsú laistigh den Aontas chun a bheith níos ciorcláí, níos uathrialaithe agus níos neamhspleáiche. Geilleagar ciorclach a thógáil trí tháirgí agus táirgeadh inbhuanaithe AE a chur chun cinn. A chinntiú go gcomhlíonann gach táirge a chuirtear ar mhargadh AE comhchaighdeán chomhshaoil AE:**

Bearta:

1. Caighdeán táirgthe níos déine agus comhchuibhithe laistigh de AE agus córas lipéadaithe trédhearcach do gach táirge a dhíoltar ar mhargadh AE maidir lena n-inbhuanaitheacht/a lorg comhshaoil, chomh maith le fad saoil, trí úsáid a bhaint as cód QR agus éicea-scór, nó an Pas Digiteach Táirgí (Painéal 3 - moltaí 8, 13, 20, 21, Painéal 1 - moladh 16, Painéal 4 - moladh 13)

2. Athbhreithniú a dhéanamh ar shlabhraí soláthair domhanda, lena n-áirítear i dtáirgeadh talmhaíochta, chun spleáchas an Aontais a laghdú agus na slabhraí a ghiorrú (MDP)
3. Dramhaíl a sheachaint tuilleadh trí spriocanna maidir le cosc agus athúsáid a leagan síos agus trí chaighdeáin cháilíochta a leagan síos do chórais sórtála dramhaíola (Díospóireacht Mheithle, moladh FR)
4. Deireadh a chur le cineál neamh-inbhuanaithe na pacáistíochta de réir a chéile, pacáistiú atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de a rialú, agus ábhar i bpacáistiú a sheachaint, trí dhreasachtaí agus pionóis airgeadais, agus infheistiú i dtaighde ar roghanna malartacha (Painéal 3 – moltaí 15, 25, Painéal 1 – moladh 12, P4 – moladh 16)
5. Scéim leathan aisíoca éarlaise uile-Aontais maidir le pacáistiú a thabhairt isteach chomh maith le hardchaighdeáin do choimeádáin (Painéal 3 – moltaí 22, 23, Ardán Digiteach Ilteangach)
6. Ardán eolais AE a sheoladh maidir le conas úsáid fhadtéarmach inbhuanaithe a áirithiú agus conas táirgí “deisiúcháin” a dheisiú, lena n-áirítear an fhaisnéis atá ar fáil ó chomhlachais tomhaltóirí (Painéal 3 – Moladh 20)
7. Bearta a thabhairt isteach chun dul i ngleic le dífheidhmeacht luath, nó réamhaibí (lena n-áirítear pleanáilte), barántaí níos faide a áirithiú, ceart chun deisiúchán a chur chun cinn, agus infhaighteacht agus inrochtaineacht ar pháirteanna spártha comhoiriúnacha a áirithiú (Painéal 3 – moladh 20, moltaí FR agus DE, Painéal 1 – moladh 14)
8. Margadh amhábhbar tánaisteach a bhunú, trí riachtanais a bhreithniú freisin do chéatadáin d’ábhar athchúrsáilte agus níos lú úsáide a spreagadh i ndáil le príomhábhair (plé Meithle)
9. Straitéis Teicstíil Inbhuanaithe AE a chur chun feidhme go mear agus sásra a chur ar bun a chinnteoidh gur féidir le tomhaltóirí a bheith ar an eolas faoi na critéir inbhuanaithe (Painéal 3 – moladh 28, Díospóireacht Mheithle)
10. Bearta AE a dhéanamh a chuireann ar chumas tomhaltóirí agus a spreagann tomhaltóirí úsáid níos faide a bhaint as táirgí (Painéal 3 - moladh 20)
11. Caighdeáin chomhshaoil a mhéadú, agus comhlíonadh a fhorfheidhmiú, a bhaineann le honnmhairiú dramhaíola laistigh den Aontas agus chuig tríú tíortha araon (Painéal 4 – moladh 15, Ardán Digiteach Ilteangach)
12. Bearta a thabhairt isteach chun teorainn a chur le fógraíocht táirgí a dhéanann damáiste don chomhshaol, agus séanadh éigeantach a thabhairt isteach maidir le táirgí atá an-díobhálach don chomhshaol (Painéal 3 – moladh 22)
13. Caighdeáin mhonaraíochta níos déine agus dálaí oibre cothroma ar fud an tslabhra táirgthe ar fad (Painéal 3-moladh 21)

## [6. Togra: faisnéis, feasacht, comhphlé agus stíl mhaireachtála](#)

**CUSPÓIR: Eolas, feasacht, oideachas agus idirphlé maidir leis an gcomhshaol, an t-athrú aeráide, úsáid fuinnimh agus inbhuanaitheacht a chothú:**

Bearta:

1. Ardán faisnéise idirghníomhach a sheiceáiltear le fíricí a chruthú, ina bhfuil faisnéis eolaíoch a nuashonraítear go rialta agus atá éagsúil ó thaobh an chomhshaoil de (Painéal 3 - moladh 33)

2. Tacú le feachtais faisnéise faoin éicifeasacht, lena n-áirítear feachtas fadtéarmach AE do thomhaltas inbhuanaithe agus do stíl mhaireachtála inbhuanaithe. (moltaí DE, NL, FR, Painéal 3 – moladh 7)
3. Idirphlé agus comhairliúcháin idir gach leibhéal cinnteoireachta a chur chun cinn agus a éascú, go háirithe leis an óige agus ar an leibhéal áitiúil (moltaí DE, NL, FR, Painéal 3 - moltaí 27, 35, Plé Iomlánach)
4. Forbairt chairt coitinne Eorpaí ag an Aontas Eorpach, le cúnamh ó na Ballstáit, lena ndírítear ar shaincheisteanna comhshaoil agus lena gcothaítear feasacht chomhshaoil i measc na saoránach uile (Painéal 7 - moladh 7).
5. Cúrsaí oideachais agus ábhair teagaisc a sholáthar do chách, chun litearthacht aeráide agus inbhuanaitheachta a mhéadú agus chun foghlaim ar feadh an tsaoil a chumasú maidir le hábhair chomhshaoil (Painéal 1 - moltaí 15, 35, Painéal 3 - moladh 24, Díospóireacht Mheithle)
6. Táirgeadh bia agus cosaint na bithéagsúlachta a chur san áireamh mar chuid den oideachas, lena n-áirítear an buntáiste a bhaineann le bia neamhphróiseáilte próiseáilte thar bhia próiseáilte, agus gairdíní scoile a chur chun cinn, tionscadail gharraíodóireachta uirbeacha agus feirmeoireacht ingearach a fhóirdheonú. Breithniú a dhéanamh maidir leis mbithéagsúlacht a chur ina hábhar éigeantach i scoileanna agus feasacht a mhúscailt maidir leis an mbithéagsúlacht trí úsáid a bhaint as feachtais meán agus as ‘comórtais’ dhreasaithe ar fud AE (comórtais áitiúla ar scála an phobail) (Painéal 3 – moladh 18, Painéal 1 - moladh 18)
7. Ról agus gníomhaíocht an Aontais i réimse an chomhshaoil agus an oideachais a neartú, trí inniúlacht AE i réimse an oideachais i réimse an athraithe aeráide agus an chomhshaoil a leathnú agus trí chinnteoireacht trí thromlach cáilithe a leathnú maidir le hábhair a shainiú mar ‘leas Eorpach’, amhail an comhshaoil (moltaí NL, FR)
8. Aiste bia atá bunaithe ar phlandaí a chur chun cinn ar mhaithe le cosaint aeráide agus caomhnú an chomhshaoil (MDP)

## ‘Sláinte’

### 7. [TOGRA 1 – Bia sláintiúil agus stíl mhaireachtála shláintiúil<sup>1</sup>](#)

**CUSPÓIR: A chinntiú go bhfuil rochtain ag gach Eorpach ar oideachas faoi bhia sláintiúil agus inacmhainne, mar bhunchloch faoi stíl mhaireachtála shláintiúil, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

Bearta:

1. Íoschaighdeáin maidir le cáilíocht bia a leagan síos, agus freisin maidir le hinrianaitheacht bia, lena n-áirítear trí úsáid antaibheathach agus drugaí ainmhithe eile a theorannú don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun sláinte agus folláine ainmhithe a chosaint seachas iad a úsáid ar bhealach coiscitheach, agus trína chinntiú go ndéantar rialuithe níos doichte ina leith sin [#23, #17]
2. Oideachas a chur ar dhaoine faoi nósanna sláintiúla ó aois an-óg, agus iad a spreagadh chun roghanna sláintiúla a dhéanamh, trí chánachas a ghearradh ar bhia próiseáilte neamhshláintiúil agus trí fhaisnéis ar airíonna sláinte bia a chur ar fáil go héasca; chun na críche sin, córas meastóireachta uile-Eorpach a bhunú le haghaidh bia próiseáilte, a bheidh bunaithe ar shaineolas neamhspleách eolaíoch agus ar lipéad lena gcumhdaítear úsáid substaintí hormónacha agus suaiteoirí inchríneacha i dtáirgeadh bia. I dtaca leis sin, faireachán agus forghníomhú na rialacha atá ann cheana a threisiú agus smaoineamh ar iad a neartú. [#18, #19, MO]
3. Idirphlé a spreagadh le gníomhaithe an tslabhra bia ó tháirgeadh go díolacháin i ndáil le freagracht shóisialta chorparáideach maidir le bia folláin.[#19, Meitheal]
4. Tacú ag leibhéal an AE le bia sláintiúil, éagsúil agus inacmhainne a sholáthar i bhforais a fhreastalaíonn ar an bpobal, amhail ceaintíní scoile, ospidéal, nó tithe altranais, lena n-áirítear trí mhaoiniú tiomnaithe. [#3, seisiún iomlánach, Meitheal]
5. Infheistiú i dtaighde ar an tionchar a bhíonn ag úsáid antaibheathach agus ar éifeachtaí substaintí hormónacha agus suaiteoirí inchríneacha ar shláinte an duine [#17, #18]

### 8. [Togra – An córas cúraim sláinte a threisiú<sup>3</sup>](#)

**CUSPÓIR: Athléimneacht agus cáilíocht ár gcóras cúraim sláinte a threisiú, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

Bearta:

1. Spás sonraí sláinte Eorpach a chruthú, lena n-éascófaí malartú sonraí sláinte; d’fhéadfaí taifid leighis aonair a chur ar fáil – ar bhonn deonach – trí phas sláinte leictreonach aonair de chuid an AE, i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí. [#41, Meitheal]
2. Dálaí leordhóthanacha oibre, go háirithe trí chómhargáil láidir, lena n-áirítear i dtéarmaí pá agus socruithe oibre, agus comhchuibhiú na gcaighdeán oiliúna agus deimhniú do ghairmithe sláinte; Ba cheart cláir líonraithe agus mhalartaithe a fhorbairt mar Erasmus do scoileanna leighis, ag cur go háirithe le forbairt scileanna. Chun daoine éirimiúla a choinneáil san Eoraip agus chun cur ar

<sup>1</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: #3, #17, #18, #19

<sup>2</sup> # = Moladh de chuid Painéal Saoránach Eorpach

<sup>3</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: #39, #40, #41, #42, #43, #49, NL1, NL2, #51



chumas gairmithe óga a gcuid eolais a leathnú agus taithí oibre a fháil, ní mór cláir mhalartaithe an Aontais a bhunú chun a áirithiú nach meallfar na n-intinní eolaíochta is fearr atá againn chuig tríú tíortha. [#39, MO]

3. Uathriail straitéiseach a áirithiú ar leibhéal an Aontais agus spleáchas ar thríú tíortha NL2<sup>4</sup> maidir le cógais (go háirithe maidir le comhábhair ghníomhacha) agus le feistí leighis (lena n-áirítear amhábhair) a sheachaint; Go háirithe, ba cheart liosta riachtanach agus tosaíochta a bhunú, ach ba cheart freisin cógais agus cóireálacha nuálacha (amhail réitigh bhiteicneolaíochta) a bhunú ar leibhéal an Aontais agus iad ag brath ar ghníomhaireachtaí Eorpacha agus ar HERA atá ann cheana, chun a áirithiú go mbeidh fáil ag saoránaigh orthu. Breithniú ar stoc-charnadh straitéiseach comhordaithe a eagrú ar fud an Aontais. D'fhonn an ghníomhaíocht chomhordaithe, fhadtéarmach is gá a dhéanamh ar leibhéal an Aontais, áirítear sláinte agus cúram sláinte i measc na n-inniúlachtaí comhroinnte idir AE agus Ballstáit AE trí Airteagal 4 CFAE a leasú. [#40, #49, Seisiún Iomlánach, MO]
4. Na cláir taighde agus nuálaíochta sláinte atá ann cheana a fhorbairt tuilleadh, a chomhordú agus a chistiú gan an bonn a bhaint de chláir eile a bhaineann leis an tsláinte, lena n-áirítear do Líonraí Tagartha Eorpacha ós rud é gurb iad na cláir sin is bonn le líonraí cúraim leighis a fhorbairt le haghaidh cóireálacha an-speisialaithe agus casta. [#42, #43, Meitheal]
5. Infheistiú sna córais sláinte, go háirithe phoiblí agus neamhbhrabúis, sa bhonneagar agus sa tsláinte dhigiteach agus a áirithiú go n-urramóidh soláthraithe cúraim sláinte prionsabail na hinrochtaineachta iomláine, an inacmhainneachta agus cáilíocht na seirbhísí, agus ar an gcaoi sin a áirithiú nach ndéanann oibreoirí sláinte atá dírithe ar bhrabús agus ar beag a n-aird ar an leas ginearálta, nó nach dtugann aird ar bith air, na hacmhainní a ídiú. [#51, Meitheal]
6. Moltaí láidre a eisiúint do na Ballstáit chun infheistiúocht a dhéanamh i gcórais sláinte atá éifeachtach, inrochtana, inacmhainne, atá ar ardchaighdeán agus athléimneach, go háirithe i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Léiríonn tionchar an chogaidh san Úcráin ar an tsláinte phoiblí gur gá córais sláinte athléimneacha agus sásraí dlúthpháirtíochta a fhorbairt tuilleadh. [#51, Meitheal]

## 9. [Togra – Tuiscint níos leithne ar an tSláinte](#)<sup>5</sup>

**CUSPÓIR:** Cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh i leith na sláinte, lena dtugtar aghaidh, sa bhreis ar ghalair agus leighis, ar litearthacht agus ar chosc sláinte, agus lena gcothaítear comhthuiscint ar na dúshláin atá os comhair daoine atá tinn nó atá faoi mhíchumas, i gcomhréir leis an gcur chuige 'Aon Sláinte Amháin', ar cheart béim a leagan air mar bhunphrionsabal cothrománach lena gcuimsítear beartais uile AE.

Bearta:

1. Feabhas a chur ar an tuiscint ar shaincheisteanna meabhairshláinte agus ar bhealaí chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear ón luath-óige agus luathdhiagnóisic, ag cur le dea-chleachtais a forbraíodh ar fud an Aontais, ar cheart go mbeadh rochtain éasca orthu tríd an Tairseach Dea-Chleachtais Sláinte Poiblí. Chun feasacht a mhúscailt, ba cheart d'institiúidí an Aontais agus do gheallsealbhóirí ábhartha dea-chleachtais a eagrú chun dea-chleachtais a mhalartú agus cabhrú

<sup>4</sup> Moladh ón bPainéal Saoránach Náisiúnta

<sup>5</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: #44, #45, #46, #47, #50

lena gcomhaltaí iad a scaipeadh ina dtoghcheantair féin. Ba cheart Plean Gníomhaíochta AE maidir leis an meabhairshláinte a fhorbairt, lena gcuirfí Straitéis Mheabhairshláinte fhadtéarmach ar fáil, lena n-áirítear maidir le taighde agus dul i ngleic leis an tsaincheist maidir le daoine gairmiúla a bheith ar fáil, lena n-áirítear do mhionaoisigh agus maidir le Bliain Eorpach na Meabhairshláinte tiomnaithe a bhunú go luath amach anseo. [#44, #47, Meitheal]

2. Clár caighdeánach oideachais a fhorbairt ar leibhéal an Aontais maidir le stíleanna maireachtála sláintiúla, lena gcumhdófar oideachas gnéasach freisin. Ba cheart go gcuimseodh sé freisin gníomhaíochtaí lena ndírítear ar stíl mhaireachtála shláintiúil agus ar chosaint an chomhshaoil araon agus conas is féidir leo cuid mhór galar a chosc, amhail rothaíocht mar mheán sláintiúil don tsoghluaisteacht laethúil. Bheadh sé ar fáil saor in aisce do na Ballstáit agus do scoileanna lena úsáid ina gcuraclaim, de réir mar is iomchuí. Dhíreofaí leis an gclár sin ar steiréitíopaí maidir leo siúd atá tinn nó atá faoi mhíchumas a chomhrac. [#46, Meitheal]
3. Cúrsaí garchabhrach a fhorbairt – lena n-áirítear cuid phraiticiúil – cúrsaí a chuirfí ar fáil saor in aisce do gach saoránach, agus breithniú ar chúrsaí a reáchtáil go rialta mar ghnáthchleachtas do mhic léinn agus in ionaid oibre. Ba cheart freisin go mbeadh líon íosta dífhibrileoirí ar fáil in áiteanna poiblí i ngach Ballstát
4. Tionscnamh na seachtaine sláinte a leathnú, a bheadh ar siúl ar fud an Aontais ar fad sa tseachtain chéanna, tráth a ndéanfaí na saincheisteanna sláinte uile a chlúdach agus a phlé. Smaoinigh freisin ar thionscnaimh na bliana sláinte, ag tosú leis an mbliain ar mheabhairshláinte. [#44, Meitheal]
5. Aitheantas a thabhairt, mar ghnáthchóireáil leighis i dtéarmaí cánachais, do na táirgí frithghiniúna hormónaí a úsáidtear ar chúiseanna leighis, amhail i gcás fibrimíailge agus inmheatróis, agus freisin do tháirgí sláintiúchá do mhná. Rochtain ar chóireálacha atáirgthe a chinntiú do gach duine atá ag fulaingt fadhbanna torthúlachta. [#45, Meitheal]

## 10. [TOGRA 4 – Rochtain chomhionann ar shláinte do chách](#)<sup>6</sup>

**CUSPÓIR: ‘Ceart chun sláinte’ a bhunú trína ráthú go mbeidh rochtain chomhionann agus uilíoch ag gach Eorpach ar chúram sláinte inacmhainne, coisctheach, leigheasach agus ar ardchaighdeán**

Bearta:

1. Caighdeáin íosta chomhchoiteanna cúraim sláinte a bhunú ar leibhéal AE, lena gcumhdófar freisin cosc agus inrochtaineacht cúraim chomh maith le gaireacht chúraim, agus tacaíocht a chur ar fáil chun na caighdeáin sin a bhaint amach. [#39, Meitheal]
2. Agus é á aithint gur gá aird iomlán a thabhairt ar phrionsabal na coimhdeachta agus ar an ról lárnach atá ag gníomhaithe áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta i gcúrsaí sláinte, a áirithiú go bhfuil cumas ann gníomhú ar leibhéal an Aontais nuair is fearr a thugtar aghaidh ar an gceart chun sláinte ansin. Cinnteoireacht níos tapa agus níos láidre a cheadú maidir le príomhábhair agus feabhas a chur ar éifeachtacht an rialachais Eorpaigh i dtreo fhorbairt Aontas Sláinte na hEorpa (amhail, mar shampla, i gcás paidéime nó le haghaidh galair neamhchoitianta). [#49, FRwish11, NL3, Ardán Digiteach]
3. Feabhas a chur ar Aontas Sláinte na hEorpa agus leas á bhaint as acmhainneacht iomlán an chreata reatha agus sláinte agus cúram sláinte a chur san áireamh i measc na n-inniúlachtaí

<sup>6</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: #39, #40, #45, #48, #49, #50, #51, FRchange8, FRwish11, NL2, NL3

comhroinnte idir AE agus Ballstáit AE trí Airteagal 4 CFAE a leasú. [#49, FRwish11, Ardán Digiteach, Meitheal]<sup>7</sup>

4. A chinntiú gur féidir le gach duine rochtain a fháil ar chóireálacha atá ann cheana, is cuma cá mbíonn fáil orthu ar dtús san Aontas; chuige sin, comhar trasteorann a éascú, go háirithe maidir le galair neamhchoitianta, ailse, galair chardashoithíocha agus cóireálacha an-speisialaithe, amhail trasphlanduithe orgán agus cóireálacha le haghaidh dónna tromchúiseacha. Ba cheart líonra Eorpach um dheonú trasphlandaithe agus deonú orgán a chur ar bun ar mhaithe leis na hothair Eorpacha uile a bhfuil trasphlandú de dhíth orthu. [Seisiún Iomlánach agus Meitheal]
5. Inacmhainneacht an chúraim a chinntiú, trí infheistíocht níos láidre a dhéanamh i gcúram sláinte, go háirithe i gcúram fiacloireachta, lena n-áirítear próifíolacsas, agus a chinntiú go mbeidh cúram fiacloireachta inacmhainne ar fáil do chách laistigh de 15 go 20 bliain. (#48, Meitheal]
6. A chinntiú go mbeidh cóireálacha agus cógais ar fud an Aontais ar comhcháilíocht agus go mbeidh costas cothrom orthu ar bhonn áitiúil, lena n-áirítear trí dhul i ngleic le ilroinnt atá sa Mhargadh Inmheánach cheana [#40, NL3, Meitheal, Seisiún Iomlánach]
7. Bochtaineacht sláinte a chomhrac trí chúram fiacloireachta saor in aisce a spreagadh do leanaí, do ghrúpaí ar ioncam íseal agus do ghrúpaí leochaileacha eile, amhail daoine atá faoi mhíchumas. Machnamh a dhéanamh freisin ar an tionchar a bhíonn ag tithíocht ar dhrochcháilíocht ar an tsláinte. [#48, MO]
8. Breithniú a dhéanamh ar an ngné idirnáisiúnta den tsláinte agus a aithint gur cheart go mbeadh cógais ar fáil go huilíoch, lena n-áirítear i dtíortha bochta [NL2]

---

<sup>7</sup> Ní hionann moltaí phainéil shaoránaigh na hÍsiltíre agus moltaí phainéil na saoránach Eorpach, ag rá gur cheart go mbeadh sláinte agus cúram sláinte mar fhreagracht náisiúnta go príomha [NL3]

## ‘Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist’

### Réamhrá

Táimid ag maireachtáil in amanna neamhghnácha agus déanfar an tAontas a mheas ar a chuid iarrachtaí teacht as na géarchéimeanna atá ann faoi láthair, agus beidh samhail fáis níos inbhuanaithe, níos cuimsithí, níos iomaíche agus níos athléimní ag gabháil leis. Tá athrú tagtha ar aghaidh an Aontais mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin agus ar phaindéim COVID-19. Beidh ar an gComhdháil freisin aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha an chogaidh sin i gcomhthéacs iarphaindéimeach atá an-deacair cheana féin. Ag an am céanna, is bagairt leanúnach don chine daonna an t-athrú aeráide agus beidh tionchar drámatúil aige ar an ngeilleagar agus ar ár sochaithe. Ó na moltaí a fuarthas, is léir go bhfuil na saoránaigh ag iarraidh ar AE gníomhaíocht níos láidre a dhéanamh. Éilíonn dúshlán thrasnáisiúnta atá fós gan réiteach, amhail míchothromaíochtaí, iomaíochas, an tsláinte, an t-athrú aeráide, an imirce, digitiú nó cánachas cothrom, réitigh chuí Eorpacha. Ó na moltaí agus ón bplé, is léir freisin go bhfuil straitéis chuimsitheach ag teastáil uainn chun dea-bhail níos fearr a áirithiú do shaoránaigh na hEorpa i ngnéithe éagsúla dá saol. Is féidir teacht ar roinnt gnéithe den straitéis sin i mbeartais atá ann cheana agus is féidir iad a bhaint amach trí leas iomlán a bhaint as an gcreat institiúideach atá ann faoi láthair ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta; i gcásanna eile, beidh gá le beartais nua agus, i gcásanna áirithe, beidh athruithe ar na conarthaí ag teastáil. Ba cheart, áfach, go mbreathnófaí ar bheartais nua agus ar athruithe ar na conarthaí mar bhealach chun dea-bhail níos fearr a bhaint amach seachas mar a bhealach críochnúil astu féin. Is féidir agus is gá freisin athchóiriú a dhéanamh ar an Aontas ar bhealach lena ráthófar neamhspleáchas straitéiseach, fás inbhuanaithe, dálaí maireachtála agus oibre feabhsaithe agus dul chun cinn an duine, gan ár bpláinéad a ídiú agus a scriosadh faoi chuimsiú Conradh Sóisialta athnuaithe. Tá na moltaí seo ceaptha chun na spriocanna sin a bhaint amach. Ba cheart na tograí thíos a léamh agus a chur san áireamh go bhfuil éagsúlacht tuairimí agus moltaí curtha i dtoll a chéile ag saoránaigh ar fud na hEorpa. Is í an éagsúlacht tuairimí sin atá ar cheann de na buanna uathúla atá ag an Eoraip.

### 11. [Togra: Fás inbhuanaithe agus nuálaíocht](#)<sup>8</sup>

**Cuspóir:** Tá sé beartaithe againn go dtacóidh an tAontas Eorpach leis an athrú chuig samhail fáis inbhuanaithe athléimneach, lena gcuirfear san áireamh na haistrithe glasa agus digiteacha a mbeidh gné láidir shóisialta acu sa Seimeastar Eorpach, agus lena dtabharfar cumhacht do shaoránaigh, do cheardchumainn agus do ghnólachtaí. D’fhéadfaí na gnáththáscairí maicreacnamaíocha agus OTI a chomhlánú le táscairí nua chun aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí nua Eorpacha amhail an Comhaontú Glas don Eoraip nó Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus léiriú níos fearr a thabhairt ar na haistrithe éiceolaíocha agus digiteacha agus ar dhea-bhail na ndaoine. D’fhéadfaí an cuspóir sin a bhaint amach tríd an méid seo a leanas:

<sup>8</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: Painéal Saoránach Eorpach 1: 9, 10, 11, 12, 14; An Ísiltír: 1; An Iodáil: 1.1.; An Liotuáin: 3, 8.

Bearta:

1. Próisis táirgthe níos glaise ag cuideachtaí a chur chun cinn agus tacú le cuideachtaí na réitigh is fearr a shainaithint agus dreasachtaí dearfacha agus diúltacha a sholáthar (PSE 11 & 12), agus trí tháirgeadh agus tomhaltas áitiúil a mhéadú; (plé)
2. Oibriú i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe agus níos ciorclaí trí aghaidh a thabhairt ar shaincheist na dífheidhmeachta atá beartaithe agus an ceart chun deisiúcháin a áirithiú; (PSE14)
3. Athbhreithniú a dhéanamh ar rialachas eacnamaíoch AE agus an Seimeastar Eorpach a athchóiriú chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, an ceartas sóisialta agus an dul chun cinn sóisialta ar aon dul leis an iomaíochas eacnamaíoch, gan neamhaird a dhéanamh de chineál eacnamaíoch agus fioscach an tSeimeastair Eorpaigh. Ina theannta sin, is gá ról níos fearr a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta agus do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i gcur chun feidhme an tSeimeastair Eorpaigh chun a chur i bhfeidhm agus a chuntasacht a fheabhsú; (ardán ar líon, plé)
4. Dul i ngleic leis an úsáid a bhaintear as pacáistíocht phlaisteach aon úsáide/coimeádáin; (PSE 12)
5. Úsáid na teicneolaíochta Eorpaí a leathnú agus rogha mhalartach inmharthana a dhéanamh de ar theicneolaíocht eachtrach; (plé)
6. Taighde ar ábhair nua agus ar theicneolaíochtaí nua a chur chun cinn, chomh maith le húsáid nuálach na n-ábhar atá ann cheana, agus a áirithiú ag an am céanna nach ndéanfar iarrachtaí taighde faoi dhó. (PSE 9, NL 1)
7. Aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht, inacmhainneacht agus inrochtaineacht an fhuinnimh, ag féachaint don bhochtaineacht fuinnimh agus don spleáchas ar stáit nach Ballstáit den Aontas iad, tríd an sciar d'fhuinneamh a foinsíodh ar bhealach inbhuanaithe a mhéadú; (PSE 10, LT 3, IT 1.1)
8. Feasacht a mhúscailt i measc gnólachtaí agus saoránach araon conas iad féin a iompar ar bhealach níos inbhuanaithe agus aistriú cóir a ráthú, bunaithe ar idirphlé sóisialta agus ar phoist ardcháilíochta; (PSE 12 & ardán ar líne)
9. Lena n-áirítear caighdeán uailmhianacha shóisialta, saothair agus sláinte, lena n-áirítear sábháilteacht agus sláinte ceirde, i gcomhaontuithe trádála nua an Aontais; (LT8)

[12. Togra: Iomaíochas AE a fheabhsú agus an Margadh Aonair a dhoimhniú tuilleadh<sup>9</sup>](#)

**Cuspóir: Molaimid iomaíochas agus athléimneacht gheilleagar, mhargadh aonair agus thionsclaíocht an Aontais Eorpaigh a neartú agus aghaidh a thabhairt ar spleáchais straitéiseacha. Ní mór dúinn cultúr fiontraíochta a chur chun cinn san Aontas Eorpach, ina spreagfar gnólachtaí nuálacha de gach méid, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (MFBManna), chomh maith le gnólachtaí nuathionscanta ar féidir leo bláthú, chun rannchuidiú le sochaithe níos athléimní agus níos comhtháite a bheith ann. Tá gá le geilleagar margaidh atá ag feidhmiú go láidir chun éascú a dhéanamh ar an bhfís d'Eoraip níos sóisialta. D'fhéadfaí an cuspóir sin a bhaint amach tríd an méid seo a leanas:**

Bearta:

---

<sup>9</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: Painéal Saoránach Eorpach 1: 10, 11 & 14; An Ghearmáin: 2.1, 2.2; An Ísiltír: 1, 2; An Fhrainc: 3, 9; An Iodáil: 1.2, 1.3, 1.4, 1.5, 2.1, 2.2, 2.4, 4.a.2, 6.1; An Liotuáin: 1, 7.

1. Fís shoiléir a fhorbairt do gheilleagar na hEorpa agus freastal ar láidreachtaí na hEorpa, cáilíocht agus éagsúlacht, agus difríochtaí eacnamaíocha agus eile idir na Ballstáit á gcur san áireamh, agus comhar agus iomaíocht idir gnólachtaí á gcur chun cinn; (NL 1 & 2)
2. An méid a rinneadh ó thaobh an airgeadra aonair agus idirnascaidh na gcóras íocaíochta agus na teileachumarsáide a chomhdhlúthú; (IT 4.a.2)
3. Caighdeánú táirgí a laghdú agus aitheantas a thabhairt do shaintréithe cultúrtha agus táirgthe áitiúla agus réigiúnacha (urraim do thraidisiúin táirgthe); (IT 2.2)
4. Feabhas a chur ar chóineasú aníos sóisialta agus eacnamaíoch sa Mhargadh Aonair, trí thionscnaimh atá ann cheana amhail an tAontas Baincéireachta agus Aontas na Margáí Caipitil a thabhairt chun críche agus trí athchóiriú réamhbhreathnaitheach ar ár nAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a chur chun feidhme; (plé)
5. Beartais a chur chun cinn le haghaidh bonn láidir tionsclaíoch agus nuálaíocht i bpríomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin, agus beartas aeráide réamhbhreathnaitheach a chur chun cinn mar aon le hiomaíochas tionsclaíoch lena mbaineann gné láidir shóisialta, bunaithe ar idirphlé sóisialta agus ar chaidreamh tionsclaíoch a fheidhmíonn go maith; (plé)
6. Agus aird ar leith á tabhairt i ngach tionscnamh nua ar FBManna, cnámh droma ár ngeilleagair. Ní mór an prionsabal 'Tús Áite d'Fhiontair Bheaga' a urramú i dtograí reachtacha uile AE agus ba cheart tástáil FBM a threisiú i measúnú tionchair an Choimisiúin i gcomhréir le prionsabail shoiléire agus caighdeán shóisialta agus cearta tomhaltóirí á n-urramú ina n-iomláine; (plé)
7. Rannpháirtíocht FBManna in iarratais ar chistiú, i dtairiscintí agus i líonraí a áirithiú lena laghad iarracht riaracháin agus is féidir. Ba cheart d'eintitis amhail an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach agus an Banc Eorpach Infheistíochta rochtain ar mhaoiniú do FBManna a bhfuil tionscadail nuálaíochta ardriosca acu a fhorbairt tuilleadh; (plé)
8. Creat níos fearr a chruthú d'infheistíochtaí in T&N atá dírithe ar shamhlacha gnó níos inbhuanaithe agus níos bithéagsúla (PSE 10, 11 & 14). Ag díriú ar theicneolaíocht agus nuálaíocht mar spreagthóirí fáis; (IT 1.3)
9. Feidhmíocht eacnamaíoch chomhchoiteann a chur chun cinn trí thionscal uathrialach, iomaíoch; (FR3)
10. Earnálacha straitéiseacha a shainaitheint agus a fhorbairt, lena n-áirítear an spás, an róbataic agus IS; (FR 3 & 9)
11. Infheistiú i ngeilleagar atá bunaithe ar an turasóireacht agus ar an gcultúr, lena n-áirítear an iliomad ceann scríbe beag san Eoraip; (IT 1.2)
12. Aghaidh a thabhairt ar chinnteacht an tsoláthair trí fhoinsí ionchuir/amhábhair a éagsúlú agus trí mhonarú príomhearraí san Eoraip a mhéadú, amhail an tsláinte, bia, fuinneamh, cosaint agus iompar; (PSE 9, LT 1, IT 1.4)
13. Digitiú gnólachtaí Eorpacha a chur chun cinn, mar shampla trí scórchlár sonrach lena lamháiltear do ghnólachtaí méid a ndigitithe a chur i gcomparáid le chéile, agus é mar aidhm fhoriomlán leis sin iomaíochas a mhéadú; (DE 2.1)
14. Comhtháthú digiteach a chur chun cinn chun rannchuidiú le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach mar a shainmhínítear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; (plé)
15. An comhar trasteorann a neartú chun feabhas a chur ar an gcomhtháthú agus ar an teacht aniar laistigh de réigiúin agus lasmuigh díobh, tríd an Sásra Trasteorann Eorpach agus uirlisí comhchosúla a chothú; (plé)

16. Na féidearthachtaí maidir le hoiliúint trasteorann a fheabhsú agus a chur chun cinn ar mhaithe le scileanna breise a chur ar lucht saothair na hEorpa agus cur leis an iomaíochas, agus treisiú a dhéanamh ag an am céanna ar litearthacht eacnamaíoch na saoránach; (DE 2.2, LT7). Malartuithe idir oibríthe san Eoraip a chur chun cinn trí Lárionad Fostaíochta Eorpach. (IT 6.1) Daoine óga a spreagadh chun staidéar a dhéanamh ar ábhair eolaíochta; (IT 1.5)
17. Maorlathas (ceadanna, deimhniúcháin) a laghdú, i gcásanna nach bhfuil riachtanach; (IT 2.1)
18. Góchumadh agus iomaíocht éagórach a chomhrac; (IT 2.4)
19. Rannpháirtíocht níos mó gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna i dtionscadail nuálaíochta a áirithiú de réir mar a mhéadaíonn sé sin a neart nuálaíoch, a n-iomaíochas agus a líonrú. (ardán ar líne, díospóireachtaí)
20. Ba cheart gur tosaíocht i gcónaí an Margadh Aonair a chomhdhlúthú agus a chosaint; Níor cheart go ndéanadh bearta agus tionscnaimh ar leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta dochar don Mhargadh Aonair agus ba cheart go gcuirfidís le saorghluaiseacht daoine, earraí, seirbhísí agus caipitil; (plé)
21. Ba cheart ‘seiceáil iomaíochais’ a dhéanamh ar thionscnaimh nua beartais AE chun anailís a dhéanamh ar a dtionchar ar chuideachtaí agus ar a dtimpeallacht ghnó (an costas a bhaineann le gnó a dhéanamh, cumas nuálaíochta, iomaíochas idirnáisiúnta, cothroime iomaíochta, etc). Beidh an tseiceáil sin i gcomhréir le Comhaontú Pháras, leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, lena n-áirítear comhionannas inscne, agus ní bhainfidh sí an bonn de chosaint chearta an duine, cearta sóisialta agus cearta oibríthe ná de chaighdeán cosanta comhshaoil agus tomhaltóirí. Chuige sin, molaimid freisin Comhlacht Comhairleach Eorpach Iomaíochais a bhunú ar cheart dó faireachán a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar an tseiceáil iomaíochais agus measúnú a dhéanamh go háirithe ar thionchar carnach na reachtaíochta, chomh maith le tograí a chur ar aghaidh chun feabhas a chur ar na creachtóiníollacha cearta d’iomaíochas chuideachtaí AE. Ba cheart go n-áireofaí leis an gcomhlacht sin an tsochaí shibhialta eagraithe agus na comhpháirtithe sóisialta ina rialachas; (plé)

### 13. [Togra: Margaí saothair cuimsitheacha](#)<sup>10</sup>

**Cuspóir:** Tá sé beartaithe againn feabhas a chur ar fheidhmiú na margaí saothair chun dálaí oibre níos cothroime a áirithiú agus chun comhionannas inscne, fostaíocht, lena n-áirítear fostaíocht daoine óga agus grúpaí leochaileacha a chur chun cinn. Ní mór don Aontas, do na Ballstáit agus do na comhpháirtithe sóisialta obair a dhéanamh chun deireadh a chur le bochtaineacht lucht oibre, aghaidh a thabhairt ar chearta oibríthe ardáin, intéirneachtaí neamhíoctha a thoirmeasc agus soghluaisteacht chothrom lucht saothair a áirithiú san Aontas. Ní mór dúinn an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil a chur chun cinn. Ní mór dúinn a áirithiú go gcuirfear Colún Eorpach na gCearta Sóisialta chun feidhme ina n-iomláine, lena n-áirítear a phríomhspríocanna ábhartha do 2030, ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil i réimsí na ‘cothromdheiseanna agus na rochtana ar mhargadh an tsaothair’ agus ‘dálaí cothroma oibre’, agus inniúlachtaí agus príonsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta á n-urramú agus Prótacal maidir le Dul Chun Cinn Sóisialta a áireamh sna Conarthaí. Agus an méid sin á dhéanamh, ba cheart go n-urramófaí traidisiúin

<sup>10</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: Painéal Saoránach Eorpach 1: 1, 2, 7, 28, 30; An Ghearmáin: 4.1, 4.2; An Ísiltír: 4; An Fhrainc: 6; An Iodáil: 5.a.1, 5.a.4, 6.1, 6.2.

**náisiúnta agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta agus comhar leis an tsochaí shibhialta. D'fhéadfaí an cuspóir sin a bhaint amach tríd an méid seo a leanas:**

Bearta:

1. A áirithiú go ráthaítear le pá íosta reachtúil gur féidir le gach oibrí caighdeán maireachtála réasúnta den chineál céanna a thuilleamh ar fud na mBallstát uile. Ba cheart critéir shoiléire a shainiú (e.g. costais mhaireachtála, boilsciú, os cionn líne na bochtaineachta, meánphá agus pá airmheánach ar an leibhéal náisiúnta) a bheidh le cur san áireamh agus íosleibhéal pá á shocrú. Ba cheart athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na leibhéil íosphá náisiúnta i bhfianaise na gcritéar sin chun a leordhóthanacht a áirithiú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chur chun feidhme éifeachtach na rialacha sin agus ar fhaireachán agus rianú a dhéanamh ar fheabhsú an chaighdeáin mhaireachtála. Ag an am céanna, ba cheart an chómhargáil a neartú agus a chur chun cinn ar fud AE; (PSE1 & 30; DE 4.2; ardán ar líne).
2. Cur chun feidhme na Treorach maidir le hEagrú Ama Oibre (Treoir 2003/88/CE) agus reachtaíocht ábhartha eile a áirithíonn cothromaíocht shláintiúil oibre sa saol oibre a mheas agus a fhorfheidhmiú ar bhonn níos láidre le linn féachaint ar bheartais náisiúnta nua sa réimse sin; (PSE2)
3. Reachtaíocht atá ann cheana a rialaíonn 'obair chliste' mar a thugtar air agus a spreagann cuideachtaí chun í a chur chun cinn a thabhairt isteach nó a neartú. (PSE 7) Ba cheart don Aontas an ceart chun dícheangail a áirithiú, níos mó a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an deighilt dhigiteach san ionad oibre agus measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí a bhaineann leis an gcianobair ar an tsláinte, ar an am oibre agus ar fheidhmíocht cuideachtaí. Is gá digitíú cothrom a ráthú bunaithe ar chearta an duine, ar dhálaí oibre feabhsaithe agus ar chómhargáil; (plé)
4. Tar éis beartais fostaíochta a chomhtháthú ar leibhéal an Aontais ina bhfuil beartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair lárnach agus comhordaithe (IT 6.2) níos mó agus níos mó, agus na Ballstáit ag díriú ar leanúint dá n-iarrachtaí athchóirithe chun dálaí fabhracha a chruthú chun poist ardcháilíochta a chruthú. (plé)
5. Bearta a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar cearta sóisialta a chosaint agus a choimirciú go hiomlán i gcás coinbhleachta le saoirsí eacnamaíochta lena n-áirítear trí phrótacal um dhul chun cinn sóisialta a thabhairt isteach sna Conarthaí. (ardán ar líne, plé)
6. Comhionannas inscne a áirithiú, i gcomhréir le Straitéis AE 2020-2025 maidir le Comhionannas Inscne. Ba cheart do AE leanúint de chomhionannas inscne a thomhas trí innéacs comhionannais inscne (i.e. dearthaí, bearna phá, fostaíocht, ceannaireacht, etc.), faireachán bliantúil a dhéanamh ar an straitéis agus a bheith trédhearcach maidir leis an méid atá bainte amach; Agus comhroinnt saineolais agus dea-chleachtas a spreagadh agus sásra díreach aiseolais ó na saoránaigh (e.g. Ombudsman) a chur ar bun; (PSE28; IT 5.a.1). Is gá aghaidh a thabhairt ar an mbearna phá idir na hinscní agus cuótaí a thabhairt isteach i bpoist shinsearach. Ba cheart níos mó tacaíochta a thabhairt d'fhiontraithe ban i dtimpeallacht an ghnó agus do mhná in ETIM (plé)
7. Fostaíocht don aos óg a chur chun cinn, mar shampla trí chúnamh airgeadais a thabhairt do chuideachtaí, ach freisin trí thacaíocht bhreise a thabhairt d'fhostóirí agus d'oibríthe (NL 4) agus trí thacaíocht a thabhairt d'fhiontraithe óga agus do ghairmithe óga féinfhostaithe mar shampla trí uirlisí agus cúrsaí oideachais (plé);



8. Fostaíocht grúpaí faoi mhíbhuntáiste (NL 4) a chur chun cinn, go háirithe i measc daoine faoi mhíchumais (ardán ar líne);
9. Fostaíocht agus soghluaisteacht shóisialta a chur chun cinn agus, mar sin, deis iomlán a bheith agat ar fhéinréadú agus ar fhéinchinntiúchán. (IT 5.a.4 & IT 6.1) D'fhéadfadh straitéis fhadtéarmach a bheith ann chun a chinntiú go bhfuil na scileanna cearta ag gach duine inár sochaithe chun post a fháil agus a gcuid buanna a thabhairt chun críche, go háirithe an ghlúin óg (plé). Tá sé tábhachtach infheistiú i scileanna daoine atá oiriúnaithe do riachtanais athraitheacha mhargadh an tsaothair agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn trí chlár malartaithe i measc nithe eile ag gach céim den saol agus an ceart chun foghlama ar feadh an tsaoil a áirithiú chomh maith leis an gceart chun oiliúna (FR 6; DE 4.1) Chun na críche sin, is gá an comhar idir gnólachtaí, ceardchumainn agus soláthróirí gairmoideachais, oideachais agus oiliúna a neartú (plé).

#### 14. [Togra: Beartais shóisialta níos láidre<sup>11</sup>](#)

**Cuspóir:** Tá sé beartaithe againn éagothromaíochtaí a laghdú, an t-eisiamh sóisialta a chomhrac agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht. Ní mór dúinn straitéis chuimsitheach i gcoinne na bochtaineachta a chur i bhfeidhm lena n-áireofaí, i measc nithe eile, Ráthaíocht do Leanaí agus Ráthaíocht don Aos Óg atreisthe, íosphá a thabhairt isteach, comhchreat de chuid an Aontais le haghaidh scéimeanna ioncaim íosta agus tithíocht shóisialta chuibhiúil. Ní mór dúinn a áirithiú go gcuirfear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta chun feidhme ina iomláine, lena n-áirítear a phríomhspricanna ábhartha do 2030, ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil i réimse na *'cosanta agus an chuimsithe shóisialta'* agus aird chúil á tabhairt ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta agus Prótacal maidir le Dul Chun Cinn Sóisialta a áireamh sna Conarthaí. D'fhéadfaí an cuspóir sin a bhaint amach tríd an méid seo a leanas:

Bearta:

1. Inniúlachtaí an Aontais maidir le beartais shóisialta a neartú agus reachtaíocht a mholadh chun beartais shóisialta a chur chun cinn agus chun comhionannas cearta a áirithiú, lena n-áirítear an tsláinte, a bheadh comhchuibhithe do AE ar fad, lena gcuirtear san áireamh rialacháin chomhaontaithe agus na híoscheanglais ar fud na críche. (PSE 19 & 21). D'fhéadfadh AE tacú le beartais na mBallstát agus iad a chomhlánú trí chreat coiteann a mholadh le haghaidh íosioncaim chun a áirithiú nach bhféadfar aon duine ar gcúl; Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh faoi chuimsiú chur chun feidhme iomlán Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a Phlean Gníomhaíochta; (plé)
2. Gan cearta leasa a chur i gcontúirt (sláinte phoiblí, oideachas poiblí, beartais saothair); (IT 4.a.1)
3. taighde i gcúrsaí sóisialta agus sláinte in AE a chur chun cinn, ag leanúint tosaíochtaí a mheastar a bheith chun leasa an phobail agus atá comhaontaithe ag na Ballstáit, agus soláthar a dhéanamh ar an gcistiú cuí. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach go páirteach trí chomhoibriú idir réimsí saineolais, idir tíortha, ionaid staidéir (ollscoileanna, etc.) a threisiú. (PSE 20)

---

<sup>11</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: Painéal Saoránach Eorpach 1: 19, 20, 21, 25; An Iodáil: 4.a.1.

4. Rochtain ar sheirbhísí leighis a dheonú do gach duine atá faoi bhun 16 bliana d'aois ar fud AE i gcás nach bhfuil na seirbhísí sin ar fáil sa chomhthéacs náisiúnta; (plé)
5. A áirithiú go dtacaíonn an tAontas, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na rialtais náisiúnta, le rochtain spriocdhírithé ar thithíocht shóisialta chuibhiúil do shaoránaigh, de réir na riachtanas sonracha atá acu, ba cheart an iarracht airgeadais a roinnt ar mhaoinitheoirí príobháideacha, tiarnaí talún, tairbhíthe tithíochta, rialtais na mBallstát ar an leibhéal lánach agus áitiúil, agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. (PSE25)

#### 15. [Togra: An t-aistriú déimeagrafach](#)<sup>12</sup>

**Cuspóir:** Tá sé beartaithe againn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as an aistriú déimeagrafach mar chomhábhar ríthábhachtach d'athléimneacht iomlán na hEorpa, go háirithe rátaí ísle breithe agus daonra atá ag dul in aois go seasta, trí thacaíocht do dhaoine ar feadh na saolré a áirithiú. Ba cheart go mbeadh gníomhaíocht chuimsitheach i gceist leis sin atá dírithe ar gach glúin, ó leanaí agus daoine óga, go teaghlaigh, go dtí an daonra in aois oibre, chuig daoine aosta atá fós sásta dul i mbun oibre chomh maith leo siúd atá ar scor nó a bhfuil gá acu le cúram. D'fhéadfaí an cuspóir sin a bhaint amach tríd an méid seo a leanas:

Bearta:

1. Cúram leanaí ar ardchaighdeán, inacmhainne agus inrochtana a áirithiú ar fud AE, ionas go mbeidh máithreacha agus aithreacha in ann a saol oibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt le chéile go muiníneach. I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfadh sé n-áireofaí leis sin deiseanna cúraim leanaí ag an ionad oibre nó gar dó. I roinnt Ballstát tá cúram thar oíche ar fáil freisin agus ba cheart an cúram sin a úsáid mar shampla. Ina theannta sin, d'fhéadfadh bearta tacaíochta amhail rátaí laghdaithe CBL ar an trealamh atá ag teastáil do leanaí a bheith ag gabháil leis sin. Tá sé ríthábhachtach bochtaineacht agus eisiamh sóisialta leanaí a chosc; (PSE 22 & 26) D'fhéadfadh treisiú na Ráthaíochta do Leanaí a bheith ina ionstraim chun an méid sin a bhaint amach lena ráthófaí rochtain do leanaí leochaileacha ar sheirbhísí amhail an t-oideachas agus cúram, cúram sláinte, cothú agus tithíocht (ardán ar líne, plé).
2. Tacaíocht shonrach agus cosaint na hoibre do dhaoine óga a thabhairt isteach. Leis na bearta sin i leith an daonra in aois oibre ba cheart go n-áireofaí rochtain ar eolas do mháithreacha agus d'aithreacha faoina bhfillleadh ar an obair. (PSE 22) D'fhéadfadh treisiú ar an Ráthaíocht don Aos Óg a bheith ina ionstraim chun feabhas a chur ar rochtain daoine óga faoi bhun 30 bliain d'aois ar dheiseanna dea-cháilíochta fostaíochta, ar an oideachas leantach, ar phrintíseachtaí nó ar chúrsaí oiliúna; (plé)
3. An ceart chun saorghluaiseachta oideachais a chur chun cinn laistigh den Aontas, i measc nithe eile, trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt do chéimeanna, do ghráid, do scileanna agus do cháilíochtaí; (plé)
4. Reachtaíocht agus cur chun feidhme na reachtaíochta sin a fheabhsú chun tacaíocht do theaghlaigh ar fud na mBallstát uile a áirithiú, mar shampla maidir le saoire tuismitheora chomh maith le liúntais luí seoil agus cúraim leanaí. (PSE 26 & IT 5.a.1) Tá ról ríthábhachtach ag an

<sup>12</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: Painéal Saoránach Eorpach 1: 21, 22, 23, 26, 27; An Iodáil: 5.a.1.

tithíocht ó thaobh tacú le teaghlaigh de agus ba cheart aghaidh a thabhairt uirthi (ardán ar líne, plé).

5. Gníomhaíocht a dhéanamh chun a ráthú go bhfuil cearta teaghlaigh comhionanna ag gach teaghlach i ngach Ballstát. Ba cheart an ceart chun pósadh agus chun uchtú a áireamh sa mhéid sin. (PSE 27)
6. Aoiseanna solúbtha scoir a chur chun cinn trí staid shonrach daoine scothaosta a chur san áireamh. Agus an aois scoir á cinneadh, ba cheart difreáil a bheith ann ag brath ar an ngairm, agus, dá réir sin, obair an-dian, idir obair mheabhrach agus obair fhisiciúil á cur san áireamh; (PSE 21 & IT 5.a.1)
7. Bochtaineacht seanaoise a chosc trí phinsin íosta a thabhairt isteach. Bheadh ar na híosleibhéil sin an caighdeán maireachtála, tairseach na bochtaineachta agus an chumhacht cheannaigh a chur san áireamh sna Ballstáit faoi seach. (PSE 21)
8. Cúram sóisialta agus sláinte cuí a ráthú do dhaoine aosta. Agus an méid sin á dhéanamh, tá sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar chúram atá bunaithe ar an bpobal agus ar chúram cónaithe araon. Mar an gcéanna, ní mór do na bearta faighteoirí cúraim agus cúramóirí araon a chur san áireamh. (PSE 23)
9. Forbairt inbhuanaithe agus athléimneacht dhéimeagrafach na réigiún atá tite ar gcúl a áirithiú chun iad a dhéanamh níos bríomhaire agus níos tarraingtí, lena n-áirítear tríd an mbeartas comhtháthaithe; (ardán ar líne & plé)
10. Gníomhaíocht chomhordaithe a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach chun sonraí atá imdhealaithe de réir fachtóirí amhail inscne a bhailiú agus anailís a dhéanamh ar threochtaí déimeagrafacha, dea-chleachtais agus eolas a roinnt agus tacú leis na Ballstáit beartais leormhaithe a mhúnlú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí chomhlacht speisialaithe de chuid an Aontais a bhunú sa réimse sin. (ardán ar líne & plé)

#### 16. [Togra: Beartais fhioscacha agus chánach](#)<sup>13</sup>

**Cuspóir: Molaimid go gcuirfidh an tAontas chun cinn infheistíochtaí lena ndíreofar ar an todhchaí, lena ndíreofar ar na haistrithe glasa agus digiteacha lena mbainfidh gné láidir shóisialta agus inscne, lena gcuirfear san áireamh na samplaí de NextGenerationEU agus den ionstraim SURE. Ní mór don Aontas tionchar sóisialta agus eacnamaíoch an chogaidh i gcoinne na hÚcráine agus an nasc idir rialachas eacnamaíoch AE agus an comhthéacs nua geopholaitiúil a chur san áireamh agus trína bhuiséad féin a neartú trí acmhainní dílse nua. Is mian le saoránaigh imeacht ó chánachas a ghearradh ar dhaoine agus ar FBManna agus díriú ar imghabhálaithe cánach, ar thruaillitheoirí móra agus trí cháin a ghearradh ar na hollchuideachtaí digiteacha agus, ag an am céanna, is mian leo go mbeadh an tAontas Eorpach ag tacú le cumas na mBallstát agus na n-údarás áitiúil iad féin a mhaoiniú agus maidir le húsáid a bhaint as cistí AE. Ba cheart an cuspóir sin a bhaint amach tríd an méid seo a leanas:**

Bearta:

1. Beartais chánach a chomhchuibhiú agus a chomhordú laistigh de na Ballstáit chun imghabháil cánach agus seachaint cánach a chosc, lena seachnófar tearmainn chánach laistigh de AE agus

<sup>13</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: Painéal Saoránach Eorpach 1: 13, 31; An Ísiltír: 2.3; An Iodáil: 4.b.3, 4.b.6; An Liotuáin: 9, 10.

lena ndíreofar ar sheachfhoinsiú laistigh den Eoraip, lena n-áirítear trína áirithiú gur féidir cinntí maidir le cúrsaí cánach a dhéanamh trí thromlach cáilithe i gComhairle an Aontais Eorpaigh. Ar an taobh eile, tá moltaí ann ó phainéil saoránach ina luaitear go dtagann an cánachas faoi sainchúram tíortha aonair, a bhfuil a gcuspóirí agus a n-imthosca féin acu; (PSE 13 & 31, IT 4.b.3, NL2.3)

2. Comhar idir Ballstáit AE a chur chun cinn lena chinntiú go n-íocann gach cuideachta in AE a gcion cothrom cánach; Comhbhonn don cháin chorparáide nó íosráta éifeachtach (NL3) a thabhairt isteach
3. A chinntiú go n-íocfaidh cuideachtaí cánacha i gcás ina ndéanfar brabús; (PSE 13)
4. A chinntiú go dtacaíonn beartas cánach le tionscal na hEorpa agus go gcuireann sé cosc ar chailteanas post san Eoraip; (PSE 13 & 31)
5. Machnamh breise a dhéanamh ar iasachtaíocht chomhchoiteann ar leibhéal AE, chun coinníollacha iasachtaíochta níos fabhraí a chruthú, agus beartais fhioscacha fhreagracha ar leibhéal na mBallstát á gcoimeád; (LT 9)
6. Neartú a dhéanamh ar mhaoirseacht ionsú agus úsáid chistí AE, lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil agus bardasach. (LT 10)

## ‘AE sa domhan’

### 17. [Togra: Spleáchas an Aontais ar ghníomhaithe eachtracha a laghdú in earnálacha atá straitéiseach ó thaobh an gheilleagair de](#)

**CUSPÓIR:** Molaimid go ndéanfaidh an tAontas bearta chun a neamhspleáchas a neartú i bpríomhearnálacha straitéiseacha amhail táirgí talmhaíochta, earraí eacnamaíochta straitéiseacha, leathsheoltóirí, táirgí leighis, teicneolaíochtaí digiteacha agus comhshaoil nuálacha agus fuinneamh, tríd an méid seo a leanas:

Bearta:

1. borradh a chur faoi ghníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta agus comhar faoi sin idir comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha
2. clár oibre caibidlíochta trádála uailmhianach a choimeád, ar clár é lena bhféadfar rannchuidiú le hathléimneacht agus éagsúlú slabhraí soláthair, go háirithe i dtaca le hamhábhair, agus ag an am céanna tairbhí na trádála a chomhroinnt ar bhealach níos cothroime agus le níos mó comhpháirtithe, agus ar an gcaoi sin teorainn a chur lenár nochtadh agus lena spleáchas ar líon beag soláthraithe a bhféadfadh riosca a bheith ag baint leo.<sup>14</sup>
3. athléimneacht shlabhraí soláthair an Aontais a mhéadú trí infheistíocht a chothú in earnálacha straitéiseacha san Aontas, táirgí agus gléasanna ríthábhachtacha a stoc-charnadh agus foinsí soláthair amhábhair criticiúil a éagsúlú;
4. tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i gcur i gcrích an mhargaidh inmheánaigh, machaire comhréidh a chruthú ionas go mbeidh sé níos tarraingtí na hearraí sin a tháirgeadh agus a cheannach san Aontas Eorpach.
5. tacaíocht chun táirgí den sórt sin a choimeád ar fáil agus ar phraghas réasúnta do thomhaltóirí Eorpacha agus spleáchais a laghdú ón taobh amuigh, mar shampla trí úsáid a bhaint as beartais struchtúracha agus réigiúnacha, as sosanna cánach, as fóirdheontais, as infheistíochtaí bonneagair agus taighde, agus as borradh a chur faoi iomaíochas FBManna chomh maith le cláir oideachais chun cáilíochtaí agus poist ghaolmhara a choinneáil san Eoraip, ar poist iad atá ábhartha chun bunriachtanais a áirithiú.<sup>15</sup>
6. clár uile-Eorpach chun tacaíocht a thabhairt do tháirgeoirí beaga áitiúla ó earnálacha straitéiseacha ar fud na mBallstát uile<sup>16</sup> agus úsáid níos mó á baint as cláir an Aontais agus ionstraimí airgeadais, amhail InvestEU.
7. comhar níos fearr idir na Ballstáit chun bainistiú rioscaí sa slabhra soláthair a láimhseáil<sup>17</sup>

<sup>14</sup> Ó dhíospóireachtaí sa Mheitheal agus sa Suí Iomlánach

<sup>15</sup> Féach Moladh 1 ó PSE4, Moladh 2 ó PSN na nGearmáine, Painéal 1 ‘AE ar Domhan’ agus PSN na hIodáile, Braisle 2, Moladh 1, arna fhorbairt tuilleadh sa Mheitheal

<sup>16</sup> Féach Moladh 4 ó PSE4 agus PSN na hIodáile Braisle 2, Moltaí 5 agus 6, arna fhorbairt a thuilleadh sa Mheitheal

<sup>17</sup> Féach an tArdán Digiteach agus PSN na hIodáile Braisle 2, Moltaí 2 agus 3, arna fhorbairt a thuilleadh sa Mheitheal

### [18. Togra: Spleáchas an Aontais ar ghníomhaithe eachtracha a laghdú i réimse an fhuinnimh](#)

**CUSPÓIR: Molaimid don Aontas níos mó neamhspleáchais a bhaint amach i réimse an táirgthe agus an tsoláthair fuinnimh, i gcomhthéacs an aistrithe ghlais atá ar siúl faoi láthair tríd an méid seo a leanas:**

Bearta:

1. straitéis a ghlacadh le bheith níos uathrialaithe i dtáirgeadh fuinnimh. Ba cheart do chomhlacht Eorpach na gníomhaireachtaí fuinnimh Eorpacha atá ann cheana a chomhtháthú agus forbairt an fhuinnimh inathnuaite a chomhordú agus comhroinnt eolais a chur chun cinn <sup>18</sup>
2. tacaíocht ghníomhach a thabhairt do thionscadail iompair phoiblí agus éifeachtúlachta fuinnimh, do ghréasán iarnróid ardluais agus lasta uile-Eorpach, do leathnú an tsoláthair fuinnimh ghlain agus inathnuaite (go háirithe ó thaobh na gréine agus na gaoithe) agus ó thaobh teicneolaíochtaí malartacha (amhail hidrigin nó dramhaíl go fuinneamh), chomh maith le hathrú cultúrtha i suíomhanna uirbeacha ón gcarr aonair go hiompar poiblí, comhroinnt carranna leictreonacha agus rothaíocht.<sup>19</sup>
3. aistriú cóir agus cothrom a áirithiú, tacú go háirithe le saoránaigh leochaileacha, a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar na dúshláin is mó maidir leis an aistriú chuig neodracht ó thaobh na haeráide de agus atá ag fulaingt cheana ó phraghsanna fuinnimh atá ag dul i méid de dheasca spleáchas ar fhuinneamh agus méadú faoi thrí ar na praghsanna fuinnimh le déanaí.
4. comhar méadaithe maidir leis an measúnú ar úsáid an fhuinnimh núicléach san aistriú glas leanúnach chuig fuinneamh inathnuaite san Eoraip, lena scrúdaítear na saincheistanna comhchoiteanna a d'fhéadfadh sé a réiteach nó a chruthú, ós rud é go bhfuil an fuinneamh núicléach in úsáid fós ag mórán Ballstát.<sup>20</sup>
5. oibriú le comhpháirtithe idirnáisiúnta, gealltanais a thabhairt spriocanna níos uailmhianá a bhaint amach chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide ag fóraim idirnáisiúnta éagsúla, lena n-áirítear G7 agus G20.
6. Trádáil eachtrach a nascadh le bearta beartais aeráide (e.g. trí phacáiste infheistíochta a sheoladh le haghaidh teicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí atá neamhdhíobhálach don aeráid, lena n-áirítear cláir chistiúcháin)<sup>21</sup>
7. ceannacháin chomhpháirteacha fuinnimh allmhairithe agus comhpháirtíochtaí fuinnimh inbhuanaithe a shaothrú chun spleáchas allmhairithe fuinnimh na hEorpa a laghdú, go háirithe i réimse an gháis agus na hola agus foinsí fuinnimh intíre an Aontais a fhorbairt.

### [19. Togra: Caighdeán a shainiú laistigh den Aontas agus lasmuigh de](#)

**CUSPÓIR: Molaimid go ndéanfadh an tAontas an ghné eiticíúil dá chaidreamh trádála agus infheistíochta a neartú trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:**

Bearta:

1. ár n-ollstruchtúr iltaobhach riailbhunaithe don trádáil idirnáisiúnta, agus comhpháirtíocht le daonlathais a bhfuil an dearcadh céanna acu a chaomhnú agus a athchóiriú

<sup>18</sup> Féach Moladh 14 ó PSE4 arna fhorbairt a thuilleadh sa Mheitheal

<sup>19</sup> Féach Moladh 2 ó PSE4, agus PSN na hIodáile Braisle 2, Moladh 4, arna fhorbairt a thuilleadh sa Mheitheal

<sup>20</sup> Féach Moladh 17 ó PSE4 agus PSN na hIodáile Braisle 2, Moladh 4, arna fhorbairt a thuilleadh sa Mheitheal

<sup>21</sup> Féach Moladh 1 ó PSN na Gearmáine, Painéal 1 'An tAontas Eorpach ar Domhan', arna fhorbairt tuilleadh sa Mheitheal.

2. reachtaíocht éifeachtach agus chomhréireach an Aontais lena áirithiú go ndéanfar caighdeáin mhaithe oibre a chur i bhfeidhm go hiomlán feadh na slabhraí luacha domhanda, lena n-áirítear próisis táirgthe agus soláthair uile an Aontais agus go gcomhlíonann earraí a allmhairítear caighdeáin eiteiciúla cháilíochtúla, forbairt inbhuanaithe, agus caighdeáin chearta an duine lena n-áirítear cearta oibríthe agus ceardchumainn, deimhniú a chur ar fáil do tháirgí a chloíonn leis an reachtaíocht sin de chuid an Aontais<sup>22</sup> agus páirt a ghlacadh i bpróiseas idirphlé ar fud an Aontais a fhéachann le heolas agus oideachas a chur ar fáil maidir le héifeachtaí comhshaoil agus eiteiciúla athruithe beartais sa trádáil idirnáisiúnta
3. srianta ar allmhairiú agus ar dhíol táirgí ó thíortha a lamhálann saothar leanaí, dúliosta cuideachtaí a thugtar cothrom le dáta go tréimhsiúil, agus feasacht na dtomhaltóirí a chur chun cinn maidir le fostú páistí trí fhaisnéis arna déanamh ag bealaí oifigiúla AE<sup>23</sup>.
4. caibidlí maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe i gComhaontuithe Saorthrádála (CTCanna) an Aontais a fhiosrú tuilleadh agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear an fhéidearthacht sásra bunaithe ar smachtbhannaí a bheith ann mar rogha dheireanach;
5. athchóiriú Scéim na bhFabhar Ginearálaithe de chuid an Aontais (GSP) chun forálacha coinníollachta láidre agus próisis faireacháin, tuairiscithe agus idirphlé éifeachtacha agus iomchuí a chur san áireamh chun feabhas a chur ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag GSP ar thrádáil, ar chearta an duine agus ar forbairt i dtíortha comhpháirtíochta a bhfuil fabhair thrádála acu atá le tarraingt siar i gcás neamhchomhlíonadh

#### [20. Togra: Caighdeáin a shainiú, laistigh den Aontas agus lasmuigh de, i mbeartais chomhshaoil](#)

**CUSPÓIR: Molaimid go ndéanfadh an tAontas an ghné chomhshaoil dá chaidreamh trádála a neartú trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:**

Bearta:

1. éicilipéadú a chomhchuihbhiú agus a neartú agus éicea-scór éigeantach a thabhairt isteach le taispeáint ar gach táirge is féidir leis an tomhaltóir a cheannach. Dhéanfaí an éiceascór a ríomh de réir astaíochtaí ó tháirgeadh agus iompar, chomh maith le hábhar díobhálach, bunaithe ar liosta de tháirgí guaiseacha. Ba cheart d'údarás de chuid an Aontais an t-éiceascór a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air.<sup>24</sup>
2. caighdeáin chomhshaoil a neartú maidir le honnmhairiú dramhaíola agus rialuithe agus smachtbhannaí níos déine a ghlacadh chun stop a chur le honnmhairí neamhdhleathacha. Ba cheart do AE na Ballstáit a dhreasú chun a gcuid dramhaíola féin a athchúrsáil agus í a úsáid le haghaidh táirgeadh fuinnimh<sup>25</sup>.
3. sprioc a leagan síos chun deireadh a chur le pacáistíocht thruaillithe trí níos lú pacáistíochta nó pacáistíocht atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil<sup>26</sup> a chur chun cinn, lena mbunófar comhpháirtíochtaí le tíortha atá i mbéal forbartha, tacú lena mbonneagar agus le comhaontuithe

<sup>22</sup> Féach Moladh 3 ó PSE4, arna forbairt tuilleadh sa Mheitheal

<sup>23</sup> Féach Moladh 11 ó PSE4, arna forbairt tuilleadh sa Mheitheal

<sup>24</sup> Féach Moladh 13 ó PSE4, arna forbairt a thuilleadh sa Mheitheal

<sup>25</sup> Féach Moladh 15 ó PSE4, arna forbairt a thuilleadh sa Mheitheal

<sup>26</sup> Féach Moladh 16 ó PSE4, arna forbairt tuilleadh sa Mheitheal

trádála a bheadh fabhrach go frithpháirteach chun cabhrú leosan aistriú i dtreo foinsí glasa fuinnimh<sup>27</sup>.

4. luach saothair a thabhairt do thíortha a chuireann ardchaighdeáin inbhuanaitheachta i bhfeidhm trí thuilleadh rochtana ar mhargadh an Aontais Eorpaigh a thairiscint dóibh le haghaidh a n-earraí agus a seirbhísí inbhuanaithe, go haontaobhach trí Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraise GSP+, nó go déthaobhach trí chomhaontuithe trádála caibidlithe, nó go hiltabhach trí thionscnaimh san Eagraíocht Dhomhanda Trádála

## [21. Togra: Cinnteoireacht agus comhtháthú laistigh den Aontas](#)

**CUSPÓIR:** Molaimid go gcuirfeadh an tAontas feabhas gasta agus éifeachtach ar a chumas cinntí a dhéanamh, go háirithe sa Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) ag labhairt d'aon ghuth agus ag gníomhú mar ghníomhaí fíordhomhanda, ag tabhairt chun cinn ról dearfach ar domhan agus difríocht a dhéanamh i bhfreagairt ar aon ghéarchéim, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

Bearta:

1. go háirithe i réimse CBES, saincheisteanna a chinntear faoi láthair d'aon ghuth a athrú, chun go gcinntí iad de ghnáth trí thromlach cáilithe<sup>28</sup>.
2. comhar a bhunú i mbeartas slándála agus cosanta maidir leis an gCompás Straitéiseach a formhuiníodh le déanaí agus úsáid a bhaint as an tSaoráid Eorpach Síochána<sup>29</sup>
3. ról an Ardionadaí a neartú chun a chinntiú go labhraíonn an tAontas d'aon ghuth.<sup>30</sup>
4. fíís láidir agus comhstraitéis a chomhaontú chun aontacht agus cumas cinnteoireachta an Aontais a neartú chun an tAontas Eorpach a ullmhú le haghaidh méadú breise<sup>31</sup>.
5. comhaontuithe trádála a tugadh i gcrích le déanaí a dhaingniú níos gasta gan bac a chur ar iniúchadh agus plé ceart.

## [22. Togra: Trédhearcacht AE agus a chaidreamh leis na saoránaigh](#)

**CUSPÓIR:** Molaimid go gcuirfidh an tAontas feabhas ar a inrochtaineacht do shaoránaigh, go háirithe ina chuid gníomhaíochtaí ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí chaibidlíocht trádála, trí fhaisnéis, oideachas, rannpháirtíocht na saoránach agus trédhearcacht a ghníomhaíochta a fheabhsú, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

Bearta:

1. naisc a neartú le saoránaigh agus le hinstiúidí áitiúla chun trédhearcacht a fheabhsú, chun na saoránaigh a shroicheadh agus chun cumarsáid a dhéanamh leo agus dul i gcomhairle leo ar bhealach níos fearr faoi thionscnaimh nithiúla de chuid an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta<sup>32</sup>.

<sup>27</sup> Féach Moladh 12 ó PSE4, arna fhorbairt tuilleadh sa Mheitheal

<sup>28</sup> Féach Moladh 21 ó PSE4, arna fhorbairt a thuilleadh sa mheitheal

<sup>29</sup> Féach an tArdán Digiteach, arna fhorbairt Tuilleadh sa Mheitheal

<sup>30</sup> Féach an tArdán Digiteach, arna fhorbairt tuilleadh sa Mheitheal

<sup>31</sup> Féach Moladh 26 ó PSE4, arna fhorbairt tuilleadh sa Mheitheal

<sup>32</sup> Féach Moladh 18 ó PSE4, arna fhorbairt tuilleadh sa Mheitheal



2. rannpháirtíocht na saoránach i bpolaitíocht idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh a neartú agus imeachtaí ina mbíonn na saoránaigh rannpháirteach go díreacha a threorú, cosúil leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, a eagraítear ar an leibhéal náisiúnta, áitiúil agus Eorpach<sup>33</sup> agus le rannpháirtíocht ghníomhach na sochaí sibhialta eagraithe<sup>34</sup>.
3. tacaíocht iomlán ó na geallsealbhóirí ábhartha uile do shaoránaigh a roghnaíonn páirt a ghlacadh in eagraíochtaí na sochaí sibhialta eagraithe, faoi mar a rinne siad le COVID-19 agus leis an Úcráin.
6. Buiséad sonracha a leithdháileadh chun cláir oideachais a fhorbairt maidir le feidhmiú AE agus na luachanna a d'fhéadfadh sé a mholadh do na Ballstáit ar mian leo iad a lánpháirtiú ina gcuraclaim (bunscoileanna, meánscoileanna, agus ollscoileanna). Ina theannta sin, d'fhéadfaí cúrsa ar leith maidir le AE agus a fheidhmiú a thairiscint do mhic léinn ar mian leo staidéar a dhéanamh i dtír Eorpach eile tríd an gclár Erasmus. Thabharfaí tosaíocht do mhic léinn a roghnaíonn an cúrsa sin agus na cláir Erasmus sin á leithdháileadh.
4. feabhas a chur ar a straitéis meán trína hinfheictheacht ar na meáin shóisialta a neartú agus a hinneachar a chur chun cinn go gníomhach agus nuálaíocht a spreagadh trí mheáin shóisialta Eorpacha inrochtana a chur chun cinn.<sup>35</sup>

### [23. Togra: An tAontas Eorpach mar ghníomhaí láidir ar fud an domhain i réimsí na síochána agus na slándála](#)

**CUSPÓIR: Molaimid go leanfadh an tAontas Eorpach de bheith ag gníomhú chun idirphlé agus síocháin agus ord idirnáisiúnta<sup>36</sup> riailbhunaithe a chur chun cinn agus a ráthú, chun an t-iltaobhachas a neartú agus chun tógáil ar thionscnaimh síochána AE atá ann le fada agus a rannchuidigh le Duais Nobel a bhronnadh air in 2012, agus ag an am céanna a slándáil choiteann a neartú trí na nithe seo a leanas<sup>37</sup>:**

Bearta:

1. Na Comhfhórsaí Armtha atá aige a úsáidfear le haghaidh féinchosanta agus cosc a chur ar ghníomhaíocht mhíleata ionsaitheach de shaghas ar bith, le cumas tacaíocht a chur ar fáil in aimsir géarchéimeanna lena n-áirítear tubaistí nádúrtha. Lasmuigh de theorainneacha na hEorpa, d'fhéadfaí é a imscaradh i gcúinsí eisceachtúla faoi shainordú dlíthiúil ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus, dá bhrí sin, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta<sup>38</sup>, agus gan dul in iomaíocht le ECAT nó é a dhúbláil agus caidrimh náisiúnta éagsúla le ECAT a urramú agus measúnú a dhéanamh ar chaidreamh an Aontais le ECAT i gcomhthéacs na díospóireachta maidir le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais Eorpaigh.
2. Ról ceannasach a imirt i bhforbairt an oird dhomhanda slándála tar éis an chogaidh san Úcráin agus tógáil ar chompás straitéiseach an Aontais a glacadh le déanaí
3. A thaighde straitéiseach agus a acmhainn a chosaint, in earnálacha tosaíochta amhail earnáil an spáis, an chibearshlándáil, an earnáil leighis agus an comhshaol<sup>39</sup>.

<sup>33</sup> Féach Moladh 19 ó PSE4, arna fhorbairt tuilleadh sa Mheitheal

<sup>34</sup> Féach Moladh 19 ó PSE4, arna fhorbairt tuilleadh sa Mheitheal

<sup>35</sup> Féach Moladh 25 ó PSE4

<sup>36</sup> Ó dhíospóireachtaí sa Mheitheal agus sa Suí Iomlánach

<sup>37</sup> Féach Athrú 2 ó phainéal/imeachtaí náisiúnta na Fraince

<sup>38</sup> Féach Moladh 20 ó PSE4 agus PSN na hIodáile Braisle 2, Moladh 7, arna fhorbairt tuilleadh sa Mheitheal

<sup>39</sup> Féach Athrú 2 ó Phainéal Saoránach Náisiúnta na Fraince

4. Na cuais oibríochtúla a bhfuil gá leo a neartú chun éifeachtacht an chláisail maidir le cúnamh frithpháirteach d'Airteagal 42.7 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a áirithiú, lena gcuirtear cosaint an Aontais ar fáil d'aon Bhallstát atá faoi ionsaí ag tríú tír.
5. Machnamh a dhéanamh ar conas bréagaisnéis agus bolscaireacht a chomhrac ar bhealach oibiachtúil agus fórasach

#### 24. Togra: An tAontas Eorpach mar ghníomhaí láidir ar fud an domhain chun caidrimh a neartú

**CUSPÓIR: Molaimid gur cheart do AE an méis seo a leanas a dhéanamh, ina chaidreamh le tríú tíortha:**

Bearta:

1. úsáid níos mó a bhaint as a chomh-mheáchan polaitiúil agus eacnamaíoch, ag labhairt d'aon ghuth agus ag gníomhú ar bhealach aontaithe, gan an tAontas a bheith á dheighilt ag Ballstáit trí fhreagairtí déthaobhacha míchuí<sup>40</sup>.
2. a chumas a neartú smachtbhannaí a chur ar Stáit, ar rialtais, ar eintitis, ar ghrúpaí nó ar eagraíochtaí chomh maith le smachtbhannaí a chur ar dhaoine aonair nach gcomhlíonann a mbunphrionsabail, a gcomhaontuithe agus a ndlíthe agus a áirithiú go ndéantar smachtbhannaí atá ann cheana a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go tapa. Ba cheart go mbeadh smachtbhannaí in aghaidh tríú tíortha comhréireach leis an ngníomhaíocht a spreag iad agus ba cheart iad a bheith éifeachtach agus curtha i bhfeidhm in am trátha<sup>41</sup>.
3. trádáil inbhuanaithe atá bunaithe ar rialacha a chur chun cinn agus deiseanna nua trádála agus infheistíochta a chur ar fáil do chuideachtaí Eorpacha ag an am céanna. Cé go bhfuil comhaontuithe déthaobhacha trádála agus infheistíochta ríthábhachtach chun iomaíochas AE a chur chun cinn, is gá caighdeán agus rialacha a bheith ann chun machaire comhréidh a áirithiú. Ní mór don Aontas leanúint de bheith ina chomhpháirtí gníomhach iontaofa trí chomhaontuithe trádála a chaibidliú, a thabhairt i gcrích agus a chur chun feidhme lena leagtar síos ardchaighdeán inbhuanaitheachta freisin
4. mór-chomhaontuithe idirnáisiúnta comhair a thabhairt i gcrích mar AE seachas mar thíortha aonair<sup>42</sup>.
5. athchóiriú a dhéanamh ar bheartas trádála agus infheistíochta an Aontais chun an t-iltaobhachas domhanda a sheoladh an athuair agus chun poist chuibhiúla a chruthú agus cearta bunúsacha an duine a chosaint, lena n-áirítear cearta na n-oibríthe agus na gceardchumann; caomhnú an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta agus Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide a chomhlíonadh; seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a choimirciú; agus bonn tionsclaíoch na hEorpa a neartú. Ba cheart do AE rannchuidiú le hathsheoladh an iltaobhachais dhomhanda, trí athchóiriú suntasach atá bunaithe ar an daonlathas agus ar an tsíocháin, ar an dlúthpháirtíocht agus ar an urraim do chearta an duine, do chearta sóisialta agus do chearta comhshaoil agus trí ról atreisiú do EIS.
6. an comhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine agus na hinimirce neamhdhlíthiúla agus comhar i ndáil le haon aisdúichiú iomchuí a áireamh i gcomhaontú infheistíochta agus i gcomhar le tríú tíortha.

<sup>40</sup> Féach Moladh 24 ó PSE4 agus PSN na hIodáile Braisle 2, Moladh 7, arna fhorbairt tuilleadh sa Mheitheal

<sup>41</sup> Féach Moladh 22 ó PSE4, arna fhorbairt tuilleadh sa Mheitheal

<sup>42</sup> Féach Moladh 1 maidir le AE ar Domhan ó Phainéal Saoránach Náisiúnta na hÍsiltíre, arna fhorbairt tuilleadh sa Mheitheal

7. comhpháirtíochtaí a bhunú le tíortha atá i mbéal forbartha, tacú lena mbonneagar agus comhaontuithe trádála atá fabhrach don dá thaobh a bhunú chun cabhrú leo an t-aistriú i dtreo foinsí fuinnimh ghlais a bhaint amach<sup>43</sup>
8. beartas níos éifeachtaí agus níos aontaithe a fhorbairt maidir le réimis uathlathacha agus hibrideacha agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt le heagraíochtaí na sochaí sibhialta sna tíortha sin.
9. acmhainní mhisin bhreathnóireachta toghcháin an Aontais a mhéadú
10. dearcadh inchreidte i leith an aontachais a chur ar fáil do thíortha is iarrthóirí agus do thíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí ar bhallraíocht san Eoraip chun an tsíocháin agus an chobhsaíocht a chothú san Eoraip agus chun rathúnas a chur ar fáil do na milliúin Eorpach<sup>44</sup>.

NÓTA: Mheas roinnt comhaltaí den mheitheal gur ábhair do mheithle eile a bhí sna Tograí “Ag laghdú ar spleáchas AE ar ghníomhaithe eachtracha i bhfuinneamh” agus “Trédhearcacht AE agus a chaidreamh leis na saoránaigh”. Theastaigh ó roinnt comhaltaí aird a tharraingt ar roghanna eile ar aontoilíocht sa Chomhairle seachas ar vótáil trí thromlach cáilithe, amhail geoiméadracht athraitheach, rogha an diúltaithe agus comhar feabhsaithe. Mhol roinnt comhaltaí den mheitheal an téarma ‘inbhuanaithe’ a úsáid in ionad ‘eiticíúil’ i dTogra 3. Bhí éagsúlacht tuairimí ann maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart go leanfaí de bheith ag éileamh na haontoilíochta ó na Ballstáit go léir atá ann faoi láthair le haghaidh aontachas na mBallstát nua. Bhí réimse tuairimí ann maidir lena mhéid ba cheart comhfhórsaí armtha a bheith ann. Luaigh beirt comhaltaí an t-ionchas go mbeadh aontacht na hÉireann ann i gcás go vótálfadh Tuaisceart Éireann ar a shon i gcomhréir le forálacha Chomhaontú Aoine an Chéasta, agus go n-ullmhófaí an tAontas lena leithéid.

---

<sup>43</sup> Féach an tArdán Digiteach agus na Díospóireachtaí Iomlánacha, arna fhorbairt tuilleadh sa Mheitheal

<sup>44</sup> Féach an tArdán Digiteach, arna fhorbairt tuilleadh sa Mheitheal

## ‘Luachanna agus cearta, an smacht reachta, an tslándáil’

### 25. Togra: An Smacht Reachta, luachanna daonlathacha agus féiniúlacht Eorpach<sup>45</sup>

**Cuspóir: An smacht reachta a chosaint go córasach ar fud na mBallstát uile, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

Bearta:

1. A áirithiú go mbeidh na luachanna agus na prionsabail atá cumhdaithe i gConarthaí AE agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ina gcoinníollacha doshannta, do-iniompaithe agus sine qua non le haghaidh bhallraíocht agus aontachas AE. Caithfear luachanna an Aontais a urramú go hiomlán i ngach Ballstát freisin ionas gur féidir leo gníomhú mar chaighdeán idirnáisiúnta agus mar ábhar meallta trí thaidhleoireacht agus idirphlé. Níor cheart do mhéadú AE an bonn a bhaint de *acquis* AE i ndáil le luachanna bunúsacha agus cearta na saoránach;<sup>46</sup>
2. Luachanna Eorpacha a dhéanamh inbhraite do shaoránaigh an Aontais, mar shampla trí rannpháirtíocht níos idirghníomhaí agus níos díri. Chuige sin, ba cheart an tsaoránacht Eorpach a neartú, mar shampla, trí reacht um shaoránacht Eorpach lena soláthrófar cearta agus saoirsí sonracha do shaoránaigh, mar aon le reacht do chomhlachais trasteorann Eorpacha agus d’eagraíochtaí neamhbhrabúsacha Eorpacha. Ba cheart luachanna Eorpacha a chur chun cinn freisin trí ‘pacáiste ionduchtúcháin’ ina gcuirfí eilimintí teagascacha agus ábhar faisnéise ar fáil do shaoránaigh. Ar deireadh, ba cheart réimse poiblí Eorpach, lena n-áirítear eagraíochtaí na meán closamhairc agus eagraíochtaí na meán ar líne, a fhorbairt trí infheistíocht bhreise ón Aontas, trí mhoil mheán AE atá ann cheana a fheabhsú, agus trí bhreis agus 500 oifig idirchaidrimh Eorpacha áitiúla a bhfuil tacaíocht bhreise acu;<sup>47</sup>
3. Ba cheart Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a bheith infheidhme go huilíoch agus infhorfheidhmithe. Ina theannta sin, ba cheart comhdhálacha bliantúla maidir leis an smacht reachta (tar éis Thuarascáil an Choimisiúin maidir leis an Smacht Reachta) a eagrú le toiscaireachtaí ó na Ballstáit uile ina mbeadh saoránaigh, státseirbhísigh, parlaiminteoirí, údaráis áitiúla, comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta a roghnaíodh go randamach agus atá éagsúil. Ba cheart tuilleadh tacaíochta a thabhairt d’eagraíochtaí, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, a chuireann an smacht reachta ar an láthair chun cinn;<sup>48</sup>
4. Raon feidhme na ‘Rialachán maidir le comhlíonadh’ agus ionstraimí eile maidir leis an smacht reachta’ a chur i bhfeidhm agus a mheas ar bhealach éifeachtach, agus féachaint an bhféadfaí síneadh a chur le réimsí nua beag beann ar a n-ábharthacht do bhuiséad AE. Ba cheart féachaint ar aon bhealaí dlíthiúla is gá, lena n-áirítear athruithe ar na Conarthaí, chun sáruithe ar an smacht reachta a phionósú;<sup>49</sup>

<sup>45</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: Painéal Saoránach Eorpach 2 (PSE2): 10, 11, 14, 30; Painéal Saoránach Náisiúnta (PSN) na Beilge: 1.3.1, 1.4.2, 1.4.3; PSN na Gearmáine: 5.1, 5.2; PSN na hÍsiltíre: 1.2.

<sup>46</sup> Moladh uimhir 14 PSE2 (Painéal Saoránach Eorpach). Moladh uimhir 1.3.1, 1.4.2, 1.4.3. PSN (Painéal Saoránach Náisiúnta) na Beilge Moladh 1.2 PSN na hÍsiltíre.

<sup>47</sup> Moladh uimhir 11 PSE2. Moladh uimhir 5.1, 5.2 PSN na Gearmáine. Díospóireacht Mheithle.

<sup>48</sup> Moladh uimhir 11 PSE2. Díospóireacht Mheithle. Díospóireachtaí sa suí iomlánach.

<sup>49</sup> Moladh uimhir 10 PSE2.

5. Cláir oideachais agus cláir meán a chothú lena ndéantar luachanna an Aontais mar chuid de phróiseas lánpháirtithe na n-imirceach agus lena spreagtar idirghníomhaíocht idir imircigh agus saoránaigh an Aontais, d'fhonn a áirithiú go ndéanfar iad a lánpháirtiú go rathúil i sochaithe an Aontais agus feasacht a chruthú i measc shaoránaigh an Aontais ar shaincheisteanna a bhaineann leis an imirce.<sup>50</sup>

## 26. [Togra: Cosaint Sonraí](#)<sup>51</sup>

**Cuspóir: Beartas cóireála sonraí atá níos cosantaí agus níos dírithe ar shaoránaigh a ráthú, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

Bearta:

1. An reachtaíocht atá ann cheana maidir le príobháideachas sonraí a chur chun feidhme go hiomlán agus í a athbhreithniú chun meastóireacht a dhéanamh, más gá, ar shásraí forfheidhmiúcháin níos láidre a bhunú d'eintitis a phróiseálann sonraí pearsanta, atá faoi inniúlacht údarás náisiúnta neamhspleách um chosaint sonraí faoi láthair lena n-urramaítear prionsabal na coimhdeachta. Ba cheart smachtbhannaí a fhorchur ar eintitis den sórt sin ar bhealach níos déine ná mar atá i gcuir chun feidhme an rialacháin atá ann faoi láthair, i gcomhréir lena láimhdeachas bliantúil (suas go 4%), agus b'fhéidir trí thoirmeasc ar a gcuid gníomhaíochtaí, agus ba cheart iad a bheith faoi réir iniúchadh neamhspleách bliantúil;<sup>52 53</sup>
2. Níos mó éifeachta a thabhairt do phrionsabal na príobháideachta de réir dearadh agus réamhshocrú, e.g. foirmeacha toilithe comhchuibhithe maidir le próiseáil sonraí atá intuigthe, gonta agus soláimhsithe don úsáideoir a mheas agus a thabhairt isteach, ar foirmeacha iad lena léirítear go soiléir cad atá agus cad nach bhfuil riachtanach. Ní mór d'úsáideoirí a bheith in ann a dtoilíú le próiseáil sonraí a thabhairt nó a tharraingt siar ar bhealach éasca, tapa agus buan;<sup>54 55</sup>
3. Rialacha níos soiléire agus níos cosantaí maidir le próiseáil sonraí mionaoiseach a mheas agus a thabhairt isteach, b'fhéidir in RGCS AE, lena n-áirítear trí chatagóir speisialta a chruthú do shonraí íogaire mionaoiseach agus trí thairseach toilithe aoise a chomhchuibhiú laistigh de Bhallstáit AE. Cé gur cheart go bhfanadh cur chun feidhme agus ardú feasachta an chuid is mó de na rialacha príobháideachais faoi shainchúram na mBallstát, lena n-áirítear trí infheistíocht níos airde agus acmhainní breise ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart go mbeadh ról níos láidre ag AE freisin e.g. trí inniúlachtaí AE maidir le hoideachas sibhialta a bhaineann le cosaint sonraí a chruthú;<sup>56</sup>

<sup>50</sup> Moladh uimhir 30 PSE2.

<sup>51</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: PSE2: 7, 8, 9; PSN na hÍsiltíre: 1.3, 4.3.

<sup>52</sup> Moladh uimhir 7 PSE2. Díospóireacht Mheithle.

<sup>53</sup> Saincheist arna cumhdach freisin ag an Meitheal ar an gClaochlú Digiteach.

<sup>54</sup> Moladh uimhir 9 PSE2.

<sup>55</sup> Saincheist arna cumhdach freisin ag an Meitheal ar an gClaochlú Digiteach.

<sup>56</sup> Moladh uimhir 8 PSE2. Moladh uimhir 1.3, 4.3 PSN na hÍsiltíre.

4. Forfheidhmiú níos fearr a dhéanamh ar na critéir incháilitheachta do na hÚdaráis Eorpacha agus náisiúnta um Chosaint Sonraí, ó thaobh cáilíochtaí agus oiriúnachta de, chun an leibhéal neamhspleáchais is airde dá gcomhaltaí a áirithiú.<sup>57 58</sup>

## [27. Togra: Na Meáin, Bréagnuacht, Bréagfhaisnéis, Seiceáil fóras, Cibearshlándáil<sup>59</sup>](#)

**Cuspóir: Dul i ngleic leis an mbréagaisnéis trí neamhspleáchas agus iolrachas na meán, mar aon le litearthacht sna meáin, a chur chun cinn tuilleadh, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

Bearta:

1. Reachtaíocht a thabhairt isteach lena dtugtar aghaidh ar bhagairtí ar neamhspleáchas na meán trí íoschaighdeán uile-Aontais, lena n-áirítear athbhreithniú ar shamhail ghnó na meán chun sláine agus neamhspleáchas mhargadh meán an Aontais a áirithiú;<sup>60</sup>
2. Rialacha iomaíochta AE a fhorfheidhmiú go docht in earnáil na meán chun monaplachtaí móra meán a chosc agus chun iolrachas agus neamhspleáchas na meán ó chur isteach polaitiúil, corparáideach agus/nó eachtrach a áirithiú; Ba cheart iriseoireacht d'ardchaighdeán a chur chun cinn freisin, trí ardchaighdeán eiticiúla agus féinrialála a bhunú;<sup>61</sup>
3. Comhlacht de chuid an Aontais a bhunú a bheidh i gceannas ar aghaidh a thabhairt ar bhréagaisnéis agus ar chur isteach spriocdhírithé, ar an bhfeasacht staide a mhéadú agus ar eagraíochtaí seiceála fíricí agus ar na meáin neamhspleácha a neartú. Ba cheart tacaíocht bhreise a thabhairt do 'Beolínthe' agus do shuíomhanna gréasáin, amhail Europe Direct, áit ar féidir le saoránaigh chomh maith leis na meáin náisiúnta faisnéis faoi pholaitíocht agus faoi bheartais na hEorpa a iarraidh agus a chur ar fáil dóibh, agus ba cheart iad a chur chun cinn ar bhealach níos gníomhaí;<sup>62 63</sup>
4. Litearthacht sna meáin agus feasacht na saoránach ar bhréagaisnéis agus ar nuacht bhréige a scaipeadh go neamhbheartaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear trí oiliúint éigeantach scoile. Ba cheart na Ballstáit a spreagadh freisin chun acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais a sholáthar chuige sin;<sup>64</sup>
5. Tionscnaimh atá ann cheana a fhorbairt, amhail an Cód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis agus an Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha., chun ceangal a chur ar na hardáin ar líne ráitis shoiléire a eisiúint faoi na halgartaim a úsáideann siad (a fhágann go mbíonn úsáideoirí in ann cinneadh a dhéanamh an bhfuil siad toilteanach a bheith faoina réir) agus faoi na rioscaí bréagaisnéis

<sup>57</sup> Moladh uimhir 7, 8 PSE2.

<sup>58</sup> Saincheist arna cumhdach freisin ag an Meitheal ar an gClaochlú Digiteach.

<sup>59</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: PSE2: 5, 12, 13, 17, 28; PSN na Beilge: 1.5.1, 2.1.1 suas go 2.4.3; PSN na hÍsiltíre: 3.1.

<sup>60</sup> Moladh uimhir 5 PSE2. Moladh uimhir 2.1.1 PSN na Beilge. Moladh 3.1 PSN na hÍsiltíre.

<sup>61</sup> Moladh uimhir 12 PSE2. Moladh uimhir 2.1.4 PSN na Beilge.

<sup>62</sup> Moladh uimhir 17 agus 28 PSE2. Moladh uimhir 1.5.1, 2.1.3, 2.2.1., 2.2.2 PTC na Beilge.

<sup>63</sup> Saincheist arna cumhdach freisin ag an Meitheal ar an gClaochlú Digiteach.

<sup>64</sup> Moladh uimhir 5 agus 28 PSE2. Moladh uimhir 2.3.2, 2.3.3 PSN na Beilge.

atá ann d'úsáideoirí, agus an ceart chun saorchainte dlíthiúla agus an ceart chun príobháideachta á gcosaint ag an am céanna<sup>65, 66</sup>.

## 28. Togra: Na Meáin, Bréagnuacht, Bréagfhaisnéis, Seiceáil fóras, Cibearshlándáil (a)

**Cuspóir: Ról níos láidre a bheith ag an Aontas maidir le cur i gcoinne bagairtí cibearshlándála, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

Bearta:

1. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) a neartú chun cosaint bhreise a thabhairt do dhaoine aonair, d'eagraíochtaí agus d'institiúidí ar sháruithe cibearshlándála agus ar úsáid na hintleachta saorga chun críocha coiriúla. Ba cheart príobháideacht sonraí agus cosaint sonraí pearsanta a chosaint ag an am céanna;<sup>67, 68</sup>
2. Comhordú na n-údarás náisiúnta cibearshlándála a fheabhsú agus iarrachtaí breise a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha ar leibhéal an Aontais chun feidhme go cuí ar an leibhéal náisiúnta<sup>69, 70</sup>.

## 29. Togra: Frith-idirdhealú, Comhionannas agus Cáilíocht na Beatha<sup>71</sup>

**Cuspóir: Bearta a dhéanamh chun dálaí maireachtála a chomhchuíbhíú ar fud an Aontais agus feabhas a chur ar cháilíocht shocheacnamaíoch shaoránaigh an Aontais, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

Bearta:

1. I gcomhairle le saineolaithe agus le comhpháirtithe sóisialta, táscairí trédhearcacha cáilíochta saoil a fhorbairt, lena n-áirítear critéir eacnamaíocha, shóisialta agus smachta reachta, chun amlíne shoiléir agus réalaíoch a bhunú chun caighdeán shóisialta a ardú agus chun struchtúr socheacnamaíoch coiteann AE a bhaint amach, lena n-áirítear trí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme. Ba cheart iad sin a chomhtháthú sa chreat rialachais eacnamaíoch agus i bpróiseas an tseimeastair Eorpaigh;<sup>72, 73</sup>
2. Infheistíocht dhíreach a mhéadú agus a éascú san oideachas, sa tsláinte, sa tithíocht, sa bhonneagar fisiciúil, agus i gcúram do dhaoine scothaosta agus do dhaoine atá faoi mhíchumas. Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag infheistíocht bhreise freisin cothromaíocht iomchuí oibre is saoil a ráthú do

<sup>65</sup> Moladh uimhir 28 PSE 2. Moladh 2.3.1, 2.4.1., 2.4.2 NPC na Beilge .

<sup>66</sup> Saincheist arna cumhdach freisin ag an Meitheal ar an gClaochlú Digiteach.

<sup>67</sup> Moladh uimhir 13 PSE2.

<sup>68</sup> Saincheist arna cumhdach freisin ag an Meitheal ar an gClaochlú Digiteach.

<sup>69</sup> Moladh uimhir 13 PSE2.

<sup>70</sup> Saincheist arna cumhdach freisin ag an Meitheal ar an gClaochlú Digiteach.

<sup>71</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: PSE2: 1, 2, 21, 22, 23; PSN na hÍsiltíre: 1.1.

<sup>72</sup> Moladh uimhir 22 PSE2. Díospóireacht Mheithle.

<sup>73</sup> Saincheist arna cumhdach freisin ag an Meitheal um Gheilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist.

shaoránaigh. Ba cheart infheistíocht den sórt sin a dhéanamh ar bhealach atá go hiomlán trédhearcach, lena bhféadfaí an próiseas ar fad a rianú;<sup>74</sup>

3. Ag moladh go ngearrafaí cáin ar chorparáidí móra, go ndéanfaí comhrac i gcoinne rochtain a bheith ar thearmainn cánach agus iad a dhíothú, d'fhonn infheistíocht phoiblí a mhéadú i réimsí tosaíochta amhail oideachas (scoláireachtaí, Erasmus) agus taighde. Ba cheart an comhrac in aghaidh imghabháil cánach ar fud AE a bheith ina shlí freisin chun cistí a thiomsú do thionscnaimh a mhaoinítear go poiblí;<sup>75 76</sup>
4. Critéir uile-Aontais a chur ar fáil maidir le frith-idirdhealú i margadh an tsaothair agus spreagadh a thabhairt do chuideachtaí príobháideacha fostaíocht na daoine is minice atá faoi thíos leis an idirdhealú (e.g. an óige, daoine scothaosta, mná, mionlaigh) a fhostú, lena n-áirítear trí fhóirdheontais, agus, mar an dara céim, trí chuótaí sealadacha. Ba cheart go mbeadh dlúthcheangal idir comhpháirtithe sóisialta i ndáil leis sin. Leis an dlí, ba cheart go gcoiscfí idirdhealú lasmuigh de mhargadh an tsaothair freisin, agus go gcuirfí comhionannas chun cinn;<sup>77</sup>
5. Cruthú agus éascú naíonraí inacmhainne, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, agus cúram leanaí saor in aisce dóibh siúd a bhfuil sé de dhíth orthu a áirithiú.<sup>78</sup>

### 30. [Togra: Cearta ainmhithe, Talmhaíocht](#)<sup>79</sup>

**Cuspóir: Bearta cinntitheacha a dhéanamh chun talmhaíocht atá níos éiceolaíochta agus níos dírithe ar an aeráid a chur chun cinn agus a áirithiú, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

Bearta:

1. Critéir íosta mhionsonraithe, intomhaiste agus faoi cheangal ama a leagan síos chun ainmhithe feirmeoireachta a chosaint, d'fhonn caighdeán níos airde maidir le folláine ainmhithe a áirithiú i gcomhréir le cuspóirí inbhuanaitheachta a thabhairt isteach agus ar bhonn cur chuige maidir le córas comhtháite bia;<sup>80 81</sup>
2. Cúiteamh airgeadais a thabhairt isteach i leith seachtrachtaí diúltacha a bhaineann le gníomhaíocht talmhaíochta (e.g. astaíochtaí gás ceaptha teasa, úsáid lotnaidicídí, ró-úsáid uisce, iompar cianaistir, etc.) bunaithe ar a dtionchar ar an gcomhshaol. Ba cheart freisin earraí talmhaíochta a allmhairítear isteach in AE a thomhas ar an mbonn sin, lena n-áirítear trí dhleachtanna custaim, chun aon bhuntáiste iomaíoch a eascraíonn as caighdeán chomhshaoil níos ísle a iarnáil;<sup>82</sup>

<sup>74</sup> Moladh uimhir 21 PSE2. Moladh uimhir 1.1 PSN na hÍsiltíre.

<sup>75</sup> Moladh uimhir 23 PSE2.

<sup>76</sup> Saincheist arna cumhdach freisin ag an Meitheal um Gheilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist.

<sup>77</sup> Moladh uimhir 1 PSE2. Díospóireacht Mheithle.

<sup>78</sup> Moladh uimhir 2 PSE2. Díospóireacht Mheithle.

<sup>79</sup> Moltáí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: PSE2: 3, 4, 6.

<sup>80</sup> Moladh uimhir 3 PSE2.

<sup>81</sup> Saincheist arna cumhdach freisin ag an Meitheal um Athrú Aeráide agus Comhshaol.

<sup>82</sup> Moladh uimhir 4 PSE2.



27/4/2022

3. Athmheasúnú rialta a dhéanamh ar na fóirdheontais don olltáirgeadh talmhaíochta i gcás ina spreagann sé agus ina rannchuidíonn sé leis an aistriú chuig talmhaíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus táirgí bia inacmhainne á n-áirithiú ag an am céanna.<sup>83 84</sup>

---

<sup>83</sup> Moladh uimhir 6 PSE2.

<sup>84</sup> Saincheist arna cumhdach freisin ag an Meitheal um Athrú Aeráide agus Comhshaoil.

## ‘Claochlú Digiteach’

Ní mór don Eoraip a bheith ina ceannaire domhanda agus ina creatlach maidir leis an gclaochlú digiteach agus ní mór di cairt a dhéanamh de bhealach Eorpach chun sochaí dhigiteach eiticíúil, atá dírithe ar an duine, trédhearcach agus sábháilte a chruthú. Ní mór don Eoraip a bheith uailmhianach ina cur chuige agus leas iomlán a bhaint as na deiseanna a ghabhann leis an digitiú, agus ag an am céanna na rioscaí agus na dúshláin a bhaineann leis an digitiú a bhainistiú. Baineann an digitiú le gach réimse dár sochaí agus ní mór é a chur san áireamh. Rinneadh tagairt sa chomhthéacs sin don Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacaíde Digití agus rinneadh moltaí chun Cairt um Chearta Digiteacha a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo a mheas.

Níor dhearna ionsaitheacht na Rúise san Úcráin ach go leor de na pointí a dtugtar aghaidh orthu sna tograí a atreisiú, amhail an gá le ceannasacht dhigiteach, fócas méadaithe ar an gcibearchosaint agus cosaint ar an mbréagaisnéis. Is léir freisin go bhfuil iarmhairtí ag coinbhleachtaí sa réimse digiteach sa lá atá inniu ann, rud a ardaíonn saincheisteanna nua amhail na hiarmhairtí fadtéarmacha a bhaineann le faisnéis phearsanta a urghabháil agus úsáid neamhdhlisteanach na sonraí sin amach anseo.

### 31. [Togra: Rochtain ar bhonneagar digiteach](#)<sup>85</sup>

**Cuspóir: Tá rochtain chomhionann ar an idirlíon ina ceart bhunúsach ag gach saoránach Eorpach. Molaimid go mbeadh gach duine san Eoraip in ann rochtain a fháil ar an idirlíon agus ar sheirbhísí digiteacha, agus go mbeadh ceannas bhonneagar digiteach an Aontais feabhsaithe ar na bealaí seo a leanas:**

Bearta:

1. Infheistíocht a dhéanamh i mbonneagair dhigiteacha Eorpacha atá nuálach agus ar ardchaighdeán (lena n-áirítear 5G agus 6G a fhorbairt san Eoraip); (Moladh PSE1 uimhir 40 agus uimhir 47 PB1 ón Ísiltír)
2. Rochtain thapa, inacmhainne, shlán agus chobhsaí ar an idirlíon a áirithiú i ngach áit san Aontas, lena n-áirítear le haghaidh fánaíochta, agus tosaíocht a thabhairt do nasc idirlín a thabhairt do ‘chriosanna bhána/marbhchriosanna’, ceantair thuithe agus réigiúin iargúlta agus fhorimeallacha chun aghaidh a thabhairt ar an deighilt dhigiteach idir na Ballstáit agus laistigh díobh agus chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár; (Moladh uimhir 17, 47 PSE1 agus PNS - an Ísiltír)
3. Úsáid bonneagair dhigitigh agus leictirigh i spásanna poiblí agus príobháideacha a chur chun cinn chun úsáid feithiclí leictreacha agus uathrialaitheacha a chumasú; (Díospóireacht Mheithle)<sup>86</sup>
4. Bearta a dhéanamh chun iomaíocht chothrom oscailte a áirithiú agus monaplachtaí, gaibhniú díoltóirí, comhchruinniú sonraí agus spleáchas ar thríú tíortha i dtaca le bonneagar agus seirbhísí a chosc, lena ndéanfar na margaí a fheabhsú i dtaobh dhearcadh na dtomhaltóirí; (Moladh uimhir 17 PSE1)
5. Tosaíocht a thabhairt do leanaí, teaghlaigh, daoine scothaosta agus grúpaí leochaileacha, maidir le rochtain ar an idirlíon agus ar chrua-earraí, go háirithe maidir le rochtain ar oideachas, ar sheirbhísí poiblí agus ar shláinte; (Moladh uimhir 17 PSE1 agus Díospóireacht Mheithle)

<sup>85</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: Painéal Saoránach Eorpach 1 (PSE1): 17, 40, 47; Painéil Náisiúnta ó Shaoránaigh (PSN) An Ísiltír 1

<sup>86</sup> Féach an nasc chuig PSE 3, moladh 38 maidir le bonneagar d’fheithiclí leictreacha

6. Feabhas a chur ar an rochtain dhigiteach ar sheirbhísí riachtanacha poiblí agus príobháideacha agus feabhas a chur ar inrochtaineacht na seirbhísí sin do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, mar shampla i dtaca le nósanna imeachta riaracháin, agus rochtain chuimsitheach agus tacaíocht a áirithiú amhail trí dheasca cabhrach maidir leis na seirbhísí sin; (Díospóireacht Mheithle, Ardán Digiteach Ilteangach)
7. Caighdeán dhigiteacha ar ardchaighdeán a chomhchuibhiú agus soghluaisteacht shlán sonraí a fheabhsú chun idir-inoibritheacht trasteorann a éascú; (Díospóireacht Mheithle, Ardán Digiteach Ilteangach)
8. Tionchair chomhshaoil an bhonneagair dhitighe agus an digitithe a chur san áireamh chun an claochlú digiteach a dhéanamh inbhuanaithe agus gach iarracht a dhéanamh chun sochaí dhigiteach ghlas a bhaint amach. (Díospóireacht Mheithle, Ardán Digiteach Ilteangach)

### [32. Togra: Lítearthacht dhigiteach agus scileanna digiteacha lena gcumhachtaítear daoine<sup>87</sup>](#)

**Cuspóir: Molaimid go n-áiritheoidh an tAontas go mbeidh saoránaigh uile an Aontais in ann tairbhe a bhaint as an digitiú, trí na scileanna agus na deiseanna digiteacha is gá a thabhairt dóibh, trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:**

Bearta:

1. Rochtain ar litearthacht dhigiteach agus oiliúint scileanna agus oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil a áirithiú, lena n-áirítear i gcuraclaim scoile, le linn gach céim den saol trí thógáil ar thionscnaimh atá ann cheana ar an leibhéal Eorpach, agus béim ar leith á leagan ar ghrúpaí leochaileacha agus ar dhaoine scothaosta a chuimsiú, ar scileanna digiteacha leaná a fheabhsú ar bhealach atá comhoiriúnach lena bhforbairt shláintiúil agus ar dhul i ngleic le neamhionannais dhigiteacha, lena n-áirítear an bhearna dhigiteach inscne; (Moladh PSE1 uimhir 8, PSN - an Iodáil 5.2, Díospóireacht Mheithle)
2. Úsáid shláintiúil an idirlín a áirithiú trí na Ballstáit a spreagadh oiliúint scileanna digiteacha a chur chun feidhme do gach aoisghrúpa le cláir agus curaclaim chaighdeánacha a shocraítear ar an leibhéal Eorpach, mar shampla rioscaí agus deiseanna an idirlín, cearta úsáideoirí ar líne agus an bhéasaíocht idirlín; (Moladh PSE1 uimhir 47 agus Díospóireacht Mheithle)
3. Gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú nach bhfágann digitiú na sochaí daoine scothaosta agus go bhfuil rochtain acu ar an teicneolaíocht trí chlár agus tionscnaimh a chothú, mar shampla i bhfoirm ranganna atá curtha in oiriúint dá riachtanais. Ag an am céanna, ba cheart a áirithiú gur féidir rochtain a fháil go pearsanta agus ar mhodhanna neamhdhigitiúla ar sheirbhísí bunriachtanacha; (Moladh uimhir 34 agus 47 PSE1)
4. teastas AE maidir le scileanna digiteacha a thabhairt isteach i scoileanna a ullmhóidh daoine óga don mhargadh fostaíochta a bheidh ann amach anseo (moladh 8); (Moladh uimhir 8 PSE1)
5. Tionscnaimh oiliúna arna gcomhordú ar leibhéal an Aontais a fhorbairt chun athoiliúint agus uasoiliúint a chur ar oibrithe le go bhfanfaidh siad iomaíoch sa mhargadh fostaíochta, agus inniúlachtaí agus scileanna atá ag teastáil i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe á gcur san áireamh freisin, agus chun oiliúint a chur ar shaineolaithe digiteacha; (Moladh uimhir 8 PSE1 agus Díospóireacht Mheithle)

---

<sup>87</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: Painéal Saoránach Eorpach 1 (PSE1): 8, 34, 47, Painéil Saoránach Náisiúnta (PSN) - An Iodáil 5.2

6. Feasacht a ardú maidir le hardáin dhigiteacha atá ann cheana a nascann daoine le fostóirí agus a chuidíonn le poist a fháil san Aontas, amhail EURES; (Moladh uimhir 8 PSE1)
7. Infheistíochtaí agus iarrachtaí a mhéadú chun borradh a chur faoi dhigitiú an oideachais, lena n-áirítear ardoideachas (Díospóireacht Mheithle, Ardán Digiteach Ilteangach)

### 33. [Togra: Sochaí dhigiteach atá sábháilte agus iontaofa – cibearshlándáil agus bréagaisnéis](#)<sup>88</sup>

**Cuspóir:** Molaimid, chun sochaí dhigiteach shábháilte, athléimneach agus iontaofa a bheith ann, gur cheart don Aontas a áirithiú go ndéanfar an reachtaíocht atá ann cheana a chur chun feidhme go héifeachtach agus go pras agus go mbeadh níos mó cumhachtaí aige chun an chibearshlándáil a fheabhsú, chun déileáil le hábhar neamhdhleathach agus le cibearchoiriúlacht, chun dul i ngleic le cibearbhagairtí ó ghníomhaithe neamhstáit agus ó stáit údarásaíocha agus chun teacht astu, agus chun aghaidh a thabhairt ar bhréagaisnéis tríd an méid seo a leanas:

Bearta:

1. Acmhainní Europol/Ionad Cibearchoireachta na hEorpa a neartú ó thaobh acmhainní airgeadais agus daonna de, lena gceadófar cur chuige níos réamhghníomhaí chun an chibearchoireacht a chomhrac agus chun cumais chomhpháirteacha cibearchosanta Eorpacha a fhorbairt i gcoinne ionsaithe mórskála, lena n-áirítear trí chomhar níos fearr; (Moladh PSE1 uimhir 39 PSE1, PNS - an Liotuáin 2.6, PSN - an Ísiltír 1, Díospóireacht Mheithle)
2. Bearta riachtanacha a dhéanamh chun a bheith ullamh d'aon ionsaithe ar mhórskála nó lándorchú ar mhórskála agus téarnamh uatha go pras, mar shampla, trína áirithiú go mbeidh bonneagar athléimneach agus bealaí malartacha cumarsáide ann; (Díospóireacht Mheithle)
3. Smachtbhannaí comhchosúla agus forfheidhmiú tapa éifeachtach a áirithiú sna Ballstáit i gcás cibearchoireachta trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar lárionaid agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha cibearshlándála; (Moladh uimhir 39 PSE1)
4. An litearthacht dhigiteach agus an smaointeoireacht chriticiúil a fheabhsú mar bhealach chun an bhréagaisnéis, na bagairtí ar líne agus an fhuathchaint, mar aon le pátrúin dhorcha agus praghsáil fhabhrach a chomhrac; (Díospóireacht Mheithle)
5. An bhréagaisnéis a chomhrac trí reachtaíocht agus treoirlínte le haghaidh ardáin ar líne agus cuideachtaí meán sóisialta chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí bréagaisnéise agus chun bearta trédhearcachta a chur chun feidhme, lena n-áirítear, mar shampla, algartaim intleachta saorga ar féidir leo aird a tharraingt ar iontaofacht na faisnéise ar na meáin shóisialta agus ar mheáin nua, agus foinsí faisnéise a bhfuil seiceáil déanta ar na fíricí a sholáthar don úsáideoir. Agus algartaim á n-úsáid, ba cheart go bhfanfadh daoine ag rialú deiridh na bpróiseas cinnteoireachta; (Moladh uimhir 46 PSE1 agus Díospóireacht Mheithle)
6. Tacú le hardáin dhigiteacha a chuireann iolrachas na meán ar fáil agus a sholáthraíonn acmhainní agus tionscnaimh chun iontaofacht agus neamhchlaontacht na faisnéise ó na meáin thraidisiúnta (e.g. an teilifís, an preas clóite, an raidió) agus ó mheáin eile a mheas agus lán-urraim á tabhairt do phrionsabal shaoirse na meán agus faisnéis a chur ar fáil do shaoránaigh maidir le cáilíocht na nuachta. (Moladh uimhir 46 PSE1)

<sup>88</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: Painéal Saoránach Eorpach 1 (PSE1): 39, 46, Na Painéil Náisiúnta Saoránach (PNS) an Liotuáin 2.6, an Ísiltír 1

### 34. [Togra: An tsochaí dhigiteach atá slán agus iontaoifa - cosaint sonraí](#)<sup>89</sup>

**Cuspóir:** Cuirimid chun cinn ceannasacht sonraí daoine aonair, feasacht níos fearr agus cur chun feidhme agus forfheidhmiú níos éifeachtúla na rialacha cosanta sonraí atá ann cheana (RGCS) chun feabhas a chur ar rialú pearsanta ar a gcuid sonraí féin agus chun mí-úsáid sonraí a theorannú trí na nithe seo a leanas:

Bearta:

1. Na rialacha maidir le cosaint sonraí (RGCS) a mhíniú ar bhealach níos fearr, trédhearcacht a mhéadú agus cumarsáid a fheabhsú trí threoir a chruthú maidir le téacsanna i ndáil le toiliú eolasach a úsáideann teanga shimplí agus shoiléir agus a thuigfeadh gach duine, lena n-áirítear bealaí níos radharcaí chun toiliú le húsáid sonraí a chur ar fáil, in éineacht le feachtas faisnéise agus scileanna riachtanacha a áirithiú dóibh siúd a phróiseálann sonraí agus comhairle a thabhairt dóibh siúd a bhfuil cúnamh de dhíth orthu; (Moladh uimhir 42, 45 PSE1 agus PNS 2 ón Ísiltír)
2. A áirithiú go gcuirfear an toirmeasc atá ann cheana ar thoilíú réamhshocraithe maidir le hathúsáid nó athdhíol sonraí i bhfeidhm; (Moladh uimhir 42 PSE1)
3. A áirithiú go ndéanfar iarrataí ó úsáideoirí ar scríosadh buan sonraí a áirithiú in achar ama sonrach; (Moladh uimhir 42 PSE1)
4. Faisnéis shoiléir agus chomh gearr agus is féidir a sholáthar d'úsáideoirí maidir le cén chaoi a n-úsáidfear na sonraí agus cé a úsáidfídh na sonraí; (Moladh uimhir 42 PSE1)
5. a chinntiú go gcomhlíonann cuideachtaí neamh-Eorpacha na rialacha Eorpacha maidir le cosaint sonraí; (Moladh uimhir 42 agus uimhir 43 PSE1)
6. Córas deimhniúcháin a spreagadh ar leibhéal an Aontais lena léirítear comhlíonadh RGCS ar bhealach inrochtana, soiléir agus simplí, agus atá infheicthe ar shuíomhanna gréasáin agus ar ardáin agus ba cheart go ndéanfad deimhniúcháin neamhspleách é a eisiúint ar an leibhéal Eorpach. Níor cheart go gcruthódh sé ualaí díreireacha ar chuideachtaí beaga agus meánmhéide; (Moladh uimhir 44 PSE1, Diospóireacht Mheithle)
7. A áirithiú go gcuideofar go héifeachtúil agus go mear le saoránaigh nuair a bhíonn fadhbanna acu le rogha an diúltaithe nó le toiliú a chúlghairm. Chuige sin, ní mór iompar ionsáite a shainiú ar bhealach níos fearr agus ba cheart treoirínite agus sásraí le haghaidh rogha an diúltaithe agus le sonraí a chúlghairm agus le lucht calaoise a shainiú agus smachtbhannaí a chur orthu a fhorbairt ar an leibhéal Eorpach; (Moladh PSE1 uimhir 47 agus Diospóireacht Mheithle)
8. Foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí lena n-áirítear fíneáil a bheidh i gcomhréir le láimhdeachas na gcuideachtaí agus le teorainneacha oibríochtaí cuideachtaí, amhail toirmisc shealadacha nó chríochnaitheacha a fhorchur ar phróiseáil sonraí neamhiarrtha agus tacú lena bhforfheidhmiú ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus ag na gníomhaireachtaí náisiúnta. (Moladh uimhir 42 agus uimhir 43 PSE1, agus díospóireacht MO)

<sup>89</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: Painéal Saoránach Eorpach 1 (PSE1): 42, 43, 44, 45, Painéil Náisiúnta do Shaoránaigh (PNS) An Ísiltír 2

### 35. [Togra: An nuálaíocht dhigiteach chun an geilleagar a neartú](#)<sup>90</sup>

**Cuspóir:** Molaimid go gcuirfidh an tAontas chun cinn bearta digitithe lena neartaítear an geilleagar agus an margadh aonair ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe, lena méadófar iomaíochas na hEorpa sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht, lena bhfeabhsófar an margadh aonair digiteach do chuideachtaí de gach méid agus lena gcuirfear an Eoraip ar thús cadhnaíochta sa domhan ó thaobh an chlaochlaithe dhigitigh agus an digitithe de réir an duine, tríd an méid seo a leanas:

Bearta:

1. Reachtaíocht a thabhairt isteach nó a threisiú lena rialaítear ‘obair chliste’ (duine-lárnach), agus an tionchar ar shláinte choirp agus ar mheabhairshláinte oibrithe á chur san áireamh, mar shampla tríd an gceart chun dínascadh a áirithiú; Ba cheart prionsabal ‘an duine i rialú an duine’ a chur san áireamh i gcur chuige ‘cruinnithe an duine’; (Moladh PSE1 uimhir 7 agus Díospóireacht Mheithle)<sup>91</sup>
2. Reachtaíocht AE a dhreasaíonn cuideachtaí le bheith freagrach go sóisialta agus le poist ‘cliste’ ardháilíochta a choinneáil laistigh den Eoraip agus, ar an gcaoi sin, athlonnú post den sórt sin chuig tíortha a bhfuil costas níos ísle orthu a sheachaint. D’fhéadfadh dreasachtaí a bheith ina ndreasachtaí airgeadais agus/nó ina ndreasachtaí clú agus ba cheart critéir chomhshaoil, shóisialta agus rialachais (ESG) atá aitheanta go hidirnáisiúnta a chur san áireamh leo. Chuige sin, ba cheart don Aontas meitheal a bhunú ar a mbeadh saineolaithe ó na geallsealbhóirí ábhartha uile chun an reachtaíocht sin a scrúdú agus a neartú. (Moladh uimhir 7 PSE1)
3. Formhaoirseacht dhaonna ar phróisis chinnteoireachta a bhaineann leis an intleacht shaorga san ionad oibre agus trédhearcacht na n-algartam arna n-úsáid a áirithiú; aird a thabhairt ar thionchair dhiúltacha an fhaireachais dhigitigh neamhtheoranta san ionad oibre; Oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo sula dtabharfar isteach teicneolaíochtaí digiteacha a mbíonn tionchar acu ar dhálaí oibre; a áirithiú go ndéanfar cineálacha nua oibre, amhail obair ardáin, cearta oibrithe a urramú agus dálaí oibre iomchuí a chur ar fáil; (Díospóireacht Mheithle)
4. Tionscnaimh a ghlacadh chun tacú le cianobair, amhail spásanna oifige trí rochtain ar nasc idirlín tapa iontaofa agus ar oiliúint dhigiteach agus acmhainní do threalamh eirgeanamaíochta a chur ar fáil d’oifigí baile; (Moladh uimhir 17 PSE1 agus Díospóireacht Mheithle)
5. clár um scór digiteach a bhfuil rochtain ag an bpobal air a thabhairt isteach, lena gcruthaítear córas rangaithe lena léirítear agus lena gcuirtear i gcomparáid le leibhéal reatha digitithe ghnólachtaí an Aontais; (PSN na Gearmáine)
6. Geilleagar digiteach láidir agus iomaíoch a bhaint amach agus na tairbhí a bhaineann leis an gclaoclú digiteach a scaipeadh go cothrom ar fud na hEorpa trí dhírú ar an teicneolaíocht agus ar an nuálaíocht mar spreagthóirí don fhás, trí thaighde claochlaitheach den chéad scoth a spreagadh agus spás a dhéanamh d’éiceachórais nuálaíochta ar fud na réigiún uile trí fheabhas a chur ar thimpeallacht oibriúcháin FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta agus ar rochtain chothrom ar chistiú agus trí dheireadh a chur le hualaí dlíthiúla nó le hualaí eile a chuireann bac ar ghníomhaíochtaí trasteorann. (PNS - an Iodáil 1.3, díospóireacht MO agus Ardán Digiteach Ilteangach)
7. Bonneagar sonraí a fhorbairt bunaithe ar luachanna Eorpacha; An prionsabal ‘tús áite digiteach’ agus ‘aonuaire’ a chur chun feidhme agus rochtain dhigiteach agus shlán ar shonraí a éascú le haghaidh

<sup>90</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: Painéal Saoránach Eorpach 1 (PSE1): 7, 16, 17, Painéil Náisiúnta do Shaoránaigh (PNS) An Ghearmáin agus an Iodáil 1.3

<sup>91</sup> Féach an nasc leis an Meitheal um Gheilleagar Níos Láidre

nuálaíochta agus gnó; digitiú na seirbhísí poiblí a spreagadh (díospóireacht MO agus Ardán Digiteach Ilteangach)

8. Leas iomlán a bhaint as acmhainneacht úsáid iontaofa agus fhreagrach na hintleachta saorga, úsáid a bhaint as acmhainneacht na teicneolaíochta blocshlabhra agus seirbhísí néalríomhaireachta, coimircí agus caighdeáin a leagan síos lena n-áiritheofar trédhearcacht, idir-inoibritheacht, lena nginfear muinín, lena gcuirfear le héascaíocht úsáide agus lena seachnófar aon algartam idirdhealaitheach nó claonta; (Díospóireacht Mheithle agus Ardán Digiteach Ilteangach)
9. Bogearraí foinse oscailte agus a n-úsáid san oideachas agus san oiliúint agus saor-rochtain ar thaighde agus ar bhogearraí arna gcistiú go poiblí a chur chun cinn; (Díospóireacht Mheithle agus Ardán Digiteach Ilteangach)
10. Céannacht dhigiteach choiteann Eorpach a thabhairt isteach chun idirbhearta agus seirbhísí digiteacha trasteorann a éascú, le creat de chaighdeáin agus de threoirlínte Eorpacha a chuirfidh na coimircí riachtanacha ar fáil; (Díospóireacht Mheithle agus Ardán Digiteach Ilteangach)
11. Measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé faisnéis faoi tháirgí a dhigitiú i gcomhair táirgí tomhaltais agus cothaithe trí aip Eorpach chaighdeánaithe lena gceadófaí rochtain níos éasca don úsáideoir agus lena soláthrófaí faisnéis bhreise maidir le táirgí agus slabhra táirgeachta. (Moladh uimhir 16 PSE1)

## ‘Daonlathas Eorpach’

### 36. [Togra: Rannpháirtíocht na saoránach agus an óige.](#)

**Cuspóir: Rannpháirtíocht na saoránach agus rannpháirtíocht na hóige sa daonlathas ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a mhéadú chun ‘eispéireas iomlán cathartha’ a fhorbairt d’Eorpaigh, a áirithiú go gcloisfear a nguth freisin idir toghcháin, agus go mbeidh rannpháirtíocht éifeachtach ann. Sin an fáth ar cheart an cineál rannpháirtíochta is iomchuí a chur san áireamh do gach topaic, mar shampla:**

1. Feabhas a chur ar éifeachtacht sásraí rannpháirtíochta atá ann cheana agus cinn nua a fhorbairt trí eolas níos fearr a chur ar fáil fúthu. Go hidéalach, ba cheart an fhaisnéis ar fad faoi na spásanna sin a achoimriú<sup>92</sup> ar shuíomh gréasáin oifigiúil comhtháite a bhfuil gnéithe éagsúla aige.<sup>93</sup> Ba cheart sásra a cheapadh chun faireachán a dhéanamh ar thionscnaimh bheartais agus reachtacha a d’eascair as próisis dhaonlathacha rannpháirtíochta;<sup>94</sup> Ba cheart sásraí rannpháirtíochta a bheith cuimsitheach agus a bheith ann cumarsáid a dhéanamh le pobal éagsúil. Ba cheart aird a thabhairt ar inneachar, ar ábhar, ar thopaicí agus ar scileanna na modhnóirí. Ba cheart go n-áireofaí iontu anailís ar thionchar na mbeartas a pléadh, inter alia, maidir le mná agus daoine leochaileacha.<sup>95</sup>
2. Minicíocht na n-idirghníomhaíochtaí ar líne agus as líne idir institiúidí an Aontais agus a shaoránaigh a mhéadú trí mhodhanna éagsúla idirghníomhaíochta chun a áirithiú gur féidir le saoránaigh páirt a ghlacadh i bpróiseas ceaptha beartas an Aontais Eorpaigh chun a dtuairimí a chur in iúl agus aiseolas a fháil, agus cairt a chruthú d’oifigigh AE maidir le rannpháirtíocht na saoránach;<sup>96</sup>
3. Ardán digiteach atá furasta le húsáidthairiscint inar féidir le saoránaigh smaointe a roinnt, ceisteanna a chur ar aghaidh chuig ionadaithe institiúidí an Aontais agus a dtuairimí a chur in iúl maidir le hábhair thábhachtacha de chuid an Aontais agus tograí reachtacha, go háirithe an óige. Ba cheart go bhféadfaí suirbhéanna ar líne a dhéanamh leis an ardán freisin;<sup>97</sup>
4. Feabhas agus sruthlíniú a dhéanamh ar na sásraí atá ann cheana ar an leibhéal Eorpach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil, ionas go mbeidh siad níos sláine, níos inrochtana, níos infheicthe agus níos cuimsithí;<sup>98</sup>
5. An tsochaí shibhialta eagraithe agus údaráis réigiúnacha agus áitiúla agus struchtúir atá ann cheana amhail Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) agus Coiste na Réigiún (CnR)<sup>99</sup> a áireamh i bpróiseas rannpháirtíochta na saoránach;<sup>100</sup>
6. Córas comhairleoirí áitiúla AE a chruthú, chun an t-achar idir institiúidí AE agus saoránaigh na hEorpa a laghdú;<sup>101</sup>

<sup>92</sup>Athruithe Meitheal 3A agus 3B

<sup>93</sup> Moladh 32, 37, ó PSE2, Painéal Náisiúnta BE, FR agus NL

<sup>94</sup> Painéal Náisiúnta FR

<sup>95</sup> Athrú Meitheal 8, foirmlíú níos giorra

<sup>96</sup> Moladh 29 ó PSE2

<sup>97</sup> Moladh 19, 32 ó PSE2, Painéal Náisiúnta BE, FR agus ionadaí DK d’imeachtaí náisiúnta

<sup>98</sup> Painéal Náisiúnta BE

<sup>99</sup> Athrú Meitheal 7B

<sup>100</sup> Painéal Náisiúnta BE

<sup>101</sup> Tuarascáil Deiridh Kantar, lch. 85



7. Tionól na Saoránach a thionól go tráthrialta, ar bhonn dlí AE atá ceangailteach ó thaobh dlí. Ní mór na rannpháirtithe a roghnú go randamach, le critéir ionadaíochais, agus ba cheart rannpháirtíocht a dhreasú. Más gá, beidh tacaíocht ar fáil ó shaineolaithe ionas go mbeidh dóthain eolais ag na comhaltaí tionóil chun dul i mbun plé. Mura nglacann na hinstiúidí leis na torthaí, ba cheart údar cuí a bheith leis sin;<sup>102</sup> Is bunús tábhachtach é na saoránaigh agus an tsochaí sibhialta a bheith rannpháirteach agus ról a bheith acu roimh ré chun gur féidir le hionadaithe tofa cinntí polaitiúla a ghlacadh. Tá an tAontas fothaithe ar an daonlathas ionadaíoch: le toghcháin Eorpacha, tugann saoránaigh sainordú soiléir dá n-ionadaithe agus cuireann siad a dtuairimí féin in iúl go hindíreach maidir le beartais an Aontais;<sup>103</sup>
8. Tacaíocht struchtúrtha níos fearr a chur ar fáil, ó thaobh airgeadais agus eile de, don tsochaí sibhialta, go háirithe don tsochaí sibhialta don aos óg agus tacaíocht a thabhairt d'údarais áitiúla agus comhairlí áitiúla don aos óg á mbunú;<sup>104</sup> d'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí cholún sonrath sa Phlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach i gcomhair rannpháirtíocht na sochaí sibhialta agus na gcomhpháirtithe sóisialta, agus trí straitéis tiomanta don tsochaí sibhialta;<sup>105</sup>
9. 'Seiceáil don aos óg' a thabhairt isteach maidir le reachtaíocht, lena n-áirítear measúnú tionchair agus sásra comhairliúcháin le hionadaithe daoine óga, nuair a mheastar go mbeidh tionchar ag reachtaíocht ar dhaoine óga;<sup>106</sup>
10. An comhar idir reachtóirí AE agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a neartú chun leas a bhaint as an nasc idir cinnteoirí agus saoránaigh atá in eagraíochtaí na sochaí sibhialta;<sup>107</sup>
11. Achoimre a dhéanamh ar ghnéithe de rannpháirtíocht na saoránach i gCairt AE do rannpháirtíocht na saoránach i ngnóthaí AE.

### [37. Togra: Faisnéis do shaoránaigh, rannpháirtíocht agus an óige \(a\)](#)

**Cuspóir : An tAontas Eorpach a dhéanamh níos intuigthe agus níos inrochtana agus féiniúlacht choiteann Eorpach a neartú<sup>108</sup>, go háirithe tríd an méid seo a leanas:**

1. Leibhéal íosta oideachais a áirithiú faoin Aontas Eorpach agus go háirithe faoina phróisis dhaonlathacha, lena n-áirítear stair lánpháirtiú na hEorpa agus saoránacht Eorpach. Ba cheart go mbeadh daoine de gach aois in ann leas a bhaint as cláir den sórt sin, ar cláir iad ba cheart a dhearadh ar bhealach a bheadh oiriúnach don aois, mar shampla trí chlár shonracha agus ábhar oideachais ar leith a fhorbairt do leanaí agus do scoileanna;<sup>109</sup> agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach i réimse an oideachais sheachfhoirmiúil;<sup>110</sup>

<sup>102</sup> Moladh 39 ó PSE2, Painéal Náisiúnta 3 BE

<sup>103</sup> Athraigh Meitheal 10A, foirmlíú níos giorra

<sup>104</sup> ionadaí DK d'imeachtaí náisiúnta

<sup>105</sup> Athruithe Meitheal 54C

<sup>106</sup> ionadaí DK d'imeachtaí náisiúnta

<sup>107</sup> ionadaí DK d'imeachtaí náisiúnta

<sup>108</sup> Athrú Meitheal 15A, foirmlíú comhréitigh

<sup>109</sup> Moladh 24, 36, 38 ó PSE2, Painéal Náisiúnta BE

<sup>110</sup> Athrú Meitheal 16 C

2. Rochtain éasca ar fhaisnéis iontaofa faoi AE a chur ar fáil do gach saoránach ar bhealach cuimsitheach. Ba cheart d’institiúidí AE teanga níos inrochtana a úsáid agus úsáid téarmaí maorlathacha a sheachaint ina gcumarsáid, agus ag an am céanna cáilíocht agus saineolas na faisnéise a thugtar a chothabháil agus an fhaisnéis a oiriúnú do bhealaí éagsúla cumarsáide agus do phróifílí spriocphobal.<sup>111</sup> Ba cheart dó breithniú a dhéanamh, mar shampla, ar fheidhmchlár móibíleach a chruthú ina gcuirtear faisnéis maidir le beartais an Aontais i láthair i dteanga shoiléir.<sup>112</sup> Ba cheart iarracht ar leith a dhéanamh teagmháil a dhéanamh le daoine óga trí na meáin dhigiteacha, trí ghluaiseachtaí óige agus trí ‘ambasadóirí’ éagsúla (eagraíochtaí agus daoine aonair), agus tionscadal AE á mhíniú<sup>113,114</sup>
3. Úsáid níos mó a bhaint as an intleacht shaorga agus as teicneolaíochtaí aistriúcháin chun dul timpeall<sup>115</sup> ar bhacainní teanga,<sup>116</sup> agus inrochtaineacht agus inúsáidteacht na n-uirlisí digiteacha go léir á n-áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas,<sup>117</sup>
4. Tacú leis na meáin shaora, iolraíochta agus neamhspleáchas agus iad a chosaint, agus eagraíochtaí meán a spreagadh, lena n-áirítear craoltóirí poiblí agus gníomhaireachtaí nuachta poiblí agus meáin Eorpacha, chun gnóthaí Eorpacha a chumhdach ar bhonn níos rialta agus a sairse agus a neamhspleáchas á n-urramú, chun cumhdach rialta agus cuimsitheach a áirithiú ar fud Bhallstáit AE,<sup>118</sup> dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne bréagaisnéise agus cur isteach ón gcoigríoch, agus cosaint iriseoirí a áirithiú;<sup>119</sup>
5. An Eoraip a thabhairt níos gaire do shaoránaigh<sup>120</sup> trí phointí teagmhála agus moil thiomnaithe, nó ‘Áitribh na hEorpa’ a fheabhsú, ar an leibhéal áitiúil chun acmhainní, faisnéis agus comhairle a chur ar fáil do shaoránaigh faoi chúrsaí AE, chomh maith le héisteacht lena n-ábhair imní agus díospóireachtaí a dhéanamh le cumainn chun cabhrú le tuairimí na saoránach a scaipeadh ar an leibhéal Eorpach;<sup>121</sup>
6. Beartha breise a dhéanamh chun féiniúlacht choiteann i measc mhuintir na hEorpa a neartú, mar shampla trí chiste de chuid an Aontais chun tacú le hidirghníomhaíochtaí ar líne agus as líne (i.e. cláir mhalartuithe, painéil, cruinnithe) a mhaireann tréimhse ghearr nó tréimhse níos faide idir saoránaigh an Aontais, trí imeachtaí agus foirne coiteanna spóirt a chruthú, nó chun Lá na hEorpa (9 Bealtaine) a dhéanamh de lá saoire poiblí Eorpach breise<sup>122</sup> do shaoránaigh uile an Aontais.<sup>123</sup>

---

<sup>111</sup> Moladh 33 ó PSE2, Painéil Náisiúnta BE FR agus NL)

<sup>112</sup> PSET2 26

<sup>113</sup> Athrú Meitheal 17 C

<sup>114</sup> Painéal Náisiúnta BE

<sup>115</sup> Athrú Meitheal 18A

<sup>116</sup> Moladh 25 ó PSE2

<sup>117</sup> Athrú Meitheal 18B

<sup>118</sup> Moladh 31, ó PSE2 agus, Painéil Náisiúnta BE agus NL

<sup>119</sup> Athruithe 19A go 19A, athfhoirmiú chun téacs a chur in oiriúint

<sup>120</sup> Athrú Meitheal 21, comhréiteach

<sup>121</sup> Painéil Náisiúnta BE agus FR

<sup>122</sup> Athrú Meitheal 23B

<sup>123</sup> Moladh 27 ó PSE2, Painéal Náisiúnta BE

38. [Togra: Daonlathas agus toghcháin](#)

**Cuspóir: An daonlathas Eorpach a neartú trí dhúshraith an Aontais a neartú, trí rannpháirtíocht i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa a threisiú, trí dhíospóireacht thrasnáisiúnta a chothú maidir le saincheisteanna Eorpacha agus trí nasc láidir a áirithiú idir na saoránaigh agus a n-ionadaithe tofa, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

1. á áirithiú go gcosnófar luachanna an Aontais a leagtar síos sna conarthaí, lena n-áirítear an smacht reachta agus samhail shóisialta láidir,<sup>124</sup> atá i gcoilár dhaonlathas na hEorpa. Ina chaidreamh le tíortha seachtracha, ba cheart don Aontas Eorpach neartú ar luachanna daonlathacha coiteanna ina theorainneacha ar dtús. Ní go dtí go mbainfeadh an méid sin amach a fhéadfaidh an tAontas Eorpach a bheith ina ambasadóir ar ár múnla daonlathach sna tíortha atá réidh lena chur chun feidhme agus atá toilteanach é a chur chun feidhme, trí thaidhleoireacht agus idirphlé, ach ar é an méid sin a bhaint amach;<sup>125</sup>
2. Reifreann ar fud AE a cheapadh, a dhéanfaidh Parlaimint na hEorpa a ghníomhachtú, i gcásanna eisceachtúla maidir le hábhair a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo do shaoránaigh uile na hEorpa;<sup>126</sup>
3. Leasú a dhéanamh ar dhlí toghcháin an Aontais chun coinníollacha toghcháin a chomhchuíbiú (an aois vótála, dáta toghcháin, ceanglais do thoghcháin, iarrthóirí, páirtithe polaitiúla agus a maoiniú) do thoghcháin Pharlaimint na hEorpa, chomh maith le dul i dtreo vótáil le haghaidh liostaí uile-Aontais nó ‘liostaí trasnáisiúnta’,<sup>127</sup> le hiarrthóirí ó Bhallstáit éagsúla, i ndiaidh na tuairimí a cuireadh in iúl<sup>128</sup> i measc na saoránach ar fud Bhallstáit an Aontais faoin tsaincheist sin a chur san áireamh.<sup>129</sup>
  - )] Ba cheart roinnt Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a thoghadh trí liosta uile-Aontais Eorpach, agus an chuid eile de na Feisirí á dtoghadh laistigh de na Ballstáit;<sup>130</sup>
  - )] Ba cheart é a bheith d’aidhm leis an athchóiriú sin freisin deiseanna vótála digiteacha a éascú<sup>131</sup> agus cearta vótála éifeachtacha a ráthú do dhaoine faoi mhíchumas;<sup>132</sup>
4. Naisc a neartú idir na saoránaigh agus a n-ionadaithe tofa, agus aird á tabhairt ar shainiúlachtaí náisiúnta agus ar mhian na saoránach a bheith níos gaire dóibh agus go mbraithfidh siad go bhfuil gníomhaíocht ar leith á déanamh ag ionadaithe tofa i bParlaimint na hEorpa agus i bparlaimintí náisiúnta mar gheall ar na hábhair imní atá acu.<sup>133</sup> Is saincheist uilíoch é sin agus ba cheart do dhaoine gan beann ar aois a bheith rannpháirteach ann;<sup>134</sup>

<sup>124</sup> Athrú Meitheal 25C

<sup>125</sup> Moladh 14 ó PSE

<sup>126</sup> Moladh 18 ó PSE; N.B. a mhínigh ionadaithe na saoránach gur cheart é a chur chun feidhme agus a úsáid go cúramach

<sup>127</sup> Mhínigh ionadaithe an Choimisiúin Eorpaigh gur cheart é a chur chun feidhme tar éis idirthréimhse, gan é a dhéanamh faoi dheifir.

<sup>128</sup> Athrú Meitheal 28 E,G,H

<sup>129</sup> PSE2 Moladh 16, Painéal Náisiúnta NL 20, roinneadh an Painéal Náisiúnta ar ‘liostaí trasnáisiúnta’

<sup>130</sup> Bunaithe ar Mholadh 16 ó PSE2, Díospóireacht sa Mheitheal

<sup>131</sup> Moladh 19 ó PSE2 agus MDP

<sup>132</sup> Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

<sup>133</sup> Athrú Meitheal 32B

<sup>134</sup> Moladh 36, ó PSE2 agus, Painéil Náisiúnta BE agus FR

- J) Ba cheart tionchar níos mó a bheith ag saoránaigh na hEorpa maidir leis an té a thoghtar mar Uachtarán an Choimisiúin. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí Uachtarán an Choimisiúin<sup>135</sup> a thoghadh go díreach nó trí chóras príomhiarrthóirí;<sup>136</sup>
- J) Ba cheart go mbeadh an ceart chun tionscnaimh reachtaigh ag Parlaimint na hEorpa<sup>137</sup>, chun na hábhair a bheidh le plé a mholadh agus, ina dhiaidh sin, na téacsanna is gá a ghlacadh chun obair leantach a dhéanamh ar na moltaí a thagann as an bplé;<sup>138</sup>
- J) Ba cheart do Pharlaimint na hEorpa cinneadh a dhéanamh maidir le buiséad AE mar is é ceart na bparlaimintí ar an leibhéal náisiúnta é;<sup>139</sup>
- J) Ba cheart do pháirtithe polaitiúla, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ceardchumann a bheith níos bríomhaire agus níos inrochtana ionas go mbeidh na saoránaigh níos rannpháirtí agus níos gníomhaí i ndaonlathas na hEorpa.<sup>140</sup> Chuideodh sé sin freisin chun cuimsiú topaicí AE a spreagadh i ndíospóireachtaí poiblí trí pháirtithe polaitiúla, tríd an tsochaí shibhialta eagraithe agus trí chomhpháirtithe sóisialta, ní hamháin le linn na dtoghchán Eorpach ach roimh thoghcháin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chomh maith;<sup>141</sup>
- J) Tá an daonlathas corpraithe sna hinstitiúidí agus sa tsochaí i gcoitinne, lena n-áirítear san ionad oibre trí ról na gcomhpháirtithe sóisialta.<sup>142</sup>

### 39. [Togra: Nós imeachta cinnteoireachta AE](#)

**Cuspóir: Feabhas a chur ar phróiseas cinnteoireachta an Aontais chun cumas an Aontais gníomhú a áirithiú, agus leasanna na mBallstát uile á gcur san áireamh ag an am céanna agus próiseas**

<sup>135</sup> Painéal Náisiúnta FR ('toghadh Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh trí vótáil chomhchoiteann'), MDP (Tuarascáil Deiridh Kantar: Tá grúpa ionchuir ann ina bpléitear toghadh Uachtarán an Choimisiúin ag na saoránaigh)

<sup>136</sup> Seasamh PE: déanfar príomhiarrthóir an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh a bhfuil an sciar is airde vótaí aige sna toghcháin Eorpacha, a fhéadfaidh tacaíocht a fháil ó thromlach d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, a thoghadh ina Uachtarán ar an gCoimisiún Eorpach. I gcás nach féidir tromlach comhghuaillíochta a bhaint amach, ba cheart an cúram a shannadh don chéad phríomhiarrthóir eile. Chuige sin, féadfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha iarrthóirí a ainmniú chun seasamh do phost Uachtarán an Choimisiúin. An tUas. Paulo Rangel: chun próiseas na bpríomhiarrthóirí a threisiú, ba cheart seasaimh Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle Eorpaí a aisiompú agus tá athrú ar na conarthaí le tuiscint leis sin: dhéanfaidh an Pharlaimint Uachtarán an Choimisiúin a mholadh agus dhéanfaidh an Chomhairle é nó í a fhormheas. MDP (Tuarascáil Deiridh Kantar: 'Grúpa ionchuir ina bpléitear toghadh Uachtarán an Choimisiúin agus ceapadh na gcoimisinéirí, lena n-áirítear córas na Spitzenkandidaten). EYE Ich. 23: 'Níor cheart iarrthóirí d'Uachtarán an Choimisiúin a thoghadh le linn caibidlíochtaí cúlseomra i measc na bpáirtithe buaiteacha. Ba cheart dúinn córas na 'Spitzenkandidaten', mar a thugtar air, a fhorfheidhmiú, ina bhfógraíonn gach páirtí a n-iarrthóir d'Uachtarán an Choimisiúin roimh an bhfeachtas toghcháin i gcás ina mbainfidh an páirtí sin tromlach amach. Trí rannpháirtíocht ghníomhach san fheachtas agus trí idirghníomhú díreach leis na saoránaigh, d'fhéadfaidh ceangal níos dlúithe a bheith ag an Uachtarán a bheidh ann amach anseo le daonra na hEorpa.', agus le plé Meithle

<sup>137</sup> Athrú Meitheal 34C

<sup>138</sup> Painéal Náisiúnta (3.2) BE, Painéal Náisiúnta FR (11),- MDP (Tuarascáil Deiridh Kantar: 'Maidir le Parlaimint na hEorpa, iarrann na rannchuiditheoirí go mion minic go dtabharfaí fíorchumhachtaí tionscnaimh reachtaigh di').

<sup>139</sup> Ní mheasann an Chomhairle go bhfuil an togra seo bunaithe ar mholadh ó na saoránaigh. Níl sé i gcomhréir leis an modheolaíocht chomhaontaithe dá bhri sin.

<sup>140</sup> MDP (Tuarascáil Deiridh Kantar: 'De réir ionchur eile, ba cheart rochtain níos fearr a bheith ag páirtithe ar dhaoine ó chúlráí cultúrtha nó socheacnamaíocha éagsúla')

<sup>141</sup> Coiste na Réigiún i Meitheal

<sup>142</sup> Athrú Meitheal 38, foirmlíú comhréitigh

**trédhearcach agus intuigthe a ráthú do na saoránaigh, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

1. Athmheasúnú a dhéanamh ar na rialacha cinnteoireachta agus vótála in institiúidí an Aontais, ag díriú ar shaincheist na vótála d'aon toil, rud a fhágann go bhfuil sé an-deacair teacht ar chomhaontú, agus ag an am céanna ríomh cothrom na 'ualaí vótála' a áirithiú ionas go gcosnófar leasanna na dtíortha beaga;<sup>143</sup>
  - ) 'Ba cheart gach saincheist a cinneadh trí thromlach cáilithe chun go gcinntí iad trí thromlach cáilithe. Ba cheart nach mbeadh d'éisceacht ann ach comhaltaí nua a ligean isteach in AE agus athruithe a dhéanamh ar bhunphrionsabail AE mar a luaitear in Airteagal 2 CAE agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.<sup>144</sup>
2. Trédhearcacht na cinnteoireachta a áirithiú, lamháil do bhreathnóirí neamhspleácha na saoránach' súil ghéar a choinneáil ar an bpróiseas cinnteoireachta, an ceart níos leithne<sup>145</sup> rochtana ar dhoiciméid a ráthú, agus naisc níos láidre agus idirphlé feabhsaithe idir na saoránaigh agus institiúidí an AE a fhorbairt ar an mbonn sin,<sup>146</sup>
  - ) Ní mór don Aontas trédhearcacht a phrósís cinnteoireachta agus a chuid institiúidí a fheabhsú. Mar shampla, ba cheart cruinnithe na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear a vótaí, a chraoladh ar líne ar an mbealach céanna. Chuirfeadh sé sin ar chumas na saoránach ar spéis leo ceapadh beartais AE a leanúint, agus polaiteoirí agus lucht ceaptha beartais a thabhairt chun cuntais;<sup>147</sup> ba cheart ceart fiosrúcháin Parlaimint na hEorpa a neartú;
  - ) Ba cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh ar phróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh ionas go mbeidh ról níos mó ag ionadaithe náisiúnta, réigiúnacha, áitiúla, ag comhpháirtithe sóisialta agus ag an tsochaí shibhialta eagraithe.<sup>148</sup> Ba cheart comhar agus idirphlé idirpharlaiminteach a neartú. Ba cheart do na parlaimintí náisiúnta a bheith níos rannpháirtí sa nós imeachta reachtach ag Parlaimint na hEorpa, e.g. trí rannpháirtíocht in éisteachtaí.<sup>149</sup> Ina theannta sin, cuidíonn rannpháirtíocht níos fearr ón leibhéal fonáisiúnta agus ó Choiste na Réigiún chun an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme dhlí an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh ar bhealach níos fearr.<sup>150</sup>
3. Breithniú a dhéanamh ar ainmneacha institiúidí AE a athrú chun a bhfeidhmeanna agus a ról faoi seach i bpróiseas cinnteoireachta AE do shaoránaigh a shoiléiriú;<sup>151</sup>

---

<sup>143</sup> Moladh 20 ó PSE2

<sup>144</sup> Moladh 21 ó PSE4

<sup>145</sup> Athrú Meitheal 43

<sup>146</sup> Moladh 34 ó PSE2, Painéal Náisiúnta NL

<sup>147</sup> Plé sa Mheitheal ar Mholadh 34 ó PSE 2, Painéal Náisiúnta NL, MPD (Tuarascáil Deiridh Kantar: 'Tugtar tacaíocht do thrédhearcacht mhéadaithe agus do rannpháirtíocht níos mó na saoránach' tugtar tacaíocht freisin don phróiseas i gcinnteoireacht an Aontais

<sup>148</sup> Plé Meithle (cur i láthair ó na Parlaimintí Náisiúnta agus ó Choiste na Réigiún)

<sup>149</sup> Athrú Meitheal 45C

<sup>150</sup> Athrú Meitheal 46B

<sup>151</sup> Moladh 15 ó PSE2

- ) Ba cheart próiseas cinnteoireachta an Aontais a bheith bunaithe ar struchtúr níos soiléire agus níos intuigthe, atá cosúil le córais náisiúnta,<sup>152</sup> lena léirítear go sainráite comhroinnt na n-inniúlachtaí idir na hinstiúidí Eorpacha agus na Ballstáit,<sup>153</sup>
  - ) Mar shampla, d'fhéadfaí Seanad AE a thabhairt ar Chomhairle AE agus d'fhéadfaí Coimisiún Feidhmiúcháin AE a thabhairt ar an gCoimisiún Eorpach.<sup>154</sup>
4. Feabhas a chur ar acmhainní seachadta an Aontais Eorpaigh i réimsí tábhachtacha,<sup>155</sup>
  5. Sásraí agus próisis chuí don idirphlé sibhialta agus sóisialta a áirithiú ag gach céim de phróiseas cinnteoireachta an Aontais, ó mheasúnú tionchair go ceapadh agus cur chun feidhme beartais.<sup>156</sup>
  6. Athchóiriú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an tAontas Eorpach trí ról níos mó a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta agus don tsochaí sibhialta eagraithe. Na struchtúir atá ann cheana a neartú chun riachtanais agus ionchais shaoránaigh an Aontais a léiriú níos fearr sa phróiseas cinnteoireachta, i bhfianaise a thábhachtaí atá siad i saol daonlathach na hEorpa. Laistigh den chreat sin, ról institiúideach CESE a fheabhsú agus é a chumhachtú mar éascaitheoir agus ráthóir gníomhaíochtaí an daonlathais rannpháirtíochta amhail idirphlé struchtúrtha le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le painéil Saoránach. Tá sochaí sibhialta bhríomhar ríthábhachtach do shaol daonlathach an Aontais Eorpaigh.<sup>157</sup>
  7. An plé faoin mbunreacht a athoscailt, i gcás inarb infheidhme, chun cabhrú linn ár luachanna a ailíniú ar bhealach níos fearr. D'fhéadfadh bunreacht cabhrú le bheith níos cruinne, chomh maith le saoránaigh a thabhairt isteach agus le rialacha an phróisis cinnteoireachta a chomhaontú,<sup>158</sup>

#### 40. [Togra: An Choimhdeacht](#)

1. Is prionsabail lárnacha agus gnéithe bunúsacha d'fheidhmiú AE agus do chuntasacht dhaonlathach iad coimhdeacht ghníomhach agus rialachas il-leibhéil;<sup>159</sup>
2. Ba cheart do AE athbhreithniú a dhéanamh ar an sásra lena gceadaítear do Pharlaimintí náisiúnta a mheas an gcuireann tograí reachtacha nua ar an leibhéal Eorpach isteach ar a n-inniúlachtaí dlíthiúla agus lena dtugtar an fhéidearthacht dóibh tionscnamh reachtach a mholadh ar an leibhéal Eorpach. Ba cheart sásraí den sórt sin a mhéadú freisin chuig na parlaimintí réigiúnacha uile laistigh de AE a bhfuil cumhacht reachtach acu;<sup>160</sup>

<sup>152</sup> Plé Meithle bunaithe ar an ngá a cuireadh in iúl in PSE2 15 chun 'feidhmeanna institiúidí an Aontais a shoiléiriú', MDP (Tuarascáil Deiridh Kantar: 'Tá (...) moltaí ann freisin chun an reachtas dhá sheomra in AE a dhoimhniú'

<sup>153</sup> Athrú Meitheal 48B

<sup>154</sup> Moladh 15 ó PSE2

<sup>155</sup> Plé sa Mheitheal

<sup>156</sup> Athrú Meitheal 52A

<sup>157</sup> EESS, foirmlíú comhréitigh

<sup>158</sup> Moladh 35 ó PSE, Painéal Náisiúnta FR, móide athruithe Meithleacha le chéile 51C,D

<sup>159</sup> Athrú Meitheal 53D

<sup>160</sup> Plé sa Mheitheal, Parlaimintí Náisiúnta

3. Athchóiriú a dhéanamh ar Choiste na Réigiún chun bealaí idirphlé leormhaithe a chuimsiú do réigiúin agus do chathracha agus do bardais nó chun ról níos láidre<sup>161</sup> a thabhairt dó sa struchtúr institiúideach, má bhaineann sé le hábhair a bhfuil tionchar críochach acu;<sup>162</sup>
4. Trí úsáid chórasach a bhaint as sainmhíniú ar choimhdeacht arna chomhaontú go comhchoiteann ag institiúidí uile an Aontais, d'fhéadfaí a shoiléiriú cé acu ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta nó réigiúnach is gá cinntí a dhéanamh.<sup>163</sup>
5. Ba cheart na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta eagraithe a áireamh níos fearr sa phróiseas cinnteoireachta, i bhfianaise a thábhachtaí atá siad i saol daonlathach na hEorpa. Tá sochaí bhríomhar ríthábhachtach do shaol daonlathach an Aontais Eorpaigh.<sup>164</sup>

Iarraimid ar institiúidí an Aontais Eorpaigh conclúidí na meithle seo a fhíorú agus iad a chur chun feidhme go héifeachtach. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil cheana le Conradh Liospóin agus, nuair is gá, tríd an iarraidh ar Choinbhinsiún Eorpach a sheoladh a thionscnamh.<sup>165</sup>

---

<sup>161</sup> Plé sa Mheitheal um an gComhshaol, in CnaR agus in CESE; Tuarascáil Deiridh Kantar, Ich. 85

<sup>162</sup> Athrú Meitheal 58B

<sup>163</sup> Athrú Meitheal 59B

<sup>164</sup> Plé sa Mheitheal, comhpháirtithe sóisialta agus roinnt comhaltaí eile

<sup>165</sup> Athrú Meitheal 63A, foirmlíú comhréitigh

## ‘Imirce’

### 41. Togra: Imirce Dhleathach<sup>166</sup>

**Cuspóir: Ról an Aontais maidir leis an imirce dhleathach a neartú:**

Bearta:

1. Feachtas cumarsáide a sheoladh ar leibhéal Eorpach ar mhaithe le cur amach níos fearr a bheith ag saoránaigh Eorpacha ar EURES (Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta), ar Thairseach Inimirce AE agus ar Uirlis an Aontais Eorpaigh um Próifíliú Scileanna do Náisiúnaigh Tríú Tíre agus go ndéanfaidh cuideachtaí AE iad a rochtain níos minice (moladh 6).
2. Eintiteas Eorpach a chruthú le haghaidh rochtain imirceach ar mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh nó cumhachtaí Líonra Eorpach na Seirbhísí Fostaíochta (EURES) a leathnú, mar shampla feabhas a chur ar na tionscadail Comhpháirtíochta Tallainne (díospóireacht Molta 7 agus WG), agus an deis a bheith ann soláthar agus éileamh scileanna a mheaitseáil ar líne i dtír an imeachta, ar bhonn na gcritéar measúnaithe (moladh 9 agus Díospóireacht Mheithle). Ba cheart don Aontas na Ballstáit a spreagadh próiseas glactha agus lánpháirtithe na n-imirceach dleathach agus an rochtain atá acu ar mhargadh saothair an Aontais a shimpliú trí idir-inoibritheacht níos fearr i measc na riarachán ábhartha éagsúil (díospóireacht WG).
3. Feabhas a chur ar fheidhmiú agus ar chur chun feidhme na Treorach maidir leis an gcárta gorm chun na cáilíochtaí ábhartha atá de dhíth ar gheilleagar an Aontais a mhealladh (moladh 7 agus díospóireacht WG), agus an baol go ndéanfaí daoine oilte a imirce a chur san áireamh (mar atá i mbeart 1 togra 42).
4. Cóineasú aníos maidir le dálaí oibre a chur chun cinn go comhchuí ar fud an Aontais chun éagothromaíochtaí i ndálaí oibre a chomhrac agus chun beartas éifeachtúil AE maidir le himirce lucht saothair agus cearta oibrithe a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, ról na gceardchumann a threisiú ar an leibhéal náisiúnta agus trasnáisiúnta (moladh 28 agus díospóireacht WG), i gcomhar le heagraíochtaí fostóirí (plé iomlánach).
5. Cur leis na hiarrachtaí chun saoránaigh na mBallstát a chur ar an eolas agus oideachas a chur orthu faoi na hábhair a bhaineann leis an imirce agus cuimsiú (moladh 30 agus moladh 9 na Liotuáine agus díospóireacht na Meithle).

### 42. Togra: Imirce neamhrialta<sup>167</sup>

**Cuspóir: Ról an Aontais a neartú maidir le dul i ngleic le gach cineál imirce neamhrialta agus cosaint theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh a neartú, agus cearta an duine á n-urramú ag an am céanna:**

<sup>166</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: Painéal Saoránach Eorpach 4 (PSE4) 6, 7, 9, 28, 30; An Liotuáin 9

<sup>167</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: Painéal Saoránach Eorpach 4 (PSE 4) 8, 27, an Liotuáin 10, an Ísiltír 3



Bearta:

1. Páirt ghníomhach a ghlacadh, mar shampla trí Chomhaontuithe Comhpháirtíochta, i bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta tíortha lasmuigh den Aontas Eorpach agus ón áit a bhfuil mórphlódú isteach imirceach chun dul i ngleic leis an imirce ar na bunchúiseanna atá léi, lena n-áirítear an t-athrú aeráide. Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a bheith trédhearcach agus torthaí inláimhsithe le héifeachtaí intomhaiste a bheith acu, ar cheart iad a chur in iúl go soiléir do shaoránaigh an Aontais. (moladh 27, agus moladh 3 ó Phainéal Saoránach na hÍsiltíre).
2. Cosaint na dteorainneacha seachtracha uile a áirithiú, trí thrédhearcacht agus cuntasacht Frontex a fheabhsú agus trína ról a neartú (Moladh 8 agus Díospóireacht Mheithle) agus trí reachtaíocht an Aontais a oiriúnú chun aghaidh a thabhairt níos mó ar dhúshláin reatha na himirce neamhriala, amhail smuigleáil daoine, gáinneáil ar dhaoine, teacht i dtír gnéasach, ionsaithe hibrideacha ag tíortha a dhéanann imircigh a ionghabháil agus sárú ar chearta an duine (Moladh 10 LT agus Díospóireacht Mheithle).

#### [43. Togra: imirce neamhriala<sup>168</sup> \(a\)](#)

**Cuspóir: Rialacha comhchoiteanna a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach Ballstát maidir le céadghlacadh imirceach:**

Bearta:

1. Bearta uile-Aontais a fhorbairt chun sábháilteacht agus sláinte na n-imirceach uile a ráthú, go háirithe mná torracha, leanaí, mionaóisigh gan tionlacan agus gach duine leochaileach (moltaí 10 agus 38 agus díospóireacht Mheitheal).
2. Tacaíocht airgeadais, lóistíochta agus oibríochtúil an Aontais a mhéadú, agus tacaíocht d'údaráis áitiúla, do rialtais réigiúnacha agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chun an chéad ghlacadh a bhainistiú, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí dídeanaithe agus imircigh rialta a lánpháirtiú san Aontas nó imircigh neamhriala a aisdúichiú (moladh 35 agus díospóireacht na Meithle).

#### [44. Togra: Tearmann, lánpháirtiú<sup>169</sup>](#)

**Cuspóir: Ról an Aontais a neartú agus an córas Eorpach tearmainn a athchóiriú bunaithe ar phrionsabail na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte dualgas:**

Bearta:

1. Comhriala an Aontais a ghlacadh maidir le nósanna imeachta chun scrúdú a dhéanamh ar éilimh ar chosaint idirnáisiúnta sna Ballstáit, lena gcuirtear i bhfeidhm go haonfhoirmeach iad maidir le gach iarrthóir tearmainn. Beidh ar na nósanna imeachta sin dínit an duine a urramú mar aon leis an dlí idirnáisiúnta (moladh 29, agus moltaí 3.8 agus 4.4 ó Phainéal Saoránach na hIodáile). Ós rud é go bhfuil

<sup>168</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: Painéal Saoránach Eorpach 4 (PSE 4) 10, 35, 38

<sup>169</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: Painéal Saoránach Eorpach 4 (PSE 4) 29, 31, 33, 36, 37, 38, 39, 40; An Iodáil 3.8 agus 4.4 (Ich. 15) agus 5.6 (Ich. 11), an Liotuáin 2 agus 3, an Ísiltír 1 agus 2.

gníomhaithe éagsúla ag baint le glacadh iarrthóirí tearmainn ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart don Aontas na Ballstáit a spreagadh chun an próiseas sin a shimpliú agus dlús a chur leis trí idir-inoibritheacht níos fearr idir na riaracháin ábhartha éagsúla, agus deasc uathúil (ionad ilfhreastail nó pointe iontrála) a chur ar bun d'iarrthóirí tearmainn chun nósanna imeachta riaracháin náisiúnta a chuíchóiriú (moladh 37 agus Díospóireacht Mheithle).

2. Féachaint arís ar chóras Bhaile Átha Cliath chun dlúthpháirtíocht agus comhroinnt chothrom na freagrachta a ráthú, lena n-áirítear imircigh a athdháileadh ar na Ballstáit; D'fhéadfaí cineálacha breise tacaíochta a bheartú freisin (moltaí, 33, 36, 37, 40; Moltaí 2 na Liotuáine; Moltaí ón gComhairle Eorpach 3.8 (lch. 15) agus moladh 2 na hÍsiltíre agus díospóireacht na Meithle um Chearta an Duine agus an plé iomlánach).
3. Feabhas a chur ar na caighdeáin íosta maidir le glacadh le hiarrthóirí tearmainn a leagtar síos i dTreoir 2013/33/AE trí bhearta reachtacha níos láidre chun saoráidí glactha agus cóiríocht a fheabhsú. (Moladh 31 ó PSE agus moltaí TF 5.6 (lch. 11) agus Díospóireacht Mheithle)
4. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar mhná torracha, leanaí, agus go háirithe mionaoisigh neamhthionlactha (moladh 38 agus díospóireacht na Meithle).
5. Acmhainní airgeadais agus daonna agus acmhainní bainistíochta Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann a neartú agus a mhéadú chun athlonnú iarrthóirí tearmainn laistigh de Bhallstáit an Aontais a chomhordú agus a bhainistiú chun dáileadh cothrom a bhaint amach (moltaí 36 agus 37, agus moladh 3 ó Phainéil Saoránach na Liotuáine agus Díospóireacht Mheithle).

#### [45. Togra: Tearmann, lánpháirtíú<sup>170</sup> \(a\)](#)

#### **Cuspóir: Feabhas a chur ar bheartais lánpháirtithe i ngach Ballstát:**

##### **Bearta:**

1. Cinntíonn an tAontas, le rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta, go bhfreastalaíonn gach iarrthóir tearmainn agus dídeanaí, le linn phróiseas an nós imeachta cónaithe, ar theanga, ar chúrsaí lánpháirtíochta, ar oiliúint ghairmiúil, agus ar ghníomhaíochtaí (moladh 32 agus moladh 13 FR agus Díospóireacht Mheithle agus Plé Iomlánach).
2. Ba cheart rochtain ar an margadh saothair a thabhairt d'iarrthóirí tearmainn a bhfuil cáilíochtaí ábhartha acu, agus é mar aidhm acu a bhféintuilleamaí, ar fud an Aontais Eorpaigh (moladh 7 agus Díospóireacht Mheithle) a neartú.

---

<sup>170</sup> Moltaí na saoránach ar a bhfuil an togra bunaithe den chuid is mó: Painéal Saoránach Eorpach 4 (PSE 4) 7 agus 32, Athraigh an Fhrainc 13.

## ‘Oideachas, cultúr, an óige agus spórt’

### 46. Togra: Oideachas

**Cuspóir:** Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit féachaint le Limistéar Eorpach Oideachais a bhunú faoi 2025 ina mbeidh rochtain chomhionann ag na saoránaigh uile ar oideachas ar ardchaighdeán agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear iad siúd i gceantair thuaithe agus iargúlta. Chun na críche sin, ba cheart don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit an méid seo a leanas a dhéanamh go háirithe:

Bearta:

1. Comhordú a dhéanamh ar leibhéal na gclár oideachais éagsúil ar fad san Aontas Eorpach le glacadh leis an ábhar náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus naisc níos dlúithe a chruthú idir na córais oideachais, lena n-áirítear trí choibhéis dioplómaí a eagrú.<sup>171</sup> Ba cheart go nglacfaí caighdeán íosta deimhnithe oideachais sna croí-ábhair ag tosú sa bhunscoil.<sup>172</sup> Ba cheart inniúlachtaí roinnte i réimse an oideachais a thabhairt isteach, ar a laghad i réimse an oideachais saoránachta, agus nach mbeidh mar thoradh ar fheidhmiú na hinniúlachta sin ag AE go gcoiscfear na Ballstáit óna n-inniúlacht siúd a fheidhmiú. Ba cheart céimeanna gairmiúla agus oiliúint ghairmiúil a bhailíochtú agus a aithint go frithpháirteach i ngach Ballstát den Aontas.<sup>173</sup> Ba cheart don Aontas Eorpach tacú freisin leis an aitheantas a thugtar don fhoghlaim neamhfhoirmiúil<sup>174</sup> agus neamhfhoirmeálta agus do na heagraíochtaí óige a sholáthraíonn í, agus do thréimhsí foghlama thar lear.
2. Oideachas a sheasfaidh an aimsir agus foghlaim ar feadh an tsaoil a fhorbairt san Eoraip – i gcomhréir leis an gceart chun oiliúna saor in aisce san ionad oibre do chách – ag díriú ar na hábhair seo a leanas:
  - Oideachas cathartha faoi phróisis dhaonlathacha chomh maith le luachanna agus stair an Aontais Eorpaigh.<sup>175</sup> Ba cheart é sin a fhorbairt mar mhodúl coiteann a mhúinfear i ngach Ballstát. Ba cheart feabhas a chur ar an litearthacht eacnamaíoch freisin mar ghné chun tuiscint níos fearr a fháil ar phróiseas lánpháirtíochta na hEorpa.<sup>176</sup>
  - Scileanna digiteacha;<sup>177</sup>
  - ETIEM<sup>178</sup>

---

<sup>171</sup> PSN na Fraince Athrú 6.

<sup>172</sup> PSE 1 moladh uimh. 37.

<sup>173</sup> Moladh 3 ó PSE PSN na Fraince Athrú 6.

<sup>174</sup> PSE 1 moladh uimh. 41.

<sup>175</sup> Arna chumhdach ar bhealach níos mionsonraithe ag an Meitheal um Dhaonlathas Eorpach. Féach moladh uimh. 24 ó PSE 2, moladh PSN na Beilge uimh. 1.1, 1.2 agus 2.12 agus moladh PSN na hIodáile maidir le ‘beartais cuimsithe’.

<sup>176</sup> Moladh PSN na hIodáile – maidir le “beartais cuimsithe”.

<sup>177</sup> Clúdaithe ar bhealach níos mionsonraithe ag an Meitheal um Chlaochlú Digiteach. Féach PSE 1 moltaí uimh. 8 agus 34.

<sup>178</sup> Moladh PSN na hIodáile maidir le ‘Daoine óga a spreagadh chun staidéar a dhéanamh ar ábhair eolaíochta’.

- Fiontraíocht agus taighde
  - An smaointeoireacht chriticiúil a fheabhsú. Ba cheart feabhas a chur ar litearthacht sna meáin chun sábháilteacht ar líne a áirithiú, agus do shaoránaigh i ngach Ballstát a chumhachtú chun a mheas go neamhspleách an bhfuil nó nach bhfuil faisnéis iontaofa, agus bréagnuacht a shainiú, ach ag an am céanna leas a bhaint as na deiseanna a ghabhann leis an Idirlín. Ba cheart é sin a chur chun feidhme san oideachas bunúsach mar aicme ar leith agus ba cheart é a thairiscint freisin i spásanna poiblí eile do shaoránaigh de gach aois faoi threoir eagraíocht thiomnaithe atá bunaithe ag an Aontas, agus leas á bhaint as dea-chleachtais ar fud na mBallstát. Ba cheart do AE a áirithiú go n-úsáidfidh na Ballstáit an cistiú tiomnaithe chun na gcríoch atá beartaithe.<sup>179</sup>
  - Scileanna boga a chomhtháthú sna cúrsaí go léir sna curaclaim sna scoileanna. Trí scileanna boga, ciallaíonn sé seo a leanas: éisteacht lena chéile, idirphlé, teacht aniar, tuiscint, urraim agus meas ar dhaoine eile a spreagadh, smaointeoireacht chriticiúil, féinstaidéar, atá fiosrach, dírithe ar thorthaí.<sup>180</sup>
  - É a chur ar chumas gach duine foghlaim faoi inbhuaine comhshaoil agus faoin gceangal atá aige leis an tsláinte. Ba cheart bithéagsúlacht a dhéanamh mar ábhar éigeantach ar scoil. Ba cheart tús a chur leis an oideachas sin ar scoil le hábhair shonracha a thugann aghaidh ar na saincheisteanna éiceolaíochta go léir, agus ba cheart go n-áireofaí ann turais allamuigh chun samplaí ábhartha den fhíorshaol a léiriú, ar cheart clár maoiniúcháin a úsáid chun tacú leo.<sup>181</sup>
  - An bhulaíocht agus an ciníochas a chomhrac.
3. Tacú le hoiliúint múinteoirí<sup>182</sup>, foghlaim ó dhea-chleachtais agus teicnící teagaisc atá cothrom le dáta agus atá nuálach agus cruthaitheach a úsáid, a léiríonn dul chun cinn modhanna teagaisc, lena n-áirítear gníomhaíochtaí praiticiúla, ag tógáil freisin ar na ceachtanna atá le foghlaim ó phaindéim COVID-19 agus cineálacha eile géarchéimeanna, chomh maith le deiseanna soghluaisteachta a chur chun cinn.<sup>183</sup>
  4. Chun freastal ar riachtanais oideachais gach linbh agus teaghlaigh, tosaíocht a thabhairt do rochtain ar chrua-earraí agus ar nascacht leathanbhanda éifeachtach.<sup>184</sup>
  5. Ardán faisnéise a chur ar bun chun eolas agus taithí a mhalartú ar fud AE, ina gcomhthiomsaítear faisnéis faoi chúrsaí oideachais agus oiliúna trasnáisiúnta san Aontas Eorpach, ina léireofar samplaí den dea-chleachtas agus ina dtabharfar an deis do shaoránaigh smaointe nua a chur i láthair maidir le malartú trasteorann. Ba cheart go gcuirfí ábhar teagaisc ar fáil faoin athrú aeráide, faoin inbhuanaitheacht, faoi shaincheisteanna comhshaoil agus faoin digitiú, agus faisnéis a sholáthar faoi

---

<sup>179</sup> PSE 1 moltaí uimh. 33 agus uimh. 48. Cumhdaítear é freisin ag an Meitheal um Chlaochlú Digiteach. Féach PSE 1 Moladh uimh. 47 maidir le húsáid shláintiúil an idirlín.

<sup>180</sup> PSE 1 moladh uimh. 5.

<sup>181</sup> PSE 1 Moltaí uimh. 15 agus uimh. 18.

<sup>182</sup> Moladh PSN na hIodáile maidir leis ‘an Eoraip ar fud an domhain’

<sup>183</sup> PSE 1 moltaí uimh. 18 agus uimh. 41 agus moladh PSN na hIodáile maidir le ‘hInfheistíocht a dhéanamh in oiliúint d’oiliúnóirí’.

<sup>184</sup> PSE 1 moladh uimh. 17 a leithdháiltear ina iomláine ar an Meitheal maidir le cúrsaí digiteacha.

fhóiraim speisialaithe atá ann faoi láthair maidir le príomhábhair.<sup>185</sup> D'fhéadfaí é a chur ar fáil mar aon le clár maoinithe chun tacú le húsáid, agus cur chun feidhme na faisnéise ar an ardán.

#### 47. [Togra: Saincheisteanna Eorpacha don aos óg](#)

**Cuspóir:** Ní mór don Aontas agus do na Ballstáit díriú ar riachtanais shonracha daoine óga sna beartais ábhartha uile, lena n-áirítear beartas réigiúnach an Aontais Eorpaigh d'fhonn na dálaí is fearr is féidir a thairiscint dóibh maidir le staidéar agus obair agus maidir le tús a chur le saol neamhspleách, agus ag an am céanna go mbeidh siad rannpháirteach sa saol daonlathach agus sna próisis chinnteoireachta, lena n-áirítear ar an leibhéal Eorpach. Tá ról ríthábhachtach le himirt ag eagraíochtaí don óige. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, molaimid:

#### **Bearta:**

1. Níos mó deiseanna a thairiscint do dhaoine óga agus tacú leis na cláir atá ann cheana maidir le rannpháirtíocht agus ionadaíocht sna próisis dhaonlathacha agus chinnteoireachta ar gach leibhéal, lena n-áirítear trí phainéil saoránach a eagrú freisin le leanaí (e.g. idir 10 agus 16 bliana d'aois) i scoileanna. D'fhéadfadh ionadaithe Eorpacha bualadh le leanaí scoile ina gcuid scoileanna chun gaireacht na saoránach don Eoraip agus a dtuiscint ina leith a neartú ó aois óg.<sup>186</sup> Chun a chinntiú go bhfeicfear an ceapadh beartais ar fad a dhéantar ar leibhéal an AE trí lionsa na hóige, ba cheart 'Tástáil don Aos Óg' AE a fhorbairt ionas go mbeidh gach reachtaíocht agus beartas nua faoi réir measúnú tionchair atá dírithe ar an óige, lena n-áirítear comhairliúchán le daoine óga.
2. Ba cheart vótáil i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa ó 16 bliana d'aois a phlé agus a bhreithniú i gcomhthráth le feabhas a chur ar oideachas saoránachta agus ar oideachas AE. Ba cheart do pháirtithe polaitiúla náisiúnta a áirithiú go gcuirfear iarrthóirí níos óige ar a gcuid liostaí freisin do thoghcháin Pharlaimint na hEorpa.<sup>187</sup>
3. Ullmhú níos fearr a dhéanamh do dhaoine óga chun dul isteach sa saol oibre, deis a thabhairt do mhic léinn ardscoile (ó 12 bhliain d'aois) cuairteanna breathnóireachta ar ardchaighdeán a fháil in eagraíochtaí brabúis agus neamhbhrabúis, i ndlúthchomhar le scoileanna, rialtais áitiúla agus na heagraíochtaí agus na cuideachtaí lena mbaineann.<sup>188</sup> Ba cheart breathnú ar na cuairteanna sin mar chuid de phróiseas gairmthreorach níos leithne san oideachas foirmiúil ionas go mbeidh daoine óga in ann an chéad teagmháil a bheith acu le timpeallacht oibre ghairmiúil ionas gur féidir leo treoshuíomh gairmiúil a fháil agus/nó machnamh a dhéanamh faoi dhul i mbun fiontraíochta.
4. Ba cheart maoiniú níos suntasaí ón Aontas faoin NextGenerationEU a dhíriú ar chur chun feidhme Ráthaíocht Eorpach don Aos Óg atreisithe, lena n-áirítear tuilleadh tiomantais, for-rochtain níos fearr, feabhas ar cháilíocht na tairisceana, an chistithe agus na gníomhaíochta ó na Ballstáit uile, agus leibhéil ábhartha na n-údarás atá rannpháirteach . Ós rud é go bhfuil saineolas ag eagraíochtaí don

<sup>185</sup>PSE 1 moladh uimh. 15. Moladh PSN na Gearmáine maidir le 'Ardán faisnéise le haghaidh malartú eolais agus taithí ar fud an Aontais'.

<sup>186</sup>PSN na Beilge, moltaí 6.1 agus 7.2. PSN na Fraince, Athrú 7.

<sup>187</sup>PSN na Beilge, Moladh 7.2.

<sup>188</sup> PSE 1 moladh uimh. 4.

aos óg ar riachtanais daoine óga, ba cheart do na rialtais náisiúnta comhoibriú i ndlúthchomhar leis na heagraíochtaí sin chun a áirithiú go ndéanfar an Ráthaíocht a sheachadadh ar an mbealach is éifeachtaí.

5. A áirithiú go gcloífidh intéirneachtaí agus poist na ndaoine óga le caighdeáin cháilíochta, lena n-áirítear maidir le luach saothair, deireadh a chur le híosphá don aos óg agus aon fhorálacha idirdhealaitheacha eile de chuid dhlí an tsaothair a bhaineann go sonrath le daoine óga, chomh maith le cosc a chur ar intéirneachtaí neamhíochta ar an margadh saothair agus lasmuigh den oideachas foirmiúil.<sup>189</sup>
6. Caighdeáin mhaireachtála réasúnta a áirithiú do dhaoine óga, lena n-áirítear rochtain ar chosaint shóisialta agus ar thithíocht. Ba cheart go mbeadh rochtain ag daoine óga ar chosaint shóisialta, atá comhionann le haoisghrúpaí eile. Ba cheart rochtain ar thithíocht inacmhainne do dhaoine óga, lena n-áirítear trí mhaoiniú AE, a éascú freisin.<sup>190</sup>
7. Tá gá le beartais shonracha chun imirce daoine oilte ó roinnt réigiún agus tíortha laistigh den Aontas a sheachaint de dheasca easpa deiseanna a bheith ar fáil do dhaoine óga, agus ag an am céanna an Eoraip a dhéanamh níos tarraingtí chun cosc a chur ar dhaoine tréitheacha agus lucht saothair na hEorpa a aistriú go tríú tíortha chun bac a chur ar chomhtháthú críochach, go háirithe maidir leis na limistéir a bhfuil go leor daoine le tallann á gcailleadh acu lena n-áirítear trí mhaoiniú AE.<sup>191</sup>
8. I gcás ina mbeadh géarchéim thromchúiseach ann (e.g. géarchéim sláinte, cogadh), ba cheart pleananna dea-ullmhaithe le cásanna mionsonraithe a bheith réidh le húsáid ar bhealach solúbtha chun an tionchar ar dhaoine óga ina gcuid staidéar, sa ghairmoiliúint, san aistriú chuig margadh an tsaothair agus sa fholláine mheabhrach a íoslaghdú.<sup>192</sup>

#### 48. [Togra: Cultúr agus malartuithe](#)

**Cuspóir: Chun cultúr malartaithe a chur chun cinn agus an fhéiniúlacht Eorpach agus an éagsúlacht Eorpach a chothú i réimsí éagsúla, ba cheart do na Ballstáit, le tacaíocht ón Aontas Eorpach, an méid seo a leanas a dhéanamh:**<sup>193</sup>

##### **Bearta:**

1. Malartuithe Eorpacha a chur chun cinn i réimsí éagsúla, go fisiciúil agus go digiteach araon, lena n-áirítear malartuithe oideachais, nascadh, taisteal agus soghluaisteacht ghairmiúil (lena n-áirítear do mhúinteoirí agus do pholaiteoirí tofa réigiúnacha). Ba cheart rochtain a bheith ag gach duine ar na

<sup>189</sup> Moladh chun moltaí PSE 1 uimh. 1 agus 30 a chomhlánú, moltaí atá cumhdaithe ag an Meitheal um Gheilleagar Níos Láidre, Ceartas Sóisialta agus Poist.

<sup>190</sup> Moladh chun moladh PSE uimh. 25 a chomhlánú, moladh a chumhdaítear leis an Meitheal um Gheilleagar Níos Láidre, Ceartas Sóisialta agus Poist.

<sup>191</sup> PSE 4 moladh uimh. 28. PSN na hÍsiltíre ('Ár bhfís maidir leis an gcultúr, an óige agus an spórt'), moladh 1. PSN na Fraince, Athrú 6.

<sup>192</sup> PSE 1 moladh uimh. 6.

<sup>193</sup> PSN na hÍsiltíre ('Ár bhfís maidir leis an gcultúr, an óige agus an spórt'), moladh uimh. 2.

malartuithe sin ar fud na mBallstát, gan beann ar a n-aois, ar an leibhéal oideachais, ar an gcúlra agus ar na hacmhainní airgeadais atá acu.<sup>194</sup> Leis an aidhm fhoriomlán sin, ba cheart don Aontas, inter alia, cláir malartaithe agus soghluaisteachta ar leibhéal an Aontais atá ann cheana a neartú, amhail an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, Erasmus+ agus DiscoverEU, agus a áirithiú go mbeidh rannpháirtíocht níos forleithne agus níos éagsúla sna cláir sin agus féachaint le gnéithe nua a chur leo freisin, amhail cuspóir breise de sheirbhís shibhialta a chothaítear trí shaorálaíocht (don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach) agus ‘pasanna cultúrtha’ (le haghaidh DiscoverEU). Tá ról lárnach le himirt ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, faoi choimirce Choiste na Réigiún, sa chás sin.

2. An t-ilteangachas a chur chun cinn mar dhroichead chuig cultúir eile ó aois óg. Tá cosaint bhreise de dhíth ar theangacha mionlaigh agus réigiúnacha, agus aird á tabhairt ar Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Teangacha Mionlaigh agus ar an gCreat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint. Ba cheart do AE breithniú ar institiúid a chur ar bun a chuirfeadh an éagsúlacht teanga chun cinn ar an leibhéal Eorpach. Ón mbunscoil ar aghaidh, ba cheart go mbeadh sé éigeantach go sroichfeadh leanaí inniúlacht i dteanga ghníomhach AE seachas a dteanga féin go dtí an leibhéal is airde is féidir. Chun gur fusa do shaoránaigh na hEorpa cumarsáid a dhéanamh le grúpaí níos leithne dá gcomhEorpaigh agus mar ghné den chomhtháthú Eorpach, ba cheart do na Ballstáit foghlaim theanga Bhallstáit chomharsanachta an Aontais i limistéir trasteorann agus caighdeán indeimhnithe i mBéarla a spreagadh.<sup>195</sup>
3. Deiseanna a chruthú chun cultúir na hEorpa a roinnt, daoine a thabhairt le chéile agus iad a bhogadh i dtreo féiniúlacht Eorpach chomhchoiteann, mar shampla trí imeachtaí agus cruinnithe ina mbeidh na spriocgrúpaí go léir páirteach agus a bheidh ar siúl in áiteanna éagsúla. I measc na samplaí ar leith tá ‘Taispeántas Eorpach’ ar laethanta Domhanda na hEalaíne<sup>196</sup>, lena n-áirítear imeachtaí oideachais, nó lá saoire poiblí Eorpach do shaoránaigh uile AE a dhéanamh de Lá na hEorpa (9 Bealtaine).<sup>197</sup>
4. Oidhreacht chultúrtha agus cultúr na hEorpa a chosaint<sup>198</sup>, lena n-áirítear trí aitheantas a thabhairt do shaintréithe cultúrtha agus táirgthe áitiúla agus réigiúnachas<sup>199</sup>, tionscnaimh nua chun í a chosaint agus a cheiliúradh, soghluaisteacht chun malartú na hoidhreacht cultúrtha a chur chun cinn, agus bearta atá ann cheana amhail Eoraip na Cruthaitheachta, Bauhaus Nua na hEorpa, Cláir

---

<sup>194</sup> PSE 1 moladh uimh. 36. PSN na Fraince, Athrú 6. PSN na Beilge, moltaí uimh. 2.10 agus 2.11. PSN na Gearmáine ‘Tuilleadh deiseanna malartaithe a chruthú do mhic léinn san Eoraip’. PSN na hÍsiltíre (‘ár bhfís den chultúr, den óige agus den spórt’), moltaí uimh. 1 agus 3. PSN na hIodáile, moladh maidir le ‘Gníomhú mar chomhchumar idir an tOirthear agus an tIarthar, malartuithe cultúrtha agus comhthionscnaimh chultúrtha a chur chun cinn’

<sup>195</sup> PSE 1 moltaí uimh. 32 agus uimh. 38. PSN na hÍsiltíre (‘Ár bhfís maidir leis an gcultúr, an óige agus an spórt’), moladh uimh. 3.

<sup>196</sup> Moladh PSN na hIodáile maidir leis an ‘Eoraip ar Domhan’

<sup>197</sup> PSN na Fraince, Athrú 7. PSN na Beilge, moltaí uimh. 2.5, 6.1 agus 8.7 PSN na hIodáile, moladh maidir le ‘Feabhas a chur ar luachanna na hEorpa, tréithe cultúrtha chomh maith le sainiúlachtaí réigiúnacha’.

<sup>198</sup> PSN na hÍsiltíre (‘Ár bhfís maidir leis an gcultúr, an óige agus an spórt’), moladh uimh. 2.

<sup>199</sup> Moladh PSN na hIodáile maidir le ‘samhail táirgeachta an 20ú haois a shárú’

Chomhchathracha agus Príomhchathracha Cultúir na hEorpa a chur chun cinn i gcomhréir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

5. Bearta a dhéanamh chun a áirithiú go dtugtar cosaint leordhóthanach do ghairmithe cultúrtha ar leibhéal an Aontais, go háirithe in aon ghéarchéimeanna amach anseo, trí reacht dlí a ghlacadh ar an leibhéal Eorpach.

#### 49. [Togra: An Spórt](#)

**Cuspóir: Tá an spórt ríthábhachtach dár sochaithe - chun ár luachanna, ár saol folláin agus ár n-aosú a chosaint, cultúr malartuithe a chur chun cinn agus chomh maith leis sin éagsúlacht oidhreacht na hEorpa a cheiliúradh. Ar an gcúis sin, ba cheart do na Ballstáit, le tacaíocht ón Aontas Eorpach, féachaint leis an méid seo a leanas a dhéanamh:**

#### **Bearta:**

1. Béim a chur ar luachanna, go háirithe ar chomhionannas inscne, ar chothroime agus ar chuimsitheacht ar féidir iad a léiriú go nithiúil trí chleachtas spóirt ar fud an oideachais.
2. Feasacht a ardú maidir leis na tairbhí sláinte a bhaineann leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht choirp.<sup>200</sup>
3. Áirítear gníomhaíochtaí spóirt i measc na gclár um malartú agus um shoghluaisteacht ar leibhéal an Aontais.<sup>201</sup>
4. Aird níos fearr a thabhairt ní hamháin ar spóirt ghairmiúla agus tráchtála ach ar an spórt áitiúil agus traidisiúnta freisin, mar ghné d'Éagsúlacht Chultúrtha na hEorpa agus de chur chun cinn na hoidhreachta cultúrtha, agus tacaíocht do spóirt i suíomh neamhghairmiúil a chur chun cinn.
5. Ag an am céanna, spreagadh a thabhairt chun féiniúlacht Eorpach a thaispeáint trí níos mó imeachtaí spóirt laistigh den Aontas a eagrú, trí fhoirne spóirt AE a chruthú, nó trí bhratacha nó siombailí AE a thaispeáint ag imeachtaí spóirt Eorpacha.
6. Tuilleadh infheistíochta a dhéanamh in iarrachtaí cumarsáide amhail Seachtain Eorpach an Spóirt chun a chinntiú gur féidir le saoránaigh ó gach cearn den AE tairbhe a bhaint as deiseanna suaitheanta i dteannta a chéile.

---

<sup>200</sup>PSE 1 moladh uimh. 29.

<sup>201</sup> PSE 1 moladh uimh. 36.